



European Asylum Support Office

# Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO 2013

Meitheamh 2014

SUPPORT IS OUR MISSION

1512

Rannpháirtí  
i gcruinnithe  
EASO

2111

Oifigeach  
tearmainn  
oilte

103

Cruinniú  
eagraithe  
ag EASO

15

Tuarascáil  
míosúil agus  
ráithiúia ar staid  
an tearmainn  
san AE

74

Saineolaí  
á n úsáid  
i 35 foireann  
tacaíochta

4

Mhisean  
um thacaíocht  
oibriúcháin  
(an Ghréig,  
an tSualainn,  
an Iodáil agus  
an Bhulgáir)

2108

Doiciméad COI  
curtha ar fáil  
ar an gcomh-  
thairseach COI

154

Seisiún  
oilíúna  
seachadta



*in 2013*

3

Líonra COI  
bunaithe  
ag EASO

2

Shocrú oibre  
curtha i gcrích  
(FRA agus UNHCR)

3

Thionscadal  
sínithe le tríú  
tíortha (an Túinéis,  
Maracó  
agus Iordáin)

24

Comhairliúchán  
leis an tsochaí  
shibhialta

1

Anailís  
chomparáideach  
ar na Balcáin Thiar

SUPPORT IS OUR MISSION



European Asylum Support Office

# Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO 2013

Meitheamh 2014

SUPPORT IS OUR MISSION

***Is seirbhís í An Eoraip Dhíreach chun cabhrú leat freagraí  
a fháil ar do chuid ceisteanna faoin Aontas Eorpach***

**Uimhir shaorghlao (\*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(\*) Tugtar an fhaisnéis seo saor in aisce, le formhór na nglanna freisin (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí teileafóin nó óstán táille a ghearradh ort).

Ghlac an Bord Bainistíochta le Cuid I an 26 Bealtaine 2014  
Ghlac an Bord Bainistíochta le Cuid II an 26 Meitheamh 2014

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (<http://europa.eu>).

ISBN 978-92-9243-246-1  
doi:10.2847/29538

© European Asylum Support Office

Ní féidir freagracht a chur ar EASO nó duine ar bith ag gníomhú ar a son i ndáil leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá cuimsithe anseo.

# Clár Ábhair

|               |   |
|---------------|---|
| Réamhrá ..... | 5 |
|---------------|---|

## CUID I

|   |           |
|---|-----------|
| <b>1. An radharc a shuí: forbairtí ábhartha in 2013 .....</b>   | <b>7</b>  |
| <b>2. Tosaíochtaí EASO in 2013 .....</b>  | <b>8</b>  |
| <b>3. An méid a bhain EASO amach in 2013 .....</b>  | <b>9</b>  |
| 3.1. Oiliúint EASO .....  | 10        |
| 3.2. Cáilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn .....   | 11        |
| 3.3. Faisnéis Tíre Tionscnaimh .....  | 12        |
| 3.4. Liosta EASO de na teangacha ar fáil .....  | 14        |
| 3.5. Comhoibriú praiticiúil EASO .....  | 14        |
| 3.6. Cláir shonracha EASO .....   | 15        |
| 3.6.1. Mionaoisigh neamhthionlactha .....   | 15        |
| 3.6.2. Gáinneáil ar dhaoine .....   | 16        |
| 3.6.3. Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí .....  | 17        |
| 3.7. Tacaíocht speisialta EASO .....  | 18        |
| 3.7.1. Tacaíocht oiriúnaithe agus tógáil acmhainne .....  | 18        |
| 3.7.2. Athlonnú .....   | 19        |
| 3.7.3. Tascfhórsa na Meánmhara .....  | 19        |
| 3.8. Tacaíocht éigeandála EASO .....  | 20        |
| 3.8.1. Plean oibriúcháin don Ghréig .....   | 21        |
| 3.8.2. Plean oibriúcháin don Bhulgáir .....   | 22        |
| 3.8.3. Ullmhacht le haghaidh tacaíochta éigeandála .....  | 22        |
| 3.9. Tacaíocht faisnéise agus anailíse EASO .....   | 23        |
| 3.9.1. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta .....  | 23        |
| 3.9.2. Tuascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach .....                                       | 24        |
| 3.9.3. Tacaíocht tríú tíre EASO .....   | 24        |
| 3.9.4. Athlonnú .....   | 25        |
| 3.9.5. An ghné sheachtrach agus tógáil acmhainne i dtríú tíortha .....  | 25        |
| <b>4. Líonra agus creat EASO .....</b>  | <b>26</b> |
| 4.1. Bord Bainistíochta .....   | 26        |
| 4.2. Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach ..... | 28        |
| 4.3. Comhoibriú le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile .....   | 29        |
| 4.4. Comhoibriú leis na tíortha comhlachaithe .....   | 30        |
| 4.5. Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí AE .....   | 30        |
| 4.6. Fóram Comhchomhairleach agus comhoibriú le páirtithe leasmhara eile .....                                  | 31        |
| 4.7. Eagraíocht EASO .....  | 32        |
| 4.7.1. Measúnú inmheánach agus seachtrach EASO .....  | 34        |

## CUID II

|   |           |
|---|-----------|
| <b>1. Bloic thógála ionsar dhearbhu ráthaíochta .....</b>   | <b>37</b> |
| 1.1. Bloc tógála 1: Measúnú ag an mbainistíocht .....   | 37        |
| 1.2. Bloc tógála 2: Torthaí ó iniúchtaí 2013 .....  | 37        |
| 1.2.1. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh inmheánach .....  | 37        |
| 1.2.2. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh seachtrach .....  | 40        |
| 1.3. Bloc tógála 3: Obair leantach maidir le háirithintí agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh iniúchtaí ó bhlianta roimhe sin ..... | 41        |
| 1.4. Bloc tógála 4: Ráthaíocht faighte ó oifigigh údarúcháin eile i gcásanna fhotharmligean crosáilte .....                             | 41        |
| <b>2. Dearbhú ráthaíochta ón stiúthóir feidhmiúcháin .....</b>  | <b>42</b> |

|           |  |           |
|-----------|--|-----------|
| <b>3.</b> | <b>Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascálacha buiséadacha agus tuarascálacha bainistíochta airgeadais 2013</b> | <b>42</b> |
| 3.1.      | Réamhrá  | 42        |
| 3.1.1.    | Réamhrá gearr  | 42        |
| 3.1.2.    | Creatlach dlíthiúil  | 43        |
| 3.1.3.    | Prionsabail chuntasaíochta   | 44        |
| 3.1.4.    | Deimhniú an oifigh chuntasaíochta  | 46        |
| 3.2.      | Ráitis airgeadais 2013   | 46        |
| 3.2.1.    | Clár comhardaithe  | 46        |
| 3.2.2.    | Cuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana  | 48        |
| 3.2.3.    | Sreabhadh airgid   | 48        |
| 3.2.4.    | Ráiteas ar athruithe i nglansócmhainní   | 49        |
| 3.2.5.    | Cuntas buiséid i ndeireadh bliana  | 49        |
| 3.2.6.    | Réiteach an chuntais tháirgeachta eacnamaíoch agus an chuntais tháirgeachta bhuiséid                             | 50        |
| 3.3.      | Iarscríbhinn leis na ráitis airgeadais   | 51        |
| 3.3.1.    | Nótaí leis an gclár comhardaithe   | 51        |
| 3.3.2.    | Nótaí a ghabhann leis an gcuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana  | 55        |
| 3.3.3.    | Dlíteanais theagmhasacha   | 56        |
| 3.3.4.    | Páirtithe gaolmhara  | 56        |
| 3.3.5.    | Nochtuithe suntasacha eile   | 56        |
| 3.3.6.    | Imeachtaí i ndiaidh dáta an chláir chomhardaithe   | 57        |
| 3.4.      | Tuairiscí ar chur chun feidhme an bhuiséid 2013  | 57        |
| 3.4.1.    | Prionsabail bhuiséid   | 57        |
| 3.4.2.    | Buiséad 2013 — an buiséad tosaigh, an buiséad arna leasú agus aistrithe  | 58        |
| 3.4.3.    | Buiséad 2013 — feidhmiú  | 62        |
| 3.4.4.    | Feidhmiú buiséadach — tabhairt anonn ó 2013 go 2014  | 72        |
| 3.5.      | Tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais 2013   | 77        |
| 3.5.1.    | Creatlach dlíthiúil  | 77        |
| 3.5.2.    | Cur chun feidhme an bhuiséid 2013  | 77        |
| 3.5.3.    | Aistrithe faofa ag an oifigeach údarúcháin   | 78        |
| 3.5.4.    | Bainistiú airgeadais   | 86        |
| 3.5.5.    | Iarscríbhinní  | 86        |

# Réamhrá

Léiríonn *Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO 2013* na gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag an nGníomhaireacht in 2013 agus na háiseanna a mbaineadh úsáid astu chuige sin.

Tá an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil roinnte in dhá chuid:

- Cuimsíonn Cuid I faisnéis ar chur i bhfeidhm chlár oibre EASO le linn 2013;
- Áirítear i gCuid II faisnéis maidir leis na cuntais, an tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais, na rialuithe inmheánacha arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht agus na hiniúchtaí inmheánacha agus seachtracha curtha i gcrích i rith na bliana tagartha, mar aon le faisnéis i leith rochtain ar dhoiciméid agus ar fhoilseacháin EASO.

Lena chois sin ionchorpraíonn Cuid II dearbhú ráthaíochta ón stiúthóir feidhmiúcháin, ina shonraíonn sé go bhfuil dearbhú réasúnta aige go dtugann an fhaisnéis atá cuimsithe sa tuarascáil léargas fíor agus cothrom ar cibé an úsáideadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí chun na críche a beartaíodh dóibh i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus go dtugann na rialuithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart bunúsach.

I gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de rialachán EASO agus Airteagal 47 de rialachán airgeadais EASO, ghlac an Bord Bainistíochta cuid I den tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2013 an 26 Bealtaine 2014. Tar éis réamhbhreithnithe na Cúirte Iniúchóirí a fháil, dréachtaíodh na cuntais deiridh ag cur ar chumas an Bhoird Bhainistíochta Cuid II den tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2013 a ghlacadh an 26 Meitheamh 2014.

Leanann an tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil an cur chuige coiteann ar ghníomhaireachtaí díláraithe AE agus a threochlár a mholann tuarascáil bhliantúil aonair chomhdhlúite a tháirgeadh.

Táthar tar éis an tuarascáil a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, lena náirítear an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS), agus an Chúirt Iniúchóirí.

Cuirfean an tuarascáil ar fáil go poiblí agus aistrefar í i dteangacha oifigiúla uile an AE.





# CUID I

## 1. An radharc a shuí: forbairtí ábhartha in 2013

Is ionann AE agus limistéar aonair inar cheart go mbeadh Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) ag seasamh le ceart chun tearmainn, agus é mar aidhm stádas iomchuí a thairiscint d'aon náisiúnach tríú tíre le cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

Le blianta beaga anuas tá obair thábhachtach déanta chun CEAS a fhorbairt d'fhonn an beartas, na hionstraimí dlíthiúla agus tacaíochta airgeadais i réimse an tearmainn a fhorbairt.

Mar a luadh i dTuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2013, ba i mbliana a tai-feadh an leibhéal is airde iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san AE-28 ó cuireadh tús le sonraí a bhailiú in 2008, le 434 160 duine cláraithe anois. Ba í an staid san Afganastáin, sa Phacastáin, i gCónaidhm na Rúise, sa tSiria agus i dtíortha na mBalcán Thiar, mar aon le staideanna eile coinbhleachta, sceimhlitheoireachta nó géarleanúint grúpaí sonracha, agus cúiseanna eile nach iad, an chúis gur fhág daoine a dtír dhúchais agus gur lorg siad tearmann i mBallstát AE in 2013. Le cois an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith ag dul i méid, bhí sreafaí imirce chuig an AE cláraithe freisin, go háirithe, ag teorainneacha theas agus thoir de Bhallstáit AE. D'éiligh na himeachtaí tragóideacha a tharla amach ó chósta Lampedusa an 3 Deireadh Fómhair 2013, tráth ar cailleadh breis is 300 duine nuair a d'iompaigh bád béal faoi, freagairt níos fearr ón AE, freagairt a bhí mar bhonn le cruthú Thascfhórsa na Meánmhara agus í mar aidhm cur le dlúthpháirtíocht agus comhordú gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí i réimse na bainistíochta teorainneacha, cuardaigh agus tarrthála, imirce agus tearmainn.

San am céanna, cuireadh críoch i Meitheamh 2013 le glacadh le pacáiste tearmainn athmhúnlaithe AE, pacáiste ina raibh an treoir nósanna imeachta tearmainn athmhúnlaithe, an treoir glactha athmhúnlaithe, rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath agus rialachán athmhúnlaithe Eurodac. Sa dara céim de na hionstraimí foráiltear an bunús dlí do chomhchuíbhíú feabhsaithe agus bunaítear caighdeán níos airde, agus ar an tslí sin, cinntítear gur ann do stádas aonfhoirmeach, coinníollacha coiteanna agus gnéithe coiteanna ar ardchaighdeán i nósanna imeachta tearmainn dóibh siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Ina theannta sin, sannadh tasc tábhachtach nua ar EASO in Airteagal 33 de rialachán athmhúnlaithe Bhaile Átha Cliath, eadhon cur le cur i bhfeidhm na meicníochta luathrabhaidh, ullmhachta agus bainistíochta géarchéime. I gcomhréir leis an bhforáil seo, tá EASO sainordaithe chun faisnéis agus anailís maidir le sreafaí iarrthóirí tearmainn chuig an AE agus cumas na mBallstát freastal orthu a sholáthar.

Ina theannta sin, i rith 2013, thángthas ar chomhaontú maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2014-20, creat inar sonraíodh an creat foriomlán don idirbheartaíocht ar an gCiste Nua Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe.

Bhí tionchar díreach ag na forbairtí seo ar obair EASO, ó tharla príomhról a bheith ag an nGníomhaireacht i gcur i bhfeidhm comhtháite, cuimsitheach agus comhsheasmhach phacáiste tearmainn athmhúnlaithe AE, agus ar an tslí sin a chinntiú gur ann i ndáiríre do CEAS. Chuir EASO a cuid dualgas i gcrích d'fhonn tacú le Ballstáit agus le hinstiúidí AE na cuspóirí seo a chur i gcrích trí chomhoibriú oibríochtúil, bearta sárffhorbartha praiticiúla comhoibrithe, oiliúint agus saineolas coiteann, anailís choiteann, agus ionchur beartais choiteann faisnéise agus fianaise-bhunaithe. Chomh maith leis sin, tá tuilleadh forbartha déanta ag EASO ar a gníomhaíochtaí chomh fada is a bhaineann le réimse seachtrach obair CEAS trí chomhoibriú le tríú tíortha i réimse an tearmainn. Chuir EASO tuilleadh feabhais ar a líonra comhoibrithe, go háirithe le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE, mar aon le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí achomhairc Eorpacha agus náisiúnta, an saol acadúil, agus eagraíochtaí idir-rialtasacha agus na sochaí sibhialta i réimse an tearmainn agus na himirce.

In 2013 thug EASO sainmhíniú freisin ar an bhfís agus na tosaíochtaí dá cuid don tréimhse 2014–16 le glacadh a céad chlár oibre ilbhliantúil <sup>(1)</sup>.

Chomh fada is a bhaineann le heagraíocht inmheánach, ba í 2013 an chéad bhliain oibriúcháin ag EASO tar éis di neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach. Ó tharla go bhfuil EASO fós sa chéim thionscnaimh, bhí tionchar ag sriantacht bhuiséid ar EASO, sriantacht a raibh laghdú ar na hacmhainní daonna agus buiséid a rabhthas ag súil leo ag an tús mar thoradh léi. In 2013, bhí 71 bhall foirne ag EASO agus bhí an buiséad a bhí aici cothrom le EUR 12 mhilliún i leithreasaí gealltanais agus EUR 10.5 milliún i leithreasaí íocaíochta.

## 2. Tosaíochtaí EASO in 2013

Mar a luadh roimhe seo, is é misean EASO cabhrú le cur i bhfeidhm agus forbairt CEAS trí thacaíocht agus comhoibriú praiticiúil a sholáthar i measc Ballstát mar ionad neamhspleách saineolais ar thearmann a éascú, a chomhordú agus a neartú.

In 2013, dhírigh EASO ar na tascanna seo a leanas:

- tacaíocht phraiticiúil agus theicniúil a sholáthar do Bhallstáit agus d’institiúidí AE;
- tacaíocht oibríochtaí a sholáthar do Bhallstáit a bhfuil riachtanais shonracha acu agus do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus glactha mar gheall ar eachtraí a tharlaíonn go tobann agus daoine a bheith ag teacht chomh fada lena ndlínse gan choinne;
- ionchur eolaíoch a sholáthar do cheapadh beartas agus reachtaíocht AE i ngach limistéar a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar thearmann agus imirce.

I gcomhréir lena misean agus tascanna, leag *Clár oibre EASO 2013* amach na cúig thosaíochtaí seo a leanas don bhliain thagartha:

- tacaíocht éigeandála oibriúcháin a sholáthar do na córais tearmainn sa Ghréig agus i mBallstáit eile i ngátar;
- córas luathrabhaidh agus ullmhachta (EPS) AE saincheaptha ar chúrsaí tearmainn a fhorbairt, agus anailís treochta tearmainn agus cásanna riosca a sholáthar;
- breis forbartha a dhéanamh ar ardchaighdeán oiliúna tearmainn choiteann ar fud an AE;
- leibhéal coiteann um fhaisnéis tíre tionscnaimh (COI) a sholáthar ar fud an AE agus tuarascálacha COI rialta a sholáthar;
- comhdhlúthú a dhéanamh ar eagraíocht EASO.

I bhfianaise an nádúir atá le hobair EASO agus an gá atá ann freagairt ar bhonn tráthúil agus réamhghníomhach i dtaca le cásanna, cúinsí agus tosaíochtaí athraitheacha, tugadh an tsolúbthacht don stiúrthóir feidhmiúcháin freagairt go cuí le linn an chláir oibre 2013 a chur chun feidhme.

<sup>(1)</sup> Tá *EASO multiannual work programme 2014–16* [Clár oibre ilbhliantúil EASO 2014–16] ar fáil ag: <http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Multi-annual-work-programme-2014-2016.pdf>

### 3. An méid a bhain EASO amach in 2013

| Príomhfhigiúirí EASO in 2013   |
|--|
| <p>2 111 oifigeach tearmainn oilte faoi chlár oiliúna EASO.<br/> 154 seisiún oiliúna seachadta.<br/> 6 mhodúl oiliúna EASO nuashonraithe.<br/> 2 mhodúl oiliúna EASO nua agus 2 lámhleabhar oiliúna forbartha.<br/> 12 tuarascáil mhíosúil, 3 thuarascáil ráithiúil agus an Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2012.<br/> 2 108 doiciméad nua COI curtha ar fáil tríd an gcomh-thairseach COI Eorpach.<br/> 3 líonra COI saincheaptha cruthaithe ar an bPacastáin, an tSomáil agus an tSiria.<br/> Anailís chomparáideach ar na Balcáin Thiar glactha.<br/> 103 cruinniú eagraithe (e.g. comhoibriú praiticiúil, COI-sainiúil, téamach, oibriúcháin).<br/> 1 512 rannpháirtí i gcruinnithe EASO.<br/> Foilseachán EASO ar mheasúnú aoise eisithe.<br/> 100 rialú Eorpach agus náisiúnta ar léirmhíniú Airteagail 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí bailithe agus scaipthe.<br/> 74 saineolaí á n-úsáid laistigh de 35 foireann tacaíochta tearmainn.<br/> 4 phlean tacaíochta oibriúcháin sa Bhulgáir, sa Ghráig, san Iodáil agus sa tSualainn á gcur chun feidhme.<br/> 8 ngníomh arna gcur in áirithe le haghaidh EASO laistigh de Thascfhórsa na Meánmhara.<br/> 3 thír (an Iordáin, Maracó agus an Túinéis) clúdaithe ag tionscadal na hIonstraime Eorpaí um Chomharsannacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI) EASO.<br/> Inisealacha curtha le 4 shocrú leis na tíortha comhlachaithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilbhéis)<br/> 2 shocrú oibre curtha i gcrích (le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus Ard-Choimisinéir na NA le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)).<br/> 24 comhairliúcháin eagraithe leis an tsochaí shibhialta.</p> |

I gcomhréir leis na tosaíochtaí agus leis na cuspóirí a sonraíodh i gclár oibre 2013, sholáthair EASO tacaíocht oibríochtúil tráthúil agus cuimsitheach do Bhallstáit, agus tugadh aird ar leith ar an mBulgáir, an Ghréig, an Iodáil agus an tSualainn. Thosaigh EASO ar EPS a fhorbairt, ina bhfuil anailís ar threochtaí agus faisnéis agus doiciméid bailithe agus malartaithe faoi fheidhmiú CEAS. Os a choinne sin, neartaigh EASO ról na hoiliúna coitinne agus na forbartha gairmiúla i réimse an tearmainn. Thacaigh an Gníomhaireacht le caighdeán na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn a fheabhsú. Lena chois sin, sholáthair EASO COI coiteann. I rith 2013, thosaigh EASO ag obair ar ghné sheachtrach CEAS, go príomha trí ghlacadh lena straitéis gníomhaíochta seachtraí agus rannpháirtíocht i dtionscadal ENPI i gcomhar le Frontex. Os a choinne sin, rinne EASO tuilleadh forbartha ar a líonra comhoibrithe agus spreag sí plé breithiúnach i réimse an tearmainn. Ar deireadh, chomhdhlúthaigh EASO a heagraíocht inmheánach agus a cuid rialuithe inmheánacha.

Chomhlíon EASO na gníomhaíochtaí agus gnóthaíodh torthaí atá leagtha amach anseo thíos.

### 3.1. Oiliúint EASO

| Oiliúint EASO i bhfigiúirí in 2013  |
|---|
| <p>2 111 oifigeach tearmainn oilte faoi churaclam oiliúna EASO.<br/>           154 seisiún oiliúna.<br/>           13 modúl oiliúna EASO.<br/>           13 seisiún um oiliúint don oiliúnóir.<br/>           3 mhodúl nua oiliúna forbartha nó i mbun forbartha.<br/>           6 mhodúl oiliúna nuashonraithe (3 cinn atá tugtha chun críche).<br/>           2 lámhleabhar ar 2 mhodúl oiliúna forbartha.<br/>           ‘Cró oiliúna’ á chur i bhfeidhm.<br/>           Conair nua foghlama deartha (croímhodúil, ardmhodúil agus modúil roghnacha).<br/>           2 chruinniú um oiliúint phointe teagmhála náisiúnta.<br/>           Seimineár teagascach bliantúil EASO.<br/>           Cruinniú grúpa tagartha bliantúil EASO.</p> |

Is ar luachanna coiteanna, caighdeáin chomhroinnte eiticiúla agus ghairmiúla agus muinín fhrithpháirteach idir na gairmithe uile i réimse an tearmainn ag leibhéal náisiúnta agus AE a bhunófar cultúr coiteann dáiríre AE sa réimse tearmainn. Baineann tábhacht le taithe agus le dea-chleachtais a mhalartú i ndáil le cultúr coiteann a fhorbairt san AE, mar aon le hoiliúint choiteann a chur ar ghairmithe i réimse an tearmainn ar fud an AE.

I réimse na hoiliúna agus na forbartha gairmiúla, is í oiliúint choiteann a bheidh mar bhonn le tuiscint choiteann a fhorbairt ar CEAS. Tá an líon Ballstát atá ag baint tairbhe as curaclam oiliúna EASO méadaithe le dhá bhliain anuas ó thosaigh EASO á reáchtáil.

Thacaigh gníomhaíochtaí oiliúna in 2013 le Ballstáit chun scileanna agus cumas na foirne a fhorbairt trí oiliúint choiteann cháilíochtúil. Chuir oiliúint EASO le cur i bhfeidhm comhtháite CEAS trí thacú le leibhéal choiteanna cháilíochta a bhunú ar fud an AE. I gcomhréir leis an gcreat a chruthaigh an straitéis oiliúna ar glacadh léi in 2012, is cur chuige dérian a bhí ag EASO: ar thaobh amháin, d’fhorbair EASO ábhair oiliúna ábhartha; agus ar an taobh eile, d’eagraigh EASO oiliúint bunaithe ar an gcóras um oiliúint don oiliúnóir. Clúdaíonn curaclam oiliúna EASO príomhghnéithe an nós imeachta tearmainn trí 13 modúil idirghníomhacha (?) a bhfuil modheolaíocht bunaithe ar fhoghlaim chumaisc mar bhonn leo agus a bhfuil idir sheisiúin ríomhfhoghlama agus aghaidh ar aghaidh san áireamh iontu.

I gcaitheamh na bliana 2013, i ndiaidh glacadh le pacáiste tearmainn athmhúnlaith AE agus an cásdlí éabhlóideach ar leibhéal Eorpach (ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) agus ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU), bhí sé mhodúl reatha faoi réir nuashonruithe, agus cuireadh na nuashonruithe i bhfeidhm ar thrí cinn de na modúil sin i rith na bliana. Lena chois sin, d’fhorbair EASO in 2013 modúl nua ar an CEAS. Mar fhreagairt ar éilimh ó roinnt Ballstát, in 2013 chuir EASO tús le dhá mhodúl nua a fhorbairt: modúl do bhainisteoirí atá ag obair i réimse an tearmainn agus modúl faoi inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh. Ina theannta sin, chuir EASO tús le dhá lámhleabhar a fhorbairt do na modúil oiliúna maidir le cuimsiú agus CEAS. Is í an aidhm atá leis na lámhleabhair oiliúna seo ná feidhmiú mar uirlis tagartha dóibh siúd a bhfuil na seisiúin ar líne agus aghaidh ar aghaidh den mhodúl oiliúna ar leith déanta acu. Beidh úsáid á baint ag cleachtóirí tearmainn as na lámhleabhair seo ó lá go lá trí achoimre a sholáthar de phríomhghnéithe an ábhair oiliúna. Chomh maith leis sin, uirlis a bheidh sna lámhleabhair a chabhróidh le foghlaimeoirí an teolas agus na scileanna atá acu i ndiaidh na hoiliúna a choinneáil i gcuimhne. Agus iad ag obair ó lá go lá beidh deis ag cleachtóirí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu agus na scileanna agus an cumas a sealbhaíodh i rith na hoiliúna a fhorbairt. Ba í EASO a rinne na hábhair oiliúna a fhorbairt agus a nuashonrú le cabhair ó fhoirne ionadaithe ó Bhallstáit agus ó thíortha comhlachaithe a roghnaíodh as measc breis is 180 saineolaí. Lena chois sin, in 2013 thug EASO faoi chomhairliúcháin spriocdhírith le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus na sochaí sibhialta, comhairliúcháin a bhí bunaithe ar ábhair oiliúna. Bhain tábhacht ar leith sa chomhthéacs seo leis an obair a rinne grúpa tagartha arna bhunú ag EASO, grúpa ar a raibh ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, UNHCR, Cumann Idirnáisiúnta Bhreithiúna an Dlí um Dhídeanaithe (IARLJ), Líonra Odysseus agus an Chomhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe

(<sup>2</sup>) Is iad seo a leanas modúil oiliúna reatha EASO: “Treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn”, “CEAS”, “COI”, “Dréachtú agus cinnteoireacht”, “Rialachán Bhaile Átha Cliath”, “Deireadh cosanta”, “Measúnú fianaise”, “Eisiamh”, “Cuimsiú”, “Dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus cearta an duine”, “Agallóireacht Leanaí”, “Teicnící agallaimh” agus “Agallóireacht daoine leochaileacha”. Táthar ag súil go gcuirfidh dhá mhodúl nua le curaclam oiliúna EASO in 2014: “Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh” agus “Bainisteoirí”.

(ECRE), a bhfuil ról tábhachtach aige i bpróiseas forbartha na hoiliúna. Mar shampla, i 2013 rinne grúpa ábhair de shaineolaithe Ballstát agus grúpa tagartha ag cuimsiú an Coimisiún, FRA, UNHCR, ECRE agus IARLJ, athbhreithniú agus nuashonrú ar mhodúl EASO maidir le hagallóireacht leanaí. Dhírigh an nuashonrú ar a chinntiú go raibh forálacha na dtreoracha athmhúnlaithé san áireamh sa mhodúl, gur déileáladh le coincheap leas is fearr an linbh, agus gur tarraingíodh aird ar fhorálacha a bhain go sonrach le leanaí a bhí ábhartha agus agallamh á reáchtáil. Roinneadh an modúl mar dhea-chleachtas i rith comhdhála a eagraíodh leis an gColáiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL) agus mar chuid de thionscadal CREDO de chuid UNHCR. Lena chois sin, reáchtáladh cruinniú bliantúil an ghrúpa tagartha i mí Dheireadh Fómhair 2013.

I Márta 2013, bhunaigh EASO “cró oiliúna”, agus is í an aidhm atá leis an gcró oiliúna ná cabhrú le Ballstáit pleananna agus cuspóirí náisiúnta a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus le EASO chun uirlisí oiliúna a fhorbairt agus tacú le gníomhaíochtaí Ballstát sa réimse seo, agus cuspóirí ábhartha don AE trí chéile a fhorbairt. Bunaithe ar na sonraí tugtha ag Ballstáit maidir le soláthar foirne agus oiliúint, d’fhorbair EASO anailís maidir leis na gníomhaíochtaí oiliúna ag leibhéal AE agus náisiúnta. Chuige sin, i rith na bliana, cuireadh oiliúint ar 2 111 oifigeach tearmainn faoi churaclam oiliúna EASO, ag leibhéal náisiúnta agus ag ceanncheathrú EASO. Eagraíodh 154 seisiúin oiliúna san iomlán, lena náirítear 13 seisiúin um oiliúint don oiliúnóir seachadta ag ceanncheathrú EASO, le 160 oiliúnóirí náisiúnta ag glacadh páirte iontu.

I rith 2013, rinne EASO an chonair foghlama a athdhearadh ionas go mbeadh sí dírithe ar ghníomhaíochtaí foghlama a chur in oiriúint do riachtanais agus do shainiúlacht gach spriocghrúpa féideartha. D’aithin EASO cúig phríomh-spriocghrúpa: cás-oifigigh, bainisteoirí aonaid tearmainn, oifigigh dhlí, taighdeoirí COI agus oifigigh ghlactha. Forbrófar conair foghlama sonraí do gach grúpa. Moltar sraith de chroímhodúil i ngach conair foghlama, modúil a bhfuil ról lárnach acu i bpostfheidhmiú ról sonrach, mar aon le hardmhodúil agus modúil roghnacha. Mhol EASO do gach oifigeach atá páirteach sa spriocghrúpa na croímhodúil a leanúint, córas a chuirfidh le cur i bhfeidhm CEAS trí chomhchuíbhíú príomhoiliúint choiteann i measc oifigeach tearmainn a bhfuil tascanna cosúla á gcur i gcrích acu, beag beann ar a gcultúr oiliúna náisiúnta.

In 2013 chuir EASO tús lena cuid oibre trí dhírú ar chás-oifigigh tearmainn agus conair foghlama a mholadh don spriocghrúpa seo. Ar aon dul le treoir athmhúnlaithé na nósanna imeachta tearmainn agus bunaithe ar an anailís ar na sonraí a fuarthas ón “gcró oiliúna”, mhol EASO go leanfadh cás-oifigigh tearmainn laistigh den AE na croímhodúil “Cuimsiú”, “Teicnící Agallaimh” agus “Measúnú Fianaise”. Seo a leanas a bheidh i gceist sna hardmhodúil – “Agallóireacht daoine leochaileacha”, “Agallóireacht leanaí”, “Dréachtú agus cinnteoireacht”, “Eisiamh”, “COI”, “CEAS”, “Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh” agus “Dlí idirnáisiúnta um dhéanaithe agus cearta an duine”. San áireamh sna modúil roghnacha beidh “Deireadh cosanta”, “Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn”, “Rialachán Bhaile Átha Cliath”, “Treoir maidir le Coinníollacha Glactha” agus “Bainisteoirí”.

Ina theannta sin, reáchtáladh cruinnithe leis na pointí teagmhála náisiúnta oiliúna i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2013, agus eagraíodh an seimineár bliantúil teagascach i mí Dheireadh Fómhair 2013.

## 3.2. Cáilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn

### Obair EASO ar cháilíocht na bpróiseas agus na gcinntí tearmainn i bhfigiúirí

*Forbairt ar mhaitrís cháilíochta EASO.  
4 chruinniú téamach um chomhoibriú praiticiúil.  
Cruinniú na bpointí teagmhála náisiúnta ar cháilíocht.*

Mar a luadh sa roinn roimhe seo, síleann EASO go bhfuil ról lárnach ag malartú taithí agus dea-chleachtas maidir le muinín fhrithpháirteach agus cultúr coiteann AE a fhorbairt i réimse an tearmainn. Dá réir sin, tá obair EASO sa réimse cáilíochta dírithe ar thacú le forbairt fhorchéimnitheach próiseas agus nósanna imeachta ar ardchaighdeán i ngach Ballstát, mar aon le caighdeán na gcinntí tearmainn a fheabhsú tuilleadh.

In 2013, nuair a glacadh le pacáiste nua tearmainn athmhúnlaithé AE, thug EASO faoi ghníomhaíochtaí bunaithe ar cháilíocht agus í mar aidhm aici dea-chleachtais a aithint agus tacú le comhoibriú praiticiúil maidir le roinnt na ndea-chleachtas agus na nuirlisí sin agus í mar aidhm comhleanúnachas i gcur i bhfeidhm ionstraimí dlíthiúla nua CEAS a mhéadú. Cuireadh na gníomhaíochtaí i gcrích i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le hUNHCR.

Dá réir sin, i gcaitheamh 2013, d'éascaigh EASO an malartú seo tríd an mhairís cháilíochta a seoladh in 2012. Is tionscnamh tacaíochta dírithe ar thorthaí é an mhairís seo a bhfuil sé mar aidhm léi gach réimse de CEAS a chlúdach go cuimsitheach. Úsáidtear torthaí na mairíse seo chun tuarascálacha maidir le dea-chleachtais, meicníochtaí agus uirlisí cáilíochta a chur i dtoll a chéile, mar aon le huirlisí cáilíochta EASO a fhorbairt. Chomh maith leis sin, chabhraigh an mhairís cháilíochta chun riachtanais tacaíochta oibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun cabhrú le Ballstáit le cur i bhfeidhm éifeachtach ardchaighdeán ina bpróisis tearmainn a aithint. Mar chuid de chleachtadh mapála na mairíse cáilíochta, rinne EASO liosta tionscadal agus tionscnamh a fhorbairt, a nuashonrú go rialta agus a roinnt ar fud an AE, cleachtadh a raibh sé mar aidhm leis feidhmiú mar bhunachar sonraí cuimsitheach agus buan tionscadal agus tionscnamh a bhfuil sé de chuspóir acu uile cáilíocht a fheabhsú. Clúdaítear ann gnéithe difriúla de CEAS agus is de réir téama atá sé eagraithe, téamaí cosúil le nós imeachta, mionaoisigh, COI nó coinníollacha glactha, agus téamaí eile nach iad.

In 2013 bhí an mhairís cháilíochta dírithe ar phríomhghnéithe na céime cinnití de na nósanna imeachta tearmainn a mhapáil, i.e. agallamh pearsanta, measúnú fianaise, incháilitheacht agus eisiamh.

Chuir seo, d'éagraigh EASO ceithre chruinniú téamach um chomhoibriú praiticiúil, mar aon le cruinniú leis na pointí teagmhála náisiúnta ar cháilíocht. Dhírigh an cruinniú leis na pointí teagmhála náisiúnta ar uirlisí praiticiúla cáilíocht-gaolmhar á bhforbairt ag EASO le tacaíocht ó Bhallstáit AE.

### 3.3. Faisnéis Tíre Tionscnaimh

| COI EASO i bhfigiúirí   |
|---|
| <p>2 108 doiciméad nua COI curtha ar fáil tríd an gcomh-thairseach COI Eorpach.<br/>Cur chuige líonra COI glactha.<br/>2 chruinniú den Líonra COI Straitéiseach.<br/>3 líonra COI saincheaptha cruthaithe ar an bPacastáin, an tSomáil agus an tSiria.<br/>10 gceardlann agus seimineár thír-sonrach (an Afganastáin, Gána, Mailí, an Nigéir, an Phacastáin, Cónaidhm na Rúise, an tSeineagáil, an tSomáil, an tSiria agus na Balcáin Thiar).<br/>Anailís chomparáideach ar na Balcáin Thiar.<br/>2 chruinniú de riarthóirí na comh-thairsí náisiúnta.<br/>Cúrsa oiliúna ar an tairseach COI.</p> |


Áirítear infhaighteacht agus úsáid COI ar ardchaighdeán ar cheann de na clocha coirnéil de chinnteoireacht ar ardchaighdeán agus comhchuibhithe i gcásanna tearmainn. Dá réir sin, is uirlis thábhachtach i dtacú go leanúnach leis an réimse COI é cur i bhfeidhm comhtháite agus comhsheasmhach CEAS. Ar aon dul le pacáiste tearmainn athmhúnaithe an AE, in 2013 thacaigh EASO le forbairt córas cuimsitheach COI don AE, córas a raibh ardú agus comhchuibhiú na gcaighdeán maidir le COI agus ábhair i dteannta le Ballstáit agus le príomhpháirtithe leasmhara eile mar thoradh air (e.g. cúirteanna agus binsí achomhairc, comhlachtaí taighde, eagraíochtaí idirnáisiúnta). Chuir seo, ó tharla cumas a dtáirgeadh COI a bheith san AE agus ina Bhallstáit cheana féin, rinneadh cruthú agus comhthiomsú COI a chuíchóiriú de réir a chéile, agus sa tslí sin, ba é an toradh a bhí ar an gcur chuige líonra a ghlac EASO ná gur tosaíodh ar riachtanais do COI ar leibhéal AE a mhapáil go beacht, rud a chabhraigh chun bearnaí a líonadh agus dúbailt a sheachaint.

Sa chomhthéacs seo, in 2013 lean EASO le COI a sholáthar trí fhorbairt leanúnach na comh-thairsí COI Eorpach ag éascú nascadh bunachar sonraí breise. Forbraíodh an tairseach COI chun cur ar chumas na n-oifigeach tearmainn rochtain a fháil ar raon leathan COI ó phointe iontrála aonair. I 2013, rinneadh cuid den tairseach COI a athdhearadh, agus tá amharc-aithne EASO anois ar fáil. D'éascaigh sé bunachar sonraí oifigiúil COI atá faoi úinéireacht Ballstáit agus tíortha comhlachaithe a nascadh le feidhmchlár gréasáin aonair, agus san am céanna tugadh deis do Bhallstáit nach bhfuil córais ghréasáin acu doiciméid COI a uaslódáil agus a roinnt i limistéar tiomnaithe áitiúil ar a dtugtar an "limistéar uaslódála". I 2013 nascadh cúig bhunachar sonraí náisiúnta COI (an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua agus an tSualainn). I 2013 cuireadh thart ar 2 108 doiciméad COI-gaolmhar ar fáil tríd an gcomh-thairseach COI Eorpach, ag tabhairt líon iomlán na ndoiciméad inrochtana go dtí thart ar 91 500. Bunaíodh líonra de riarthóirí náisiúnta comh-thairsí (NCPAanna) i bhFeabhra 2013. Feidhmíonn NCPAanna mar phointí teagmhála idir a núsáideoirí náisiúnta agus EASO (clárúcháin, ceisteanna ó úsáideoirí, saincheisteanna teicniúla, etc.). Bainistíonn siad a "limistéar uaslódála" féin agus san am céanna cinntíonn siad comhsheasmhacht agus cáilíocht an limistéir seo, nó déanann siad maoirseacht ar nascadh a mbunachar sonraí náisiúnta COI. Ar

deireadh, soláthraíonn siad oiliúint dá núsáideoirí náisiúnta ar an tairseach COI nuair is gá. Eagraíodh cúrsa oiliúna NCPA in Aibreán agus reáchtáladh an dara cruinniú NCPA i mí na Samhna 2013. D'fhonn tacú le NCPAanna a ról a chomhlíonadh, forbraíodh treoirleabhar NCPA agus cuireadh treoirleabhar d'úsáideoirí ar fáil d'fhonn cabhrú leo oiliúint a chur ar úsáideoirí nua. I ndeireadh na dála, bunaíodh Grúpa Comhairleach ag cuimsiú ionadaithe ó na Ballstáit, na tíortha comhlachaithe agus an Coimisiún Eorpach in 2013 d'fhonn taithí maidir le húsáid phraiticiúil na tairsí a roinnt agus an treo ginearálta maidir le forbairt na tairsí a phlé d'fhonn feidhmiúlacht iomlán agus feabhas de réir a chéile a chinntiú.

I 2013 cuireadh tús le cur chuige líonra COI de chuid EASO. Nascann an cur chuige líonra seo gníomhaíochtaí éagsúla COI-gaolmhar EASO i struchtúr comhtháite aonair agus baintear an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as na hacmhainní atá ar fáil. An dá phríomhghné de straitéis líonra COI EASO ná: ar thaobh amháin, líonra straitéiseach COI, ar a bhfuil ceann aonaid nó saineolaithe COI atá freagrach as COI ó gach Ballstát, tíortha comhlachaithe, an Coimisiún Eorpach agus UNHCR; agus ar an taobh eile, sraith líonraí de shaineolaithe sonracha a thugann saineolaithe COI ó Bhallstáit le chéile faoi thír shonrach. Cé gur ag leibhéal straitéiseach a phléann líonra straitéiseach COI saincheistean, déanann na líonraí sonracha faisnéis a roinnt agus cleachtas COI a chomhchuíbhíú ina réimse sonracha saineolais. B'ionann an chéad chruinniú den líonra straitéiseach a reáchtáladh in Aibreán 2013 agus tús an phróisis seo. I rith an chruinnithe seo, agus bunaithe ar mhodheolaíocht cinntiú tíre EASO, cinneadh trí líonra speisialaithe phíolótacha COI a bhunú ar an bPacastáin, an tSomáil agus an tSiria. Maidir le líonra na Siria, reáchtáladh cruinniú tosaigh i Meitheamh 2013, agus maidir leis an tSomáil agus leis an bPacastáin, ba i Meán Fómhair 2013 a reáchtáladh na cruinnithe tosaigh. I ndiaidh comhairliúcháin an líonra straitéisigh, chinn EASO, i mí na Samhna 2013, ceithre líonra nua speisialaithe COI a bhunú in 2014, ag díriú ar an Afganastáin, an Iaráin, an Iaráic agus Cónaidhm na Rúise. Lean na líonraí speisialaithe ag roinnt faisnéise i ndiaidh na gcruinnithe.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc thascanna na líonraí speisialaithe a cruthaíodh: na táirgí reatha agus beartaithe COI ag leibhéal náisiúnta a mhapaíl d'fhonn dúbailt iarrachta a sheachaint; malartú faisnéise maidir le foinsí, leabharliostaí, misin aimsithe fíricí beartaithe, etc.; agus an riachtanas atá le COI ar leibhéal AE agus táirgeadh COI ar leibhéal AE bunaithe ar mhodheolaíocht thuarascáil COI EASO. Cuireadh an fhaisnéis iomchuí bailithe ag a leithéid de ghréasáin ar an gcomh-thairseach COI Eorpach ionas go mbeidh an fhaisnéis ar fáil ag saineolaithe agus cinnteoirí ar fud an AE. Chomh maith leis sin, uirlis thábhachtach a bhí sna líonraí d'fhonn cur le cumas na noifigeach nuacheaptha COI a thosaíonn ag déileáil le tír thionscnaimh shonraigh, mar aon le tíortha atá i mbun a gcumas COI a bhunú faoi láthair agus ar spéis leo a bheith páirteach i roinnt líonraí tír-sonracha d'fhonn tairbhe a bhaint as saineolas atá ar fáil cheana féin. Mheas cur chuige líonra COI tábhacht a bheith leis an saineolas COI atá ar fáil sna Ballstáit cheana féin agus chabhraigh an cur chuige saineolas a chruthú san áit nach raibh saineolas ar fáil. Dá réir sin, cheadaigh an cur chuige líonra corpas de COI coiteann a chruthú de réir a chéile ag freagairt do riachtanais chinnteoirí ar fud an Aontais agus bhí an cur chuige mar bhonn, céim i ndiaidh céime, le caighdeán i réimse riachtanach CEAS a ardú agus a chomhchuíbhíú.



I gcaitheamh na bliana 2013, d'eagraigh EASO 10 seimineár nó ceardlann tír-sonracha faoi chomhoibriú praiticiúil, agus díródh ar COI, ar bheartas nó ar mheascán den dá rud. Dhírigh na seimineáir agus ceardlanna ar an tSiria (Márta agus Meitheamh 2013), na Balcáin Thiar (Márta 2013), Cónaidhm na Rúise (Iúil 2013), an tSomáil (Meán Fómhair 2013) agus an Phacastáin (Meán Fómhair 2013). Os a choinne sin, d'eagraigh EASO seimineár ar COI agus an Nigéir i mí na Samhna 2013 do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí achomhairc san Iodáil i gcomhthéacs phlean tacaíochta speisialta EASO don Iodáil. Reáchtáladh ceardlanna sa Róimh do chinnteoirí chéad chéime maidir le prionsabail COI (Meán Fómhair 2013), faoin Afganastáin agus faoin bPacastáin (Samhain 2013) agus faoi Ghána, Mailí, an Nigéir agus an tSeineagáil (Nollaig 2013). Tugadh tacaíocht oibriúcháin EASO i réimse COI don Ghréig freisin. Seachas seachadadh bileog eolais faoi na tíortha tionscnaimh is coitianta, ar cuireadh tús leo

an bhliain roimhe sin, cuid den tacaíocht a soláthraíodh ba ea anailís ar riachtanais agus treo-chlár do bhunachar sonraí Gréagach COI a d'fhéadfaí a bhunú.

Maidir le staid an tearmainn san AE i ndáil le tíortha sna Balcáin Thiar, i mí na Samhna 2013 chuir EASO tuarascáil i dtoll a chéile dar teideal **Asylum applicants from the western Balkans — Comparative analysis of trends, push-pull factors and responses** [Iarratasóirí ar thearmann ó na Balcáin Thiar — Anailís chomparáideach ar threo-chtaí, tosca brú agus tarraingthe agus freagairtí] <sup>(3)</sup>. Soláthraíonn an anailís chomparáideach faisnéis agus anailís choiteann a d'fhéadfadh cur le gníomhaíochtaí bainteach le COI laistigh de EASO agus ag leibhéal náisiúnta, mar aon le bearta praiticiúla a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Ar deireadh, i measc na ngníomhaíochtaí luaite faoi Roinn 3.1, rinneadh modúl oiliúna EASO maidir le COI a nuashonrú in 2013.

### 3.4. Liosta EASO de na teangacha ar fáil

#### Liosta EASO de na teangacha atá ar fáil i bhfigiúirí in 2013

264 teanga aitheanta sa liosta.

In 2012 bhunaigh EASO liosta de na teangacha atá ar fáil agus é mar aidhm liosta a dhéanamh de na teangacha atá ar fáil go ginearálta d'aistriúchán díreach laistigh de na Ballstáit. IN 2013, rinne EASO an liosta a chothabháil agus a nuashonrú, liosta a chuimsíonn 264 teanga. Dá réir sin, rinneadh liosta na dteangacha atá ar fáil a nuashonrú agus a chur ar fáil do Bhallstáit in Aibreán 2013. Sa ráithe deiridh de 2013, d'éascaigh EASO teagmhálacha don Ghréig agus don Chipir, tíortha a raibh sé curtha in iúl acu gur theastaigh seirbhísí ateangaireachta uathu i dteangacha nach raibh ar fáil ina limistéir riaracháin féin.

### 3.5. Comhoibriú praiticiúil EASO

#### Comhoibriú praiticiúil EASO i bhfigiúirí in 2013

40 gníomhaíocht um chomhoibriú praiticiúil.

Is cuid de chur i bhfeidhm comhtháite CEAS é cleachtais choiteanna. Is ionann comhoibriú praiticiúil agus cleachtais choiteanna agus dualgas éigeantach do EASO. Dá réir sin, i rith 2013 lean EASO le gníomhaíochtaí comhoibrithe praiticiúla a chur i bhfeidhm (tír-sonrach, dlíthiúil agus téamach) agus lena líonraí speisialaithe a neartú.

In 2013, chomhdhlúthaigh EASO coincheap agus modheolaíocht an chomhoibrithe phraiticiúil, mar aon le cur leis an obair a d'fhorbair meitheal sa chéad dá bhliain d'oibriúcháin EASO. Dá réir sin, bhí gníomhaíochtaí uile EASO sa réimse grúpáilte faoi cheannteideal an chomhoibrithe phraiticiúil agus ailínithe le pacáiste tearmainn athmhúnaithe AE i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach.

Laistigh den chreat seo, d'éagraigh EASO 40 gníomhaíocht bunaithe ar chomhoibriú praiticiúil, gníomhaíochtaí a bhfuil tagairt déanta dóibh i ranna eile den tuarascáil.

<sup>(3)</sup> Tá an anailís chomparáideach ar fáil ar líne ag: <http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/BZ0213708ENC.pdf>



## 3.6. Cláir shonracha EASO

### 3.6.1. Mionaoisigh neamhthionlactha

| Gníomhaíochtaí EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha (UAM) i bhfigiúirí in 2013  |
|--|
| <p><i>Foilseachán EASO ar mheasúnú aoise.</i></p> <p><i>4 chruinniú saineolaithe um chomhoibriú praiticiúil ar rianú teaghlaigh.</i></p> <p><i>Taighde EASO ar rianú teaghlaigh.</i></p> <p><i>Comhdháil bhliantúil um chomhoibriú praiticiúil ar mhionaoisigh neamhthionlactha eagraithe.</i></p> |

Rinneadh obair EASO ar mhionaoisigh neamhthionlactha laistigh de chreat phlean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh do mhionaoisigh neamhthionlactha 2010-14, a mholann cur chuige comhchoiteann AE chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le líon mór mionaoiseach neamhthionlactha ag teacht isteach san AE. Tá an plean gníomhaíochta dírithe ar leas an linbh agus leagann sé amach trí phríomhrud le haghaidh gníomhaíochta: cosc, cosaint agus buan réitigh.

In 2013 rinne EASO forbairt bhreise ar a cuid oibre sa réimse sin, go háirithe, trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna téamacha amhail measúnú aoise agus rianú teaghlaigh.

Maidir le measúnú aoise, chríochnaigh EASO ag dréachtú an fhoilseacháin EASO dar teideal *EASO age assessment practice in Europe* [Cleachtas EASO um measúnú aoise san Eoraip] <sup>(4)</sup>. San fhoilseachán, tugtar forléargas ar chleachtais ar fud an AE maidir le measúnú aoise, atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'oifigigh beartais maidir le próisis agus nósanna imeachta measúnaithe aoise a fhorbairt ar aon dul leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS). Forbraíodh an foilseachán i gcomhairle agus i gcomhar le lucht riaracháin na mBallstát, chomh maith le saineolaithe ábhartha eile, ar tugadh an deis dóibh athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar an ábhar, an raon feidhme agus na dréachtleaganacha. Soláthraítear anailís sa tuarascáil ar imthosca um measúnú aoise, nósanna imeachta agus cosaintí, uirlisí agus modhanna measúnaithe aois, próisis chinnteoireachta agus comhar le gníomhaithe eile, agus léirítear príomh-mholtaí sna réimsí sin ar fad.

I dtaca le rianú teaghlaigh, le linn 2013 thionóil EASO ceithre chruinniú saineolaithe um chomhoibriú praiticiúil ar rianú teaghlaigh, a rinne iarracht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna, dúshláin agus dea-chleachtais phríomha atá ar fáil. Ba í an aidhm ná roinnt na faisnéise agus malartú na gcleachtas a éascú. In éineacht leis na Ballstáit, ghlac ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, FRA, UNHCR, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí sna Ballstáit, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD), ECRE agus Fóir ar na Páistí páirt sna cruinnithe. Chomh maith leis sin, in 2013 d'eisigh EASO agus an Coimisiún Eorpach ceistneoir comhpháirteach do na Ballstáit maidir leis an mbeartas agus an gcleachtas atá ann faoi láthair a bhaineann leis an ábhar sin. De bharr an taighde sin, tá tuiscint níos fearr againn ar an gcaoi a bhfuil na Ballstáit ag dul i mbun rianú teaghlaigh i gcleachtas. Ar bhonn na dtorthaí, seoladh comhairliúchán níos leithne le saineolaithe ábhartha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht acadúil, cleachtóirí leighis, comhaltaí de chúirteanna agus de bhinsí agus gníomhaireachtaí eile AE. Beidh na gníomhaíochtaí sin ina mbonn le haghaidh forbheathnú cuimsitheach a fhorbairt maidir leis an gcleachtas reatha um rianú teaghlaigh.



<sup>(4)</sup> Tá an foilseachán ar fáil ar líne ag: <http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-Age-assessment-practice-in-Europe.pdf>

Thairis sin, mar a luadh i Roinn 3.1, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar mhodúl EASO “Agallóireacht Leanaí”. Sa nuashonrú sin, cuireadh san áireamh an tathmhúnú a rinneadh ar phacáiste tearmainn an AE agus forbairt an CEAS. Sa leagan is déanaí den mhodúl, díreann ar conas agallamh a dhéanamh agus leas á bhaint as an modh cumarsáide dialógach a forbraíodh go sonrach chun leanaí a chur faoi agallamh. Leis an teicníc sin, féadfar caidreamh a fhorbairt idir an tagallóir agus an leanbh, rud a fhágann go gcruthaítear timpeallacht shlán mhuiné agus go gcuirtear ar chumas an linbh saorchuntas a thabhairt ar an méid a tharla dó nó di. Tugtar aghaidh sa mhodúl freisin ar fhorálacha a bhaineann go sonrach le leanaí, amhail an ról atá ag an ionadaí, imthosca UAM, an leochaileacht agus déileáil le cásanna deacra.

I mí na Nollag 2013 thionóil EASO a céad chomhdháil bhliantúil a bhain lena cuid gníomhaíochtaí ar leanaí neamhthionlactha, le rannpháirtíocht Bhallstáit AE, an Choimisiúin Eorpaigh, UNHCR, agus bhail na sochaí sibhialta lena náirítear ionadaithe ó chúirteanna agus ó bhinsí. Díriodh sa chruinniú ar an athbhreithniú agus an meastóireacht ar gníomhaíochtaí EASO a rinneadh sa réimse sin go dtí seo.

### 3.6.2. Gáinneáil ar dhaoine

#### Gníomhaíochtaí EASO ar gháinneáil ar dhaoine (THB) i bhfigiúirí in 2013

*Rannpháirtíocht i gcruinnithe na ngníomhaireachtaí um cheartas agus um ghnóthaí baile (CGB).  
2 sheisiún oiliúna i dtaca leis an modúl um agallóireacht daoine leochaileacha.  
Oifigeach tiomnaithe ar THB agus inscne á earcú.*

In 2012 ghlac an Coimisiún Eorpach straitéis AE i dtreo dhíothú na gáinneála ar dhaoine 2012–16. Mar thoradh air sin, is gá dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine ar bhealach ildisciplíneach, comhordaithe agus comhtháite, agus na gníomhaithe ábhartha ar fad a bhíonn ag obair i réimsí éagsúla na gáinneála ar dhaoine a chur san áireamh. Tá sé sin ar aon dul le sainordú chomhordaitheoir frithgháinneála AE, atá ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm na straitéise d’fhonn feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhtháthú idir na gníomhaithe go léir a bhfuil baint acu le dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine.

Ina theannta sin, i nDeireadh Fómhair 2011, shínigh ceannairí na ngníomhaireachtaí CGB ábhartha (CEPOL, EASO, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), Eurojust, Europol, FRA agus Frontex) comhráiteas inar thug siad tiomantas dul i ngleic le THB ar bhealach comhordaithe, comhtháite agus cuimsitheach.

Sa chomhthéacs sin, in 2013 ghlac EASO páirt i gcruinnithe éagsúla de chuid na ngníomhaireachtaí CGB chun cur chun cinn a dhéanamh ar mhalartú faisnéise agus ar chomhordú na ngníomhaíochtaí oibríochtúla i gcomhthéacs straitéis AE.

Dhírigh EASO freisin in 2013 ar dhaoine leochaileacha laistigh de rabhartaí inimirce measctha mar chuid dá gníomhaíochtaí chun tacú le feidhmiú comhleanúnach, cuimsitheach ar an CEAS. Tá sainról ag íospartaigh féideartha THB mar dhaoine leochaileacha sa phróiseas tearmainn. D’fhonn a chinntiú go mbeidh leibhéal níos airde feasachta ag oifigigh tearmainn maidir le híospartaigh THB a bhrath agus a atreorú, bíonn uirlisí agus faisnéis ina gcuid de bhosca uirlisí EASO, go háirithe maidir le modúil agus lámhleabhair oiliúna, lena náirítear an modúl faoi agallóireacht daoine leochaileacha. Eagraíodh dhá sheisiún spriocdhírthe um oiliúint-don-oiliúnóir i gcomhair an mhodúil sin in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair 2013.

I mí na Nollag 2013, thosaigh EASO ag forbairt modúl oiliúna nua ar “Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh”, ina dtabharfar aghaidh ar fheiniméan sain-inscne na gáinneála ar dhaoine.

Ar deireadh, d’fhostaigh EASO oifigeach tiomanta ar THB agus ar inscne ar conradh in 2013, a dhéanfaidh comhordú ar obair EASO sa réimse sin, a dhéanfaidh príomhshruthú ar dhearcadh na ndaoine leochaileacha i ngach réimse d’obair EASO agus a thacóidh le comhleanúnachas sa réimse sin.

### 3.6.3. Comhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

#### Comhoibriú EASO le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí i bhfigiúirí in 2013

*4 chruinniú comhairleach le cumainn bhreithiúnach (ar straitéis, forbairt ghairmiúil, bailiú agus scaipeadh na dlí-eolaíochta agus tógáil acmhainne i gcomhthéacs oibríochtaí EASO).  
Creatlach ar chomhoibriú le cúirteanna agus binsí bunaithe.  
Líonra um chomhaltaí Eorpacha agus náisiúnta na gcúirteanna agus na mbinsí leagtha amach.  
Ard-cheardlann ar chur i bhfeidhm Airteagal 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí.  
3 sheimineár do bhreithiúna na hIodáil (COI ar an Nigéir, ar mheasúnú fianaise agus ar inchreidteacht, agus teicnící agallaimh).  
100 rialú Eorpach agus náisiúnta ar léirmhíniú Airteagal 15(c) den treoir maidir le cáilíochtaí bailithe agus scaipthe.  
Cruinniú pleanála agus comhordaithe bliantúil.  
Ionchur saineolach do 6 imeacht sheachtracha um thógáil acmhainne, lena náirítear 2 cheardlann TAIEX do bhreithiúna dlí um dhéanaithe, an chomhdháil deiridh de chuid an tionscadail CREDO, cruinniú meithle de Chumann Bhreithiúna Riaracháin na hEorpa (AEAJ), agus comhdháil chaibidil Eorpach an IARLJ.*

Le linn na bliana 2013, lean EASO leis an gcomhairliúchán oscailte a tionscnaíodh in 2012 ar thacaíocht na Gníomhaireachta agus ar an ról ar féidir a bheith ag lucht cinnteoireachta an dara céim maidir le cur chun feidhme an CEAS. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, reáchtáil EASO ceithre chruinniú meithle sainiúil. De bharr an chomhairliúcháin, spreagadh glacadh chreat EASO ar an gcomhoibriú le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí, ina ndéantar rianú ar an gcur chuige atá aici agus ina sainítear príomhréimsí an chomhoibrithe sin. Le glacadh an chreata sin, neartaigh EASO an tiomantas atá aici a chinntiú go dtabharfar faoina cuid gníomhaíochtaí comhoibrithe phraiticiúil le meas iomlán ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus na mbinsí.

I mí Lúnasa 2013, chuaigh EASO go dtí cúirteanna agus binsí ábhartha sna Ballstáit chun an creat sin a chur i láthair, agus mar thoradh bunaíodh líonra EASO atá comhdhéanta d'ionadaithe ón CJEU, EctHR, na Ballstáit, an Iorua agus an Eilvéis, a d'ainmnigh duine teagmhála ar bhonn foirmiúil dá gcomhoibriú le EASO. Ina theannta sin, rinne EASO comhdhlúthú freisin ar an dea-chomhoibriú atá aici leis an IARLJ agus an AEAJ trí mhalartú foirmiúil litreacha agus lean sí dá comhar leis an UNHCR, leis an FRA, le lucht acadúil, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe ábhartha eile ar nós Líonra Oiliúna Breithiúnach na hEorpa (EJTN).

I Meitheamh 2013, thionóil EASO a céad chruinniú déthaobhach foirmiúil le comhaltaí an CJEU agus an EctHR chun comhoibriú maidir le gnóthaí tearmainn a chur chun cinn agus a rannpháirtíocht i líonra EASO a chothú. Thairis sin, ghlac EASO páirt sa mheitheal tearmainn agus inimirce de chuid an AEAJ i Meán Fómhair agus i gcomhdháil de chaibidil na hEorpa den IARLJ i mí Dheireadh Fómhair. Ar deireadh, ghlac EASO páirt i seimineár ar dhlí tearmainn an AE a d'eagraigh an fo-mheitheal EJTN ar an dlí riaracháin.

I mí na Nollag 2013, thionóil EASO a cruinniú bliantúil chun dul chun cinn a mheas agus comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí a chur i mbun na pleanála gníomhaíochtaí do 2014.

Maidir le forbairt ghairmiúil, chuir EASO ar bun an chéad ardcheardlann dá cuid i mí na Nollag, ceardlann a bhí dírithe ar dhíospóireacht a spreagadh i measc comhaltaí cleachtacha cúirteanna agus binsí ar chur i bhfeidhm Airteagal 15(c) den treoir um cháilíocht. Ina theannta sin, tá dul chun cinn déanta ag EASO agus í ag ullmhú a modheolaíocht maidir le forbairt curaclaim ghairmiúil a ghlacfar in 2014.

Maidir le bailiú agus malartú dlí-eolaíochta, i gcomhthéacs tionscnaimh níos leithne ar fhorbairt a dhéanamh ar chóras faisnéise agus doiciméadaithe EASO agus bunachar sonraí cásdlí, bhailigh EASO dlí-eolaíocht, lena náirítear thart ar 100 cinneadh Eorpach agus náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(c) den treoir um cháilíocht, atá scaipthe ar fud líonra EASO. Cuirtear forbhreathnú úsáideach ar fáil sa bhailiúchán ar bhreis is 100 cinneadh Eorpach agus náisiúnta faoin ábhar sin.

Laistigh de chomhthéacs an phlean tacaíochta speisialta don Iodáil, thug EASO faoi mheasúnú riachtanas cuimsitheach le tacaíocht ó bhreithiúna na hIodáil, ar forbraíodh plean gairmiúil dá bharr. Áiríodh leis an bplean, a forbraíodh i ndlúthchomhar le Scoil Bhreithiúna na hIodáil, eagrú trí threoirsheimineár i Málta ar mheasúnú fianaise agus ar inchreidteacht (Deireadh Fómhair 2013), ar COI (Samhain 2013) agus ar theicnící agallaimh (Nollaig 2013). Trí mheasúnú dearfach ar na seimineáir sin, deimhníodh go leanfaí leis an tacaíocht ó EASO le heagrú cúrsa mar chuid de chlár oifigiúil scoil na hIodáil in 2014.

Ina theannta sin, ghlac EASO páirt in dhá cheardlann de chuid na hionstraime um Chúnadh Teicniúil agus Malartú Faisnéise (TAIEX) i gcomhthéacs an bheartais um méadú an AE. In Aibreán 2013 cuireadh ar bun ceardlann ar chomhoibriú réigiúnach idir breithiúna an dlí um dhídeanaithe i Scóipé (Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine), agus eagraíodh ceardlann eile i Sairéavó (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) i mí na Bealtaine 2013 maidir le dea-chleachtais in úsáid an COI in imeachtaí tearmainn i measc cleachtóirí ón réigiún.

## 3.7. Tacaíocht speisialta EASO

### 3.7.1. Tacaíocht oiriúnaithe agus tógáil acmhainne

#### Tacaíocht oiriúnaithe agus tógáil acmhainne i bhfigiúirí in 2013

*2 phlean tacaíochta speisialta i mbun feidhme (an Iodáil agus an tSualainn).  
Oiliúint shainiúil seachadta ar 2 mhodúl EASO don tSualainn.  
25 saineolaí á núsáid laistigh de 10 bhfoireann tacaíochta tearmainn san Iodáil.  
6 cheardlann téamach ar rialachán Bhaile Átha Cliath agus ar COI don Iodáil.  
Mapáil na bpróiseas agus an chórais fáiltithe san Iodáil.  
3 sheimineár do bhreithimh na hIodáile (measúnú fianaise agus inchreidteacht, teicnící agallaimh agus COI, le béim ar leith ar an Nigéir).*

I gcaitheamh na bliana 2013, rinne EASO forbairt bhreise ar a cuid bearta tacaíochta speisialta i bhfoirm bearta atá dírithe ar na Ballstáit a bhfuil riachtanais aitheanta agus shonracha áirithe acu a bhaineann le cur chun feidhme pacáiste tearmainn athmhúnlaithe AE.

Dá bharr sin, chuir EASO cúnadh oiriúnaithe ar fáil don tSualainn agus don Iodáil i gcomhthéacs pleananna tacaíochta speisialta a síníodh i mí na Nollag 2012 agus i Meitheamh 2013, faoi seach. Tugadh an tacaíocht sin i gcomhréir leis an iarraidh ó na Ballstáit sin agus leis an measúnú a rinne EASO, a bhí bunaithe, i measc eile, ar anailís a bhí déanta aici laistigh den EPS.

Thairis sin, síníodh plean oibriúcháin EASO leis an mBulgáir i nDeireadh Fómhair 2013, lenar áiríodh bearta éigeandála agus bearta struchtúracha agus oiriúnaithe araon. Gan dochar do chineál éagsúil na mbeart, tugtar tuairisc ar na gníomhaíochtaí go léir a cuireadh i bhfeidhm in 2013 faoin bplean oibriúcháin sin don Bhulgáir i Roinn 3.8 “Tacaíocht éigeandála”.

### Plean tacaíochta speisialta don tSualainn

Tar éis iarratais ón tSualainn, síníodh plean tacaíochta speisialta de chuid EASO i mí na Nollag 2012. Bhí sé ina chuspóir ag an bplean cabhrú leis an tSualainn a córas tearmainn a threisiú le níos mó pearsanra arna noiliúint faoi chlár oiliúna EASO. Dá bhrí sin, chuir EASO tacaíocht speisialta ar fáil don tSualainn trí sheisiúin um oiliúint-don-oiliúnaí a sheachadadh i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2013 ar dhá mhodúl de chuid EASO: “Cuimsiú” agus “Dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus cearta an duine”.

### Plean tacaíochta speisialta don Iodáil

I gcás na hIodáile, chuir údarás na hIodáile iarratas isteach chuig EASO an 7 Nollaig 2012. An 13 Nollaig, chinn EASO tacaíocht a chur ar fáil d’fhonn feabhas a chur ar chóras tearmainn agus glactha na hIodáile chun teacht le pacáiste tearmainn athmhúnlaithe AE agus ar bhonn na riachtanas a aithníodh agus an mheasúnaithe ar chúrsaí i gcóras tearmainn agus glactha na hIodáile, lena náirítear na sonraí a raibh fáil orthu in EPS EASO.

Síníodh plean tacaíochta speisialta EASO i gcomhair na hIodáile an 4 Meitheamh 2013 agus cuimsíodh ann 45 gníomhaíocht tacaíochta, de



Síniú an Phlean Oibriúcháin leis an Iodáil, Málta, 4 Meitheamh 2013.

chineál teicniúil agus oibríochtúil, chun cabhrú le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na hIodáile ar na hionstraimí dlíthiúla CEAS athbhreithnithe. Comhaontaíodh leasú ar an bplean i Meán Fómhair 2013 ionas go náireofaí bearta breise leis. Táthar ag súil go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa phlean á gcur i bhfeidhm sa tréimhse Meitheamh 2013–Nollaig 2014.

Bunaíodh foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn ar a raibh saineolaithe na mBallstát agus EASO le linn 2013, d'fhonn tacú leis an Iodáil maidir le COI, le hatreisiú na gcumas anailíseach agus chóras Bhaile Átha Cliath, le coinníollacha cáilíochta in ionaid glactha, le nósanna imeachta oibríochtúla i gcomhair na hacmhainne éigeandála agus maidir le tuilleadh tacaíochta do chásanna achomhairc. IN 2013, cuireadh 25 saineolaí san iomlán chun na hIodáile i 10 bhfoireann tacaíochta do chúrsaí tearmainn d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm an phlean tacaíochta speisialta.

Chuir foirne tacaíochta EASO tús le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí i Meán Fómhair 2013. Tugadh tacaíocht i ndáil le bailiú sonraí agus acmhainn anailíse na hIodáile. I dtaca leis sin, bhí misean faisnéise agus cruinniú ar siúl go luath i Samhain na bliana 2013. Tugadh tacaíocht COI i dtrí cheardlann fis-chomhdhála do lucht cinnteoireachta na hIodáile um chúrsaí tearmainn, le fócas ar leith ar Mhailí, Gána, an Nigéir agus an tSeineagáil, ar an leibhéal críochach agus ar an leibhéal lárnach araon, le linn na ráithe deiridh de 2013. Thacaigh EASO leis an Iodáil freisin le tuarascáil theicniúil ar riachtanais a bhain le córas Bhaile Átha Cliath maidir le bonneagar, foireann agus acmhainn san Aireacht Intíre, chomh maith le plean oiliúna ar an gcóras DubliNet, nósanna imeachta chóras Bhaile Átha Cliath agus an láimhseáil is fearr ar na cásanna leochaileacha. Eagraíodh trí cheardlann théamach maidir le bainistíocht agus cur chun feidhme praiticiúil nósanna imeachta rialachán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna agus mí na Nollag 2013.

Cuireadh ar siúl cleachtadh mapála maidir le coinníollacha glactha agus an gá le caighdeán cháilíochta an chórais glactha a chomhdhlúthú i nDeireadh Fómhair 2013. Ar deireadh, mar a luadh níos luaithe faoi Roinn 3.6.3, eagraíodh trí sheimineár ar fhorbairt ghairmiúil do bhreithiúna na hIodáile a bhíonn ag plé le cásanna a bhaineann le tearmann i Málta sa ráithe deiridh de 2013. Rinneadh tagairt sa seimineár do shaincheistanna cosúil le measúnú fianaise agus inchreidteacht, teicnící agallaimh agus COI, le béim ar leith ar an staid sa Nigéir.

### 3.7.2. Athlonnú

#### Gníomhaíochtaí EASO ar athlonnú i bhfigiúirí in 2013

*2 chruinniú saineolaithe um chomhoibriú praiticiúil ar athlonnú.  
Rannpháirtíocht sa chéad Fhóram Athlonnaithe Bliantúil.*

Agus í ag tógáil ar an gcleachtadh faisnéise ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe ó Mhálta a rinne EASO in 2012, d'eagraigh EASO dhá chruinniú saineolaithe i Meitheamh agus mí na Samhna 2013 ina raibh an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit, UNHCR agus IOM páirteach. Díriodh sa phlé ar na gnéithe praiticiúla agus na gnéithe reachtacha a bhaineann le cur chuige coiteann um athlonnú, forbairt ábhair tacaíochta ar conas an leas a bhaintear as cistiú AE maidir le hathlonnú agus mapáil na ndea-chleachtas athlonnaithe a aistriú sna Ballstáit, lena náirítear córais eagraíochta inmheánacha agus coinníollacha glactha agus comhtháthaithe. Moladh uirlisí sonracha EASO maidir le hathlonnú, cosúil le lámhleabhar praiticiúil agus modheolaíocht ar athlonnú a fhorbairt.

Ghlac EASO páirt sa chéad Fhóram Athlonnaithe Bliantúil, a d'eagraigh an Coimisiún Eorpach i Meán Fómhair 2013, nuair a rinne EASO cur síos ar chur chuige comhchoiteann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le hathlonnú. Bhí sé i gceist leis an gcruinniú an deis a thabhairt cabhrú le Ballstáit tuiscint a fháil ar a gcuid riachtanas athlonnaithe sa tréimhse díreach amach rompu, agus chun cuidiú leis na Ballstáit a gcuid gealltanasa a ullmhú.

### 3.7.3. Tascfhórsa na Meánmhara

#### Gníomhaíochtaí EASO a bhaineann le Tascfhórsa na Meánmhara i bhfigiúirí in 2013

*8 ngníomh arna gcur in áirithe le haghaidh EASO laistigh de Thascfhórsa na Meánmhara.*

Mar gheall ar an tubaiste a tharla an 3 Deireadh Fómhair, 2013 amach ó chósta Lampedusa, nuair a chuaigh bád ar a raibh na céadta imirceach go tóin poill, tubaiste a fuair níos mó ná 300 duine bás dá bharr, glaoth ar fhreagairt AE chun cur leis an dlúthpháirtíocht agus an tacaíocht fhrithpháirteach d'fhonn cosc a chur ar bhásanna imirceach sa Mheánmhuir. Cuireadh Tascfhórsa na Meánmhara (TFM), mar a tugadh air, ar bun díreach tar éis na tubaiste sin chun breathnú ar ghníomhaíochtaí nithiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir leis an bhfadhb sin. Ar an TFM, tugadh le chéile saineolaithe ó na Ballstáit uile, ón gCoimisiún Eorpach, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ó EASO, Frontex, Europol, FRA agus ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA). Ar bhonn an phlé, ghlac an Coimisiún Eorpach cumarsáid (COIM(2013) 869 leagan deireanach) an 4 Nollaig 2013.

Bhí EASO páirteach go hiomlán sa phróiseas trína rannpháirtíocht i gcruinnithe na Comhairle agus an Choimisiúin. D'fhorbair an TFM línte éagsúla gníomhaíochta, lena náirítear ocht ngníomhaíocht atá leagtha amach do EASO, i gcúig réimse den chuid is mó: feabhas a chur ar fhaireachas teorann chun cabhrú le beathaí a shábháil; cúnamh agus dlúthpháirtíocht i dtéarmaí tacaíocht airgeadais do Bhallstáit atá ag déileáil le hardbhrú inimirceach; an comhrac i gcoinne na gáinneála, na smuigleála agus na coireachta eagraithe a neartú; feabhas a chur ar chosaint réigiúnach agus ar athlonnú; agus bealaí dlíthiúla chun rochtain a fháil ar an Eoraip agus gníomhartha i gcomhar le tríú tíortha.

Bhí ionchur ag EASO sa phlean gníomhaíochta a chomhordaigh an Coimisiún Eorpach trí shraith beart a mholadh a bheadh le cur i bhfeidhm ag EASO. Áirítear leis na bearta sin, i measc eile, tionscnaimh arna gcur i bhfeidhm ag EASO ar aon dul lena straitéis gníomhaíochta seachtraí. Dá bhrí sin, chuir EASO san áireamh bearta faoi scáth na gcomhpháirtíochtaí soghluaisteachta le Maracó agus leis an Túinéis, agus idirphlé AE maidir leis an imirce, an tsoghluaisteacht agus na slándála leis an Iordáin, go háirithe faoi chuimsiú chreat an tionscadail EASO–Frontex ENPI (féach Roinn 3.10.2). Léirigh EASO go raibh sí ullamh chun tacaíocht a sholáthar don Libia laistigh de chomhthéacs comhpháirtíochta idirphlé/soghluaisteachta sa todhchaí. Ar aon dul le straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO, d'fhéadfadh EASO oiliúint agus bearta tógála acmhainne eile a sholáthar mar chuid de Chláir Cosanta Réigiúnaí san Iordáin, sa Libia agus sa Túinéis, agus fiosróidh sí cé chomh hindéanta a bheadh treoircéim ar phróiseáil thacaithe, agus feabhas á chur aici ar sholáthar sonraí d'fhonn pleanáil theagmhásach níos fearr a chumasú.

Is é ceann de phríomhaidhmeanna an TFM ná bearta a fhorbairt chun cosc a chur ar úsáid cineálacha cur chuige contúirteacha an luchta smuigleála daoine nó na ngáinneálaithe a éascaíonn trasnú neamhrialta na nimirceach go dtí teorainneacha seachtracha AE, nó cur isteach ar úsáid na gcineálacha cur chuige sin.

### 3.8. Tacaíocht éigeandála EASO

#### Tacaíocht éigeandála EASO i bhfigiúirí in 2013

*2 phlean oibriúcháin (an Bhulgáir agus an Ghréig) i mbun feidhme.  
49 saineolaí á núsáid laistigh de 25 foireann tacaíochta tearmainn sa Bhulgáir agus sa Ghréig.  
Tionscadal EASO–UNHCR don Ghréig ar phróiseáil na gcásanna ar feitheamh.  
2 chomhthionscnamh oiliúna EASO–Frontex maidir le sainaithint agus bunú náisiúntacht don Ghréig.  
8 gceardlann faoi chomhar praiticiúil (ar COI, staitisticí agus sonraí a bhailiú, agus ar chinnteoireacht faoi chúrsaí tearmainn) don Ghréig.  
3 chruinniú de phointí teagmhála náisiúnta an díorma um idirghabháil tearmainn.  
Beart éigeandála le Frontex ar theorainn na hUngáire-na Rómáine.*

In 2013 rinne EASO tuilleadh forbartha ar a cuid gníomhaíochtaí chun tacú le Ballstáit atá faoi bhrú ar leith ina gcóras tearmainn agus glactha, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt don Bhulgáir agus don Ghréig agus trí fhorbairt a dhéanamh ar chumas EASO chun freagairt ar bhealach tráthúil, éifeachtach do staideanna éigeandála.

### 3.8.1. Plean oibriúcháin don Ghréig

I rith 2013 lean EASO lena cuid gníomhaíochtaí éigeandála sa Ghréig ar aon dul le forálacha an phlean oibriúcháin a síníodh in Aibreán 2011. Nuair a críochnaíodh an chéad chéim den phlean oibriúcháin ag deireadh mhí an Mhárta 2013, comhaontaíodh an dara céim d'fhonn na bearta tacaíochta EASO a leathnú go dtí 31 Nollaig 2014.

Díríodh i gCéim I den phlean oibriúcháin ar dhul i ngleic leis an riaráiste, struchtúr tearmainn agus glactha inbhuanaithe, éifeachtach a bhunú agus cáilíocht an phróisis tearmainn agus glactha a ráthú. Forlíonadh an chéim sin leis an gcomhaontú deontais EASO-UNHCR (Samhain 2012-Márta 2013), a bhí dírithe ar thacaíocht a thabhairt don Ghréig maidir le próiseáil na gcásanna ar feitheamh, lena náirítear sainaithint na gcásanna neamhghníomha-cha agus glacadh cinntí “briste” i gcás na nachomharc sin a measadh a bheith neamhghníomhach. Le tacaíocht ón tionscadal, cuireadh oiliúint ar os cionn 90 dalta póilíneachta agus cuireadh tacaíocht ábhartha ar fáil.

Tar éis iarratais ón nGréig go luath in 2013, ag tógáil ar thorthaí an chéad chéim agus faoi scáth iomlán phlean gníomhaíochta náisiúnta athbhreithnithe na Gréige i ndáil le himirce agus le tearmann, an 7 Márta 2013 shínigh EASO céim II den phlean oibriúcháin (Aibreán 2013-Nollaig 2014). Clúdaítear 15 bheart tacaíochta i gcéim II, go háirithe maidir le hoiliúint, cur chun cinn nósanna imeachta tearmainn agus glactha atá inbhuanaithe agus éifeachtach, agus cistiú ón AE.

Ó Mheitheamh 2013 i leith, tá seirbhísí nua na Gréige a bhaineann le tearmann (an tSeirbhís Tearmainn, Seirbhís an Chéad Ghlacadh agus an tÚdarás Achomhairc) ag feidhmiú go hiomlán. Chun institiúidí nua a bhunú, b'éigean oiliúint a chur ar chásobrithe nua agus cur leis an acmhainn riaracháin (e.g. maidir le cáilíocht, staitisticí COI, etc.). Dhírigh EASO, a raibh tacaíocht tugtha aici don phróiseas sin ó thús na noibríochtaí in 2011, iarracht ar leith ar oiliúint a chur ar phearsanra na seirbhísí nua faoi chlár oiliúna EASO.

In 2013, tugadh aird ar leith ar mhéadú na hacmhainne chun agallaimh aonair ar chásanna achomhairc gníomha-cha a phróiseáil agus a dhéanamh. Thacaigh EASO le bunú 10 gcoiste achomhairc agus coiste speisialta breise faoi Aibreán 2013, lena forlíonadh na 10 gcoiste a bhí ann roimhe sin.

Chomh maith le hoiliúint, eagraíodh dhá chruinniú comhoibrithe phraiticiúil i Meán Fómhair agus i mí na Samhna 2013 chun cuidiú leis an nGréig bunachar sonraí COI a bhunú agus cúnamh a thabhairt freisin maidir le sonraí staidrimh a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu. Thairis sin, d'eagraigh EASO trí cheardlann do chomhaltaí na gcoistí nua riaráiste ar an nós imeachta cinnte, cinnteoireacht agus úsáid an COI ag an gcéad agus an dara chéim. In dhá cheardlann oiriúnaithe eile, díríodh ar rapóirtéirí saineolacha an údaráis achomhairc, agus tugadh aghaidh in ardcheardlann amháin ar chomhaltaí na gcoistí achomhairc.

Cuireadh plean straitéiseach chun forbairt a dhéanamh ar threoirscéim ar an measúnú ar thaifeadadh agus athscríobh agallamh ar fáil don tseirbhís tearmainn agus don údarás achomhairc.

Chuir EASO tacaíocht ar fáil freisin maidir le cistiú AE d'fhonn cur le hacmhainn úsáid chistí AE agus leas iomlán a bhaint astu, go háirithe an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe. Chomh maith leis sin, chuir EASO a cuid saineolais ar fáil maidir le hullmhú an Chiste nua Tearmainn, Imirce agus Comhtháthaithe (AMIF) i bhfianaise an chreata airgeadais ilbhliantúil nua.

Ar deireadh, ar aon dul leis an socrú oibre idir EASO agus Frontex, rinne an dá ghníomhaireacht na chéad treoirchúrsaí oiliúna ar bhunú náisiúntachta a sheachadadh in Aibreán agus i mí na Samhna 2013. Bhí na cúrsaí oiliúna comhphárteacha sin ina gcúnamh maidir leis an rochtain ar an nós imeachta tearmainn a neartú i gcás gach imirceach atá ag fanacht sa Ghréig (lena náirítear i limistéir na teorann).

Agus na gníomhaíochtaí go léir á gcur le chéile, baineadh leas as 34 saineolaí san iomlán laistigh de 18 bhfoireann tacaíochta tearmainn faoi chuimsiú chreat an phlean oibriúcháin i gcás na Gréige i rith na bliana 2013.

### 3.8.2. Plean oibriúcháin don Bhulgáir

Mar gheall ar ardú mór ar líon na niarrthóirí tearmainn, go háirithe i líon na niarrthóirí tearmainn ón tSiria, d'iarr an Bhulgáir tacaíocht ó EASO an 14 Deireadh Fómhair 2013. Síníodh plean oibriúcháin EASO don Bhulgáir an 17 Deireadh Fómhair 2013, faoinar díríodh ar chúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt don Bhulgáir go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2014. Tá sé mar aidhm ag an bplean cabhrú leis an mBulgáir dul i ngleic leis an méadú ar líon na niarrthóirí tearmainn agus í ag an am céanna ag feabhsú agus ag neartú córas tearmainn agus glactha na Bulgáire, i gcomhthéacs chur chun feidhme ionstraimí an CEAS.

Féadfar bearta EASO chun tacú leis an mBulgáir a roinnt i dtrí chatagóir, eadhon tacaíocht oibriúcháin, tacaíocht institiúideach agus tacaíocht chothrománach. In 2013, bunaíodh comhfhoirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn agus foirne saineolaithe comhdhéanta de shaineolaithe EASO, saineolaithe ó na Ballstáit agus oifigigh de chuid na Bulgáire, agus leanfar á mbunú i rith 2014. Áirítear leis an tacaíocht a thugann siad: rabhartaí inimirce measctha a réamhaithint agus a réamhchlárú, réamhchlárú a dhéanamh ar lucht iarrtha tearmainn agus atreorú a dhéanamh ar mhionaoisigh neamhthionlactha agus ar dhaoine leochaileacha chuig an nós imeachta tearmainn iomchuí, chomh maith le tacaíocht don phróiseas cinnteoireachta tearmainn. Faoin bplean oibriúcháin, soláthraíonn EASO oiliúint freisin d'oifigigh na Bulgáire agus tógáil acmhainne ar COI, eagraíonn sí ceardlanna téamacha agus cuireann sí comhairle theicniúil ar fáil. Áirítear leis sin straitéis a fhorbairt chun cur le cumas na náiseanna glactha agus chun leas níos fearr a bhaint as an acmhainn glactha atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, cuirtear saineolas ar fáil faoi úsáid na tacaíochta airgeadais éigeandála don Bhulgáir faoi chistí AE. Bhí an cruinniú tionscnaimh do chur chun feidhme plean oibriúcháin EASO don Bhulgáir ar siúl an 5 Samhain 2013 i Sóifia.

In 2013, díríodh na gníomhaíochtaí tacaíochta láithrí ar mhapaíl an phróisis tearmainn agus ar réitigh chéim ar chéim a mholadh maidir leis na nósanna imeachta clárúcháin, tearmainn agus glactha de chuid na Bulgáire, agus chun tacaíocht a thabhairt maidir le réamhchlárú iarrthóirí tearmainn in ionaid glactha éagsúla. Chuige seo forbraíodh lámhleabhar ar an bpróiseas clárúcháin.



Síniú an plean oibriúcháin leis an mBulgáir, Búcairist, 17 Deireadh Fómhair 2013.

Agus na gníomhaíochtaí go léir á gcur le chéile, baineadh leas as 15 saineolaí san iomlán laistigh de sheacht bhfoireann tacaíochta tearmainn faoi chuimsiú chreat an plean oibriúcháin don Bhulgáir i rith na bliana 2013.

### 3.8.3. Ullmhacht le haghaidh tacaíochta éigeandála

Le linn na bliana 2013 rinne EASO tuilleadh forbartha ar an acmhainn atá aici freagairt ar bhealach tráthúil do staideanna éigeandála agus d'iarratais ar thacaíocht.

Ar an gcéad dul síos, thionóil EASO trí chruinniú de na pointí teagmhála náisiúnta de chuid an díorma um idirghabháil tearmainn chun plé a dhéanamh ar a cuid próifíil agus ar an mbealach is éifeachtaí chun freagra a thabhairt ar iarratais ar thacaíocht oibríochtúil agus chun leas éifeachtach a bhaint as saineolaithe na mBallstát chun cur le tacaíocht oibríochtúil EASO.

Ar an dara dul síos, le linn 2013 d'fhorbair EASO trí lámhleabhar le húsáid go himheánach in EASO, lámhleabhair a bhaineann le próisis riaracháin maidir le himscaradh oibríochta agus le haisíoc na saineolaithe arna núsáid laistigh de na foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn.

Ar deireadh, rinne EASO cleachtadh tacaíochta éigeandála i rith samhradh na bliana 2013. Bhí an cleachtadh ar siúl i dtaca le cleachtadh oibríochtúil Frontex (REX2013) i limistéir teorann na hUngáire agus na Rómáine leis an tSeirbia. Leis an gcleachtadh comhpháirteach sin, rinneadh tástáil ar acmhainn agus ar nósanna imeachta EASO maidir le leas a bhaint as foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn i gcásanna ardbhrú i mBallstáit áirithe, chomh maith le dlúthpháirtíocht AE i réimse an tearmainn agus comhoibriú praiticiúil idir EASO, Frontex agus Ballstáit AE. Bhí an cleachtadh éigeandála sin dírithe ar mhacasamhlú a dhéanamh ar staid ardbhrú i gcríoch na hUngáire agus na Rómáine, nó, go beacht, sa réigiún atá i gcomharsanacht limistéir na teorann idir an Ungáir agus an Rómáin leis an tSeirbia, áit a raibh sé réamh-mheasta go mbeadh sruth ollmhór imirceach agus tairbhíthe féideartha den chosaint idirnáisiúnta. Bhain EASO leas as foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn, a bhí comhdhéanta



de shaineolaithe maidir le clárú agus scagadh le haghaidh sainaithe riachtanas cosanta idirnáisiúnta i rabhartaí inimirce measctha agus de shaineolaithe ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### 3.9. Tacaíocht faisnéise agus anailíse EASO

| Tacaíocht faisnéise agus anailíse EASO i bhfigiúirí in 2013  |
|--|
| <p><i>Céim II den EPS tosaithe.</i><br/> <i>Forbhreathnú ar chleachtas staitistiúil san Eoraip.</i><br/> <i>Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE 2012.</i><br/> <i>3 thuarascáil tearmainn ráithiúil.</i><br/> <i>12 thuarascáil tearmainn mhíosúil (teoranta don AE).</i></p> |

#### 3.9.1. Córas luathrabhaidh agus ullmhachta

In 2013 rinne EASO forbairt bhreise ar an EPS atá aici i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach (Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile agus Eurostat), Frontex, UNHCR agus le comhpháirtithe eile, ag cinntiú go ndéanfaí í a fheidhmiú ar bhonn sineirgeach le bailiú sonraí atá ar bun cheana a bhaineann le tearmann. I bhFeabhra bhunaigh EASO trí phríomhchéim sa phróiseas EPS: mapáil a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfeidhmítear córais tearmainn na mBallstát agus ar an gcaoi a ndéantar sonraí staidrimh maidir le tearmann a thuairisciú do Eurostat; cinneadh a dhéanamh ar na táscairí is tábhachtaí agus is éifeachtaí a d'fhéadfadh forbhreathnú cuimsitheach (ó rochtain go dtí an nós imeachta go dtí tabhairt ar ais agus comhtháthú) a chur ar fáil ar fheidhmiú praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn ar scálaí ama úsáideacha; agus bunú Grúpa i gcomhair Soláthar Staidrimh (GPS) ar a bhfuil ionadaithe arna nainmniú ag na Ballstáit le bheith ina bpointí teagmhála aonair atá freagrach as cáilíocht agus tráthúlacht na staitisticí tearmainn.

In Aibreán 2013 d'éagraigh EASO an chéad chruinniú den GPS, inar pléadh togra le haghaidh sraith chuimsitheach táscairí. Bhí na táscairí dírithe ar shonraí a sholáthar maidir le feidhmiú praiticiúil na ngnéithe tábhachtacha ar fad den CEAS. D'fhorbair EASO ceistneoir i samhradh na bliana 2013 i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí Eorpacha eile a bhíonn ag déileáil le sonraí tearmainn (i.e. Ard-Stiúrthóireacht Gnóthaí Baile, Eurostat, Frontex) chun cur chuige coiteann don AE a áirithiú. Chuige sin, iarradh ar na tíortha faisnéis a sholáthar ó na páirtithe leasmhara eagrúcháin éagsúla ar an mbealach céanna. Ar bhonn an cheistneora, dhréachtaigh EASO tuarascáil dar teideal *EPS — Overview of statistical practice in Europe* [EPS — Forbhreathnú ar an gcleachtas staidrimh san Eoraip]. Bhí an tuarascáil sin ar an gcéad forbhreathnú cuimsitheach ar an gcleachtas reatha maidir le bailiú sonraí staidrimh a bhaineann le tearmann ar fud Bhallstáit AE agus tíortha comhlachaithe, agus cinneadh ann go raibh dibhéirseachtaí móra i gceist i mbailiú sonraí agus i dtuairisciú ar shonraí ar fud an AE. Bhain na cúiseanna a bhí leis na dibhéirseachtaí sin le léirmhíneithe éagsúla ar *acquis* tearmainn AE agus ar an rialachán maidir le staidreamh imirce, chomh maith le saintréithe eagrúcháin na gcóras tearmainn agus na gcleachtas tuairiscithe náisiúnta. Foilsíodh treoirlínte nua Eurostat i mí na Nollag 2013.

I gcomhréir le cur chuige céim ar chéim, i Samhain 2013 sheol EASO Céim II den EPS, i.e. an chéad chéim eile i bhfeidhmiú céimneach obair anailíse staitistiúla EASO, ag tógáil ar ghníomhaíochtaí bailithe sonraí atá ann faoi láthair le haghaidh táirgí anailíseacha EASO (míosúla agus ráithiúla). Dírithe i gCéim II ar an gcéad chéim agus samhlaítear bailiú sonraí faoi cheithre tháscaire (iarratais, aistarraingtí, cinntí agus cásanna ar feitheamh). Forbraíodh treoir ar léirmhíneithe na sainmhíneithe ar tháscairí agus seoladh chuig na Ballstáit é, agus cuireadh cúrsa oiliúna agus cruinniú plé ar bun le comhaltaí GPS chun comhthuiscint a chothú. Cuireadh tús leis an mbailiú sonraí míosúil an 1 Aibreán 2014.

Chomh maith leis an *Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2012* atá sonraithe sa chéad roinn eile, thosaigh EASO, in 2013, ag táirgeadh a cuid tuarascálacha tearmainn ráithiúla agus míosúla, lena gcumasaítear anailís treochtaí rialta ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, ar na príomhthíortha tionscnaimh, ar phróifíl na niarratasóirí agus ar na tíortha inar taisceadh na hiarratais, chomh maith le hanailís dhírithe a dhéanamh ar riar cásanna a bhfuil aird ar leith tuillte acu, amhail an Eiritré, an Rúis, an tSiria nó na Balcáin Thiar. In

2013 tháirg EASO trí thuarascáil ráithiúil <sup>(5)</sup> agus 12 tuarascáil mhíosúil (srianta don AE) maidir le tearmann. Ceannaíodh ardbhogearraí staidrimh agus mapála agus cuireadh oiliúint ar an bhfoireann maidir lena núsáid d'fhonn feabhas a chur ar an acmhainn anailíse agus ar léirshamhlú sonraí.

### 3.9.2. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach

I Meitheamh 2013, tháirg EASO a dara tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE don bhliain 2012 <sup>(6)</sup>.

Sa *Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2012*, soláthraíodh forbhreathnú cuimsitheach ar staid an tearmainn in AE trí bhreathnú ar na rabhartaí daoine a d'iarr cosaint idirnáisiúnta ar AE, trí anailís a dhéanamh ar shonraí maidir le hiarratais agus le cinntí, agus trí dhíriú ar roinnt de thíortha is tábhachtaí tionscnaimh na niarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta in 2012.

Thairis sin, bhí tuarascáil bhliantúil EASO ina huirlis úsáideach do lucht déanta beartas náisiúnta agus lucht déanta beartas AE, ag cuidiú le réimsí a shainaithint ina bhfuil an feabhas is mó ag teastáil (agus, dá bhrí sin, inar chóir do EASO agus príomhpháirtithe leasmhara eile a gcuid iarrachtaí a dhíriú sa todhchaí), i gcomhréir lena cuspóir fógartha feabhas a chur ar cháilíocht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht an CEAS.

Maidir le modheolaíocht na tuarascála, ghlac EASO, i bhFeabhra 2013, cur chuige nua atá bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chéad taithí thuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn in AE 2011. Áiríodh leis an modheolaíocht nua ráiteas prionsabal agus tábla caighdeánach na nábhar, chomh maith leis na céimeanna maidir le bailiú agus próiseáil faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an tsochaí shibhialta, an uainiú agus an nós imeachta comhairliúcháin.



### 3.9.3. Tacaíocht tríú tíre EASO

| Tacaíocht tríú tíre EASO i bhfigiúirí in 2013   |
|---|
| <p><i>3 tír (an Iordáin, Maracó agus an Túinéis) clúdaithe ag tionscadal na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht EASO.</i></p> <p><i>straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO glactha.</i></p> <p><i>2 chruinniú um chomhoibriú praiticiúil (gné sheachtrach an CEAS agus athlonnú).</i></p> <p><i>Rannpháirtíocht i 3 chruinniú de chomhpháirtíochtaí soghluaisteacha AE le Maracó agus an Túinéis agus san idirphlé AE–Iordáin ar imirce, soghluaisteach agus slándáil.</i></p> <p><i>Rannpháirtíocht i bPróiseas Phrág.</i></p> <p><i>Ionchur saineolach do 2 cheardlann TAIEX do bhreithimh dlí um dhéanaithe.</i></p> |

Tá dlúthbhaint ag na gnéithe inmheánacha agus na gnéithe seachtracha i réimse an tearmainn agus na himirce le chéile. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar shlí éifeachtach ar imirce agus tearmann gan an comhoibriú le tríú tíortha a chur san áireamh.

<sup>(5)</sup> Tá na tuarascálacha ráithiúla ar chúrsaí tearmainn ar fáil ar líne ag: <http://easo.europa.eu/asylum-trends-analysis/quarterly-report/>

<sup>(6)</sup> Tá an tuarascáil ar fáil ar líne ag: <http://easo.europa.eu/asylum-documentation/easo-publication-and-documentation/>

I Samhain 2013, ghlac EASO a straitéis gníomhaíochta seachtraí <sup>(?)</sup> agus aitheantas á thabhairt aici don ról tábhachtach a bhfuiltear ag súil a bheidh ag an nGníomhaireacht i ngné sheachtrach an CEAS. Le linn a céad 2 bhliain d'oibríochtaí, áfach, roghnaigh EASO díriú ar thacú le cur chun feidhme an CEAS laistigh den AE trí uirlisí comhair phraiticiúil a fhorbairt. Le straitéis na ngné seachtraí, sainíodh an cur chuige agus an creat ginearálta ina mbeidh EASO ag forbairt a cuid oibre a bhaineann leis an ngné sheachtrach den CEAS. Ina theannta sin, sonraíodh ról EASO laistigh den ghné sheachtrach den CEAS, a cuid prionsabal bunúsach, an mhodheolaíocht don chur i bhfeidhm agus na tosaíochtaí geografacha, chomh maith le foirmeacha gníomhaíochta seachtraí EASO. D'fhéadfaí aidhm uileghabhálach EASO dá cuid gníomhaíochta seachtraí a shainiú mar acmhainn tearmainn agus glactha i dtríú tíortha a neartú d'fhonn cosaint níos fearr a thabhairt do lucht iarrtha tearmainn, an tathlonnú a dhéanann na Ballstáit ar dhéanaithe ó thríú tíortha go dtí AE a éascú, agus comhoibriú le tríú tíortha i gcúrsaí a bhaineann le dualgais agus gníomhaíochtaí EASO. Tá gníomhaíocht sheachtrach EASO ar aon dul le beartais agus tosaíochtaí foriomlána AE um chaidreamh seachtrach, go háirithe leis an gcur chuige domhanda i leith na himirce agus na soghluaisteachta (GAMM), le beartas comharsanachta na hEorpa (ENP), agus leis an Straitéis um méadú an AE, agus déanfar í a chur chun feidhme laistigh de chreat an rialachán EASO. Féadfaidh gníomhaíocht sheachtrach EASO a bheith i gceann amháin nó níos mó de na foirmeacha seo a leanas: tacú le cur chun feidhme na gclár cosanta réigiúnaí agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le réitigh sheasta i dtríú tíortha; oiliúint EASO a chur ar fáil d'údaráis inniúla i dtríú tíortha; ról comhordaithe a fheidhmiú trí ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhpháirtithe ábhartha, ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe a dhéanann na Ballstáit; tacú le tógáil acmhainne i gcúrsaí tearmainn agus glactha tríú tíortha; agus ionchur agus comhairle a bhaineann le beartas a sholáthar do na Ballstáit, don Choimisiún Eorpach agus don SEGS ar an staid maidir le tearmann agus ar na riachtanais i dtríú tíortha.

Ar aon dul leis an straitéis gníomhaíochta seachtraí, d'fhorbair EASO gníomhaíochtaí i réimse an athlonnaithe agus na tógála acmhainne i dtríú tíortha.

### 3.9.4. Athlonnú

Agus í ag tógáil ar an gcéad Seimineár ar Bheartas Athlonnaithe AE a bhí ar siúl in 2012, d'eagraigh EASO cruinniú comhoibríthe phraiticiúil maidir le hathlonnú i mí na Samhna 2013. Thug an cruinniú an deis pleannanna gealltanais do chistiú AE amach anseo faoin AMIF a phlé, chomh maith le misin chomhpháirteacha féideartha um roghnú. Mhol EASO bunú líonra lucht speisialtóireachta athlonnaithe le hionadaithe ó Bhallstáit AE agus ó thíortha comhlachaithe, ón gCoimisiún Eorpach, UNHCR, IOM agus ó eagraíochtaí tábhachtacha na sochaí sibhialta a bhíonn ag obair sa réimse sin.

Thairis sin, bhí ról gníomhach ag EASO sna Comhairliúcháin Thríthaobhacha Bhliantúla ar Athlonnú (ATCR) a d'eagraigh UNHCR, a bhí ar siúl in Iúil 2013. Ba iad na príomhábhair a pléadh ná forbhreathnú ar athlonnú domhanda agus tosaíochtaí ina leith, agus spriocanna athlonnaithe do 2014, chomh maith le tiomantais ilbhliantúla.

### 3.9.5. An ghné sheachtrach agus tógáil acmhainne i dtríú tíortha

Rinne EASO tuilleadh forbartha ar a cuid gníomhaíochtaí sa ghné sheachtrach trí chomhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise agus gníomhaíochtaí ar shaincheisteanna a thagann chun cinn as an ngné sheachtrach den CEAS. Lorg EASO comhoibriú le húdaráis inniúla i dtríú tíortha i gcúrsaí teicniúla, i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus faoi chuimsiú chreat an GAMM.

I nDeireadh Fómhair 2013, d'eagraigh EASO ceardlann chomhoibríthe phraiticiúil maidir le ról EASO sa ghné sheachtrach den CEAS.

Maidir le tógáil acmhainne i dtríú tíortha, ghlac EASO páirt in idirphlé AE-na Iordáine ar imirce, soghluaisteacht agus slándáil i bhFeabhra 2013, agus i gcruinniú faoi chreat chomhpháirtíocht soghluaisteachta AE-Mharacó i Meán Fómhair 2013. Chomh maith leis sin, bhí cruinniú faoi chomhpháirtíocht soghluaisteachta an AE-na Túinése ar siúl i mí na Samhna 2013.

<sup>(?)</sup> Tá an straitéis ar fáil ar líne ag: <http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/EASO-External-Action-Strategy.pdf>

I mí na Nollag 2013, shínigh EASO comhaontú deontais freisin leis an gCoimisiún Eorpach (AS um Fhorbraíocht agus um Chomhar — EuropeAid) faoin ENPI le haghaidh comhthionscadail le Frontex ag díriú ar thacaíocht tógála acmhainne a thabhairt d’údarais ábhartha san Iordáin, i Maracó agus sa Túinéis. Ar aon dul leis an socrú oibre idir EASO agus Frontex, agus tar éis cur chuige cuimsitheach maidir le himirce, le tearmann agus le bainistíú teorann, d’aontaigh Frontex a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme an tionscadail. Ba é “Promoting the participation of Jordan in the work of EASO as well as the participation of Tunisia and Morocco in the work of EASO and Frontex” [Ag cur chun cinn rannpháirtíocht na hIordáine in obair EASO mar aon le rannpháirtíocht na Túinéise agus Mharacó in obair EASO agus Frontex] teideal an tionscadail, agus ceadaíodh é ar feadh tréimhse cur chun feidhme 18 mí le buiséad thart ar €1 mhilliún curtha in áirithe.

Ar deireadh, ó 2012 i leith bhí EASO páirteach sa tionscadal “Quality and training in the asylum processes” [Cáilíocht agus oiliúint sna próisis tearmainn] a chuirtear i bhfeidhm laistigh de chreat Thionscnamh Spriocdhírthe Phróiseas Phrág. In 2013 lean an Ghníomhaireacht lena cuid gníomhaíochtaí do chur chun feidhme chlár oiliúna churaclam oiliúna EASO sna tíortha comharsanachta ag iarthar AE, chomh maith leis an Tuirc.

Chomh maith leis sin, chinn EASO in 2013 tacú le tionscadal UNHCR “Asylum systems quality initiative in eastern Europe and southern Caucasus” [Tionscnamh cáilíochta um chórais tearmainn in oirthear na hEorpa agus i ndeisceart réigiún Cugais] le soláthar oiliúna do thíortha an réigiúin sin faoi churaclam oiliúna EASO, lena náirítear údarú uaidh chun modúil nithiúla a aistriú go Rúisis.

Ina theannta sin, mar a luadh i Roinn 3.6.3, ghlac EASO páirt in dhá cheardlann de chuid na hionstraime TAIEX i gcomhthéacs an bheartais um méadú an AE. In Aibreán 2013 cuireadh ar bun ceardlann ar chomhar réigiúnach idir breithiúna an dlí um dhídeanaithe i Scoipé (Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine), agus eagraíodh ceardlann eile i Sairéavó (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) i mí na Bealtaine 2013 maidir le dea-chleachtais i dtaca le húsáid COI in imeachtaí tearmainn i measc cleachtóirí ón réigiún.

## 4. Líonra agus creat EASO

### 4.1. Bord Bainistíochta


| Bord Bainistíochta EASO i bhfigiúirí in 2013   |
|--|
| <p>31 comhalta agus breathnadóir.<br/> 4 chruinniú den Bhorde Bainistíochta.<br/> Glacadh le 4 dhoiciméad chlársceidealaithe (clár oibre ilbhliantúil 2014-16, clár oibre 2014, plean ilbhliantúil um beartas foirne 2014-16, agus buiséad 2014).<br/> 2 thuarascáil glactha (Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in Aontas Eorpach 2012 agus EASO: Tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012).<br/> 3 chinneadh de chuid an Bhoird Bhainistíochta glactha.<br/> Socrú oibre idir EASO agus UNHCR glactha.</p> |

Is é an Bord Bainistíochta comhlacht rialaithe agus pleanála EASO. In 2013 bhí sé comhdhéanta de 31 comhalta agus breathnadóir (comhalta amháin ó gach Ballstát, ach amháin an Danmhairg, a dtugtar cuireadh di freastal mar bhreathnadóir, beirt chomhaltaí ón gCoimisiún Eorpach agus comhalta amháin, gan cead vótála, thar ceann UNHCR). In 2013 thogh an Bord Bainistíochta a chathaoirleach agus leaschathaoirleach nua. Thairis sin, tugadh cuireadh d’ionadaithe na dtíortha comhlachaithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) freastal ar chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta mar bhreathnadóirí. Tugadh cuireadh do Frontex freisin páirt a ghlacadh sna míreanna ábhartha de chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta, go háirithe i dtaca le staid an tearmainn in AE, an EPS agus an staid sa Ghréig.

I rith 2013, bhí an Bord Bainistíochta in ann a chuid dualgas a chur i bhfeidhm go héifeachtach, lena náirítear na doiciméid agus na cinntí seo a leanas, ar glacadh leo go foirmeálta:



- an clár oibre ilbhliantúil 2014-6;
- an clár oibre 2014;
- an plean ilbhliantúil um beartas foirne 2104-16 (faoi réir thuairim an Choimisiúin Eorpaigh);
- buiséad EASO 2014;
- an socrú oibre idir EASO agus UNHCR;
- Cinneadh an Bhoird Bhainistíochta Uimh. 18 an 13 Meitheamh 2013 maidir le tuairim ar chuntais deiridh EASO 2012 a ghlacadh;
- Cinneadh an Bhoird Bhainistíochta Uimh. 19 an 16 Meán Fómhair 2013 maidir le cairt um oifigeach cuntasáiochta EASO;
- Cinneadh an Bhoird Bhainistíochta Uimh. 20 an 7 Nollaig 2013 maidir le rialachán airgeadais EASO.



Deichiú cruinniú de Bhard Bainistíochta EASO, Málta, 4 agus 5 Feabhra 2013.

Anuas air sin, mhalartaigh an Bord Bainistíochta tuairimí go rialta maidir le staid an tearmainn in AE, le fócas faoi leith ar an tSiria, ar an Meánmhuir, ar Chónaidhm na Rúise agus ar na Balcáin Thiar. In éineacht leis sin mhalartaigh sé tuairimí maidir le cur i bhfeidhm oibríochtúil an phacáiste nua tearmainn agus maidir le céad chlár ilbhliantúil eile CGB tar éis teacht chun deiridh chlár Stócólm in 2014. Phléigh an Bord Bainistíochta an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm bhearta tacaíochta EASO don Bhulgáir, don Ghréig, don Iodáil agus don tSualainn. Tugadh aird faoi leith ar thraenáil agus ar fhorbairt ghairmiúil, lena áiríodh ar an gcosán nua traenála, ar phróisis cháilíochta agus ar COI agus ar chur chuige líonra COI a fhorbairt. Maidir le EPS, d'aontaigh an Bord Bainistíochta ar chéim

Il den phróiseas agus fuair sé na tuarascálacha míosúla agus ráithiúla faoin tearmann. D'fhormhuinigh an Bord Bainistíochta straitéis ghníomhaíochta seachtraí EASO chomh maith. Maidir le gníomhaíochtaí iniúchóireachta inmheánaí, d'aontaigh an Bord Bainistíochta leis an bplean do ghníomhaíochtaí IAS in 2013 agus d'fhormhuinigh sé an plean straitéiseach um iniúchadh inmheánach 2014-16.

## 4.2. Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach

### Comhoibriú EASO le Parlaimint na hEorpa, le Comhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an gCoimisiún Eorpach i bhfigiúirí in 2013

*Cruinnithe déthaobhacha rialta leis an gCoimisiún.  
Measúnú inmheánach á chur i gcrích ag an gCoimisiún.  
5 cinn d'imeachtaí leis an bParlaimint.  
Rannpháirtíocht i 13 cruinniú na Comhairle.*


Mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid AE, gníomhaíonn EASO laistigh de bheartas agus de chreat institiúideach AE. Mar sin, iarrtar ar an nGníomhaireacht tuairisciú don Parlaimint, don Chomhairle agus don Choimisiún ar a cuid oibre agus ar úsáid na nacmhainní atá ar fáil di, agus ionchur bunaithe ar fhaisnéis a thabhairt maidir le forbairt an CEAS. In 2013, i measc nithe eile nach iad, chuir EASO a clár oibre bliantúil, a tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn in AE, a tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil agus a cuntais deiridh faoi bhráid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin.

Maidir leis an gCoimisiún Eorpach, reáchtáladh cruinnithe rialta déthaobhacha idir EASO agus an Coimisiún ag leibhéal difriúla. Leanadh leis an gcomhoibriú struchtúrtha leis an gCoimisiún ina acmhainn mar chomhalta foirmiúil de Bhord Bainistíochta EASO.

Mar ard-stiúirthóireacht chomhpháirtíochta, is buan a bhí an caidreamh idir EASO agus Ard-Stiúirthóireacht Gnóthaí Baile. D'oibrigh EASO go dlúth le hArd-Stiúirthóireacht Gnóthaí Baile ar shaincheisteanna beartais agus oibríochtúla. Maidir leis an dara ceann, tugadh aird faoi leith ar chur chun feidhme mheicníocht Airteagal 33 de Rialachán athmhúnlaith Bhaile Átha Cliath, ar athlonnú laistigh den AE lena náirítear páirtíocht EASO san Fhóram Bliantúil um Athlonnú, ar Thascfhórsa na Meánmhara, ar phróisis traenála agus cháilíochta, ar mhion-aoisigh neamhthionlactha, ar COI, ar thacaíocht oibríochtúil don Bhulgáir, don Ghréig agus don Iodáil agus ar ghné sheachtrach an CEAS. Thairis sin, d'fhreastail EASO mar bhreathnadóir ar chruinnithe na gcoistí teagmhála éagsúla faoi thrasuíomh agus faoi fheidhmiú ionstraimí athmhúnlaith dlí AE maidir le tearmann. Ina theannta sin, d'oibrigh EASO i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le Gréasán Imirce na hEorpa (EMN) ar na próisis maidir le dréachtú na dtuarascálacha bliantúla faoi seach ar thearmann. In 2013 ghlac EASO páirt i gcruinnithe ábhartha EMN.

Faoi dheireadh, rinne an Coimisiún Eorpach measúnú ar thionchar EASO maidir le comhoibriú praiticiúil ar thearmann agus ar CEAS in 2013, mar chuid de na gníomhartha ina cumarsáid faoi dhlúthpháirtíocht fheabhsaithe laistigh den AE maidir le tearmann. Cuireadh críoch ar an measúnú inmheánach i mí na Nollag 2013 agus cuireadh na conclúidí ar fáil in 2014.

In 2013 chuir EASO feabhas chomh maith ar a cuid comhoibrithe le hard-stiúirthóireachtaí agus le seirbhísí eile an Choimisiúin, amhail an Ard-Stiúirthóireacht um Fhorbraíocht agus um Chomhar – EuropeAid maidir le tionscadal ENPI luaithe faoi Roinn 2.10.2, agus Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach maidir le bailiú sonraí ar thearmann. Cuireadh chun cinn comhar riaracháin rialta ar ghnéithe buiséadacha agus airgeadais, agus ar acmhainní daonna chomh maith in 2013, le hArd-Stiúirthóireacht an Bhuiséid agus le hArd-Stiúirthóireacht Acmhainní Daonna agus Slándála, faoi seach. Thairis sin, choimeád EASO caidreamh le SEGS ar mhaithe le forbairt ar straitéis ghníomhaíochta seachtraí EASO agus le hullmhú chur chun feidhme thionscadal ENPI leis an Iordáin, le Maracó agus leis an Túinéis.



Tugann toscaireacht de Parlaimint na hEorpa cuairt ar EASO, Málta, 29 agus 30 Deireadh Fómhair 2013.

Maidir le Parlaimint na hEorpa, ghlac an Ghníomhaireacht páirt i Márta 2013 in éisteacht dar theideal “A sensible discussion on immigration and migration in the EU” [Plé ciallmhar ar inimirce agus ar imirce in AE]. In Iúil thug EASO léacht faoin athlonnú in AE. Anuas air sin, i Meán Fómhair 2013 chuir EASO *Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpaigh 2012* agus *EASO: tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012* i láthair sa Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE). Ina theannta sin, d’eagraigh EASO cuairt tosaiceachta de choiste LIBE chuig a háitreabh i nDeireadh Fómhair 2013. Faoi dheireadh, mar chuid de ghníomhaíochtaí um Líonra Ghníomhaireachtaí CGB, ghlac EASO páirt sa phlé mair leis an scéim oiliúna um fheidhmiú an dlí arna eagrú ag CEPOL agus Parlaimint na hEorpa.

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh, ghlac EASO páirt i 13 cruinniú de chuid na Comhairle faoi Uachtaránachtaí na hÉireann agus na Liotuáine. I measc eile, ghlac EASO páirt i gcruinnithe de Chomhairle Airí CGB agus de Choiste Straitéisigh um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA). Chuir EASO ach go háirithe leis an bplé maidir le staid an tearmainn in AE (le fócas faoi leith ar an tSiria agus ar an Meánmhuir), maidir le plan gníomhaíochta AE ar bhrú imirceach, maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chomh-phróiseáil agus maidir le gníomhaíochtaí laistigh de Thascfhórsa na Meánmhara.

### 4.3. Comhoibriú le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile

#### Comhoibriú EASO le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha eile i bhfigiúirí in 2013

*Socruithe oibre idir EASO agus UNHCR sínithe.*

*30+ cruinniú déthaobhach le UNHCR.*

*Cruinnithe déthaobhacha le Comhairle na hEorpa agus IOM.*

*Rinneadh foirmiúil na malartú litreacha leis na Comhairliúcháin Idir-Rialtasacha ar Imirce, Tearmann agus Dídeanaithe (IGC).*

*Rannpháirtíocht in dhá chruinniú IGC agus i gceithre chruinniú de Chomhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce (GDISC).*

In 2013 ghníomhaigh EASO i ndlúth-chomhar le UNHCR agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtasacha amhail Comhairle na hEorpa, IOM, IGC agus GDISC.

Bunaithe ar an gcomhoibriú leanúnach, chríochnaigh EASO agus UNHCR socrú oibre a síníodh i mí na Nollag 2013. Tá sé mar sprioc ag an socrú oibre creat comhoibrithe níos struchtúrtha a bhunú maidir le réimsí ábhartha comhoibre, le sineirgí a chruthú agus comhleanúnachas a chothú idir na gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanann EASO agus UNHCR. I measc na bpríomhréimsí comhoibrithe tá: oiliúint agus forbairt ghairmiúil; malartú dea-chleachtas agus saineolais maidir le tionscnaimh cháilíochta agus ceisteanna inscne; bailiú sonraí agus eolais COL; daoine i mbaol a aithint; tacaíocht speisialta agus éigeandála; gníomhaíochtaí agus athlonnú maidir leis an ngné sheachtrach; agus gníomhaíochtaí maidir le hathshuí.



Síniú socrú oibre EASO-UNHCR, an Ghinéiv, 13 Nollaig 2013.

D’oibrigh an ghníomhaireacht go dlúth le UNHCR i ngach réimse de shainordú EASO. I rith na bliana 2013 rinne EASO treisiú arís ar an gcomhoibriú le UNHCR, a ghlac páirt i bhformhór na gcruinnithe a bhí ag EASO. Thairis sin, ghlac EASO páirt in ATCR a d’eagraigh UNHCR in Iúil 2013.

Lean an comhoibriú struchtúrtha, go háirithe maidir le rannpháirtíocht UNHCR ar Bhord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta, agus i bhFóram Comhchomhairleach EASO chomh maith, agus i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin eile. Anuas air sin, threisigh UNHCR an oifig bhuan idirchaidrimh d’EASO atá lonnaithe i Málta, lena náirítear scaipeadh faisnéise ábhartha faoi cheisteanna leasa choitinn.

Ina theannta sin, chomhordaigh EASO agus UNHCR a gcuid gníomhaíochtaí chun tacaíocht a thabhairt do chóras thearmainn na Gréige, go háirithe ar bhonn an chomhaontaithe rannchuidithe a bhí sínithe idir an dá eagraíocht i Samhain 2012, agus córas tearmainn na Bulgáire.

Tharla cruinniú bliantúil na gcomhairliúchán bainistíochta sinsearaí in Iúil 2013, le hos cionn 30 cruinniú dhéthaobhacha á eagrú ag leibhéal dhifriúla i rith na bliana.

Tharla malartú faisnéise idir EASO agus UNHCR, le fócas faoi leith ar an staid sa tSiria agus sa Mheánmhuir.

Mar atá luaite faoi Roinn 3.10.2 den tuarascáil, chinn EASO in 2013 ar thacaíocht a thabhairt do thionscadal UNHCR “Asylum systems quality initiative in eastern Europe and southern Caucasus” [Tionscnamh cáilíochta um chórais tearmainn in Oirthear na hEorpa agus i ndeisceart Chugais] trí oiliúint a chur ar fáil i dtíortha an réigiúin faoi churaclam oiliúna EASO, lena náirítear údarú dá chuid chun modúil nithiúla a aistriú go Rúisis. Anuas air sin, ghlac EASO páirt i dtionscadal “Response to vulnerability in asylum” [Freagairt do leochaileacht i dtearmann], a raibh UNHCR i gceannas air, a dhírigh ar lucht iarrtha tearmainn leochaileach a aithint, ar na riachtanais tacaíochta agus ar na nósanna imeachta a bhíonn ag lucht iarrtha tearmainn a chomhlíonadh agus ar oiliúint.

Rinne EASO a cuid gníomhaíochtaí i ndlúth-theagmháil le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta agus idir-rialtais eile a oibríonn i réimsí bainteach le réimsí gníomhaíochta EASO. Reáchtáladh cruinnithe déthaobhacha le IOM in Aibreán agus le Comhairle na hEorpa i mí an Mheithimh, lena náirítear cruinniú leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR). Thairis sin, ghlac EASO páirt i gceithre chruinniú de chuid GDISC, ag díriú ar staid an tearmainn in AE, prognóis, córas réamhrabhaidh agus bainistíocht riaráiste. Maidir le comhoibriú le IGC, rinne EASO malartú litreacha foirmeálta in Eanáir 2013. Chruthaigh an malartú litreacha an creat do chomhoibriú feahsaithe i réimse clárseidealaithe agus pleanála, comhoibrithe theicniúla agus malartaithe faisnéise. Thairis sin, d’fhreastail EASO ar dhá chruinniú IGC le linn 2013.



Tugann an tAmbasadóir Swing, Ard-Stiúrthóir IOM, cuairt ar EASO, Málta, 4 Samhain 2013.

#### 4.4. Comhoibriú leis na tíortha comhlachaithe

##### Comhoibriú EASO leis na tíortha comhlachaithe i bhfigiúirí in 2013

4 shocrú (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) inisilithe.

I bhFeabhra 2013 reáchtáladh an babhta deiridh idirbheartaíochta maidir le socrúcháin le tíortha comhlachaithe (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis). Ghlac EASO páirt sa phróiseas trí chéile mar bhreathnadóir. Bhí ceithre bhabhta idirbheartaíochta, an ceann deiridh i bhFeabhra 2013. Rinne na tíortha comhlachaithe inisealú ar an téacs i mí an Mheithimh 2013 agus chinn an Chomhairle ar an socrú a chríochnú in 2014.

Ceadóidh an socrú oibre do thíortha comhlachaithe páirt a ghlacadh in obair EASO agus a bheith i dteideal gníomhartha tacaíochta a fháil ó EASO. Anuas air sin, féadann EASO náisiúnaigh na dtíortha comhlachaithe a fhostú faoi chonradh.

#### 4.5. Comhoibriú leis na gníomhaireachtaí AE

##### Comhoibriú EASO leis na gníomhaireachtaí AE i bhfigiúirí in 2013

Socrú oibre sínithe idir EASO agus FRA.

Rannpháirtíocht i 4 chruinniú de Líonra Gníomhaireachtaí CGB.

2 chomh-thionscnamh oiliúna EASO–Frontex ar aithint agus dhearbhu náisiúntachta don Ghréig.

Beart éigeandála le Frontex ar theorainn na Rómáine agus na hUngáire.

Chomhoibrigh EASO go dlúth le gníomhaireachtaí eile AE in 2013, go hiltaobhach agus go déthaobhach, go háirithe i réimse CGB.



Mar chomhalta de chomhordú ginearálta na ngníomhaireachtaí AE, ghlac EASO páirt go rialta i gcruinnithe de cheannairí na ngníomhaireachtaí agus de cheannairí riaracháin, chomh maith le grúpaí oibre seanbhunaithe, amhail an Líonra feidhmíochta nó an Líonra Dlí Idir-Ghníomhaireachta (IALN).

I gcomhthéacs Líonra Gníomhaireachtaí CGB, ghlac EASO páirt i dtrí chruinniú de Ghrúpa Teagmhála na nGníomhaireachtaí CGB agus i gCruinniú Cheannairí na nGníomhaireachtaí CGB a raibh CEPOL mar chathaoirleach air in 2013. D'ullmhaigh an ghníomhaireacht an obair chun cathaoirleacht an Líonra a ghlacadh in 2014. In 2013 sa Líonra Gníomhaireachtaí CGB cuimsíodh CEPOL, EASO, CIGE, an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugáí (EMCDDA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (eu LISA), Frontex agus FRA. Ghlac an Coimisiún Eorpach, lena náirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus SEGS páirt sa líonra i rith 2013. Bhí na mór-cheisteanna a pléadh i rith 2013 bainteach le comhordú traenála, soghluaisteacht acmhainní daonna agus caidrimh sheachtracha.

Ar leibhéal déthaobhach, lean EASO agus Frontex le cur chun feidhme an tsocraithe oibre a bhí sínithe ag an dá ghníomhaireacht in 2013. Díríodh, ach go háirithe, ar chomhordú an chomhoibríthe oibríochtúil sa Ghréig, agus ar chomhordú gníomhartha traenála, lena náirítear seachadadh comh-chúrsa traenála ar dhearbhu náisiúntachta. Treisíodh an malartú sonraí agus anailís ar threochtaí imirce agus tearmainn i rith 2013. Mar atá luaite i Roinn 3.8, i rith an tsamhraidh 2013 stiúir EASO cleachtadh tacaíochta éigeandála, a tharla in éineacht le cleachtadh oibríochtúil de chuid Frontex (REX2013) sna limistéir teorann na hUngáire agus na Rómáine leis an tSeirbia. Ghlac EASO páirt mar chomhalta sna trí chruinniú d'Fhóram Comhchomhairleach Frontex in 2013, le Frontex ag freastal ar lánchruinniú d'Fhóram Comhchomhairleach EASO. Ar an ngné sheachtrach, d'aontaigh EASO agus Frontex go nglacfaidís páirt i dtionscadal ENPI san Iordáin, i Maracó agus sa Túinéis. Ar deireadh, tugadh cuireadh do Frontex páirt a ghlacadh i gceisteanna áirithe de chuid chruinnithe Bhord Bhainistíochta EASO.

Maidir le comhoibriú le FRA, chríochnaigh an dá ghníomhaireacht socrú oibre <sup>(8)</sup> i mí an Mheithimh 2013 a chlúdaigh, bunaithe ar chomhoibriú eiseach, traenáil, tacaíocht cháilíochta, comhoibriú oibríochtúil, taighde, faisnéis agus anailís, mar aon le comhoibriú cothrománach. Anuas air sin, ghlac FRA páirt i ngníomhaíochtaí EASO, go háirithe i réimse na nuirlisí cáilíochta agus traenála, fad is a thug EASO saineolas agus ghlac sé páirt i seoladh an *Handbook on European law relating to asylum, borders and migration* [Lámhleabhar maidir le dlí Eorpach ar thearmann, teorannacha agus imirce].

In 2013 thóg EASO agus Europol ar a gcomhoibriú leanúnach, go háirithe i réimse EPS, agus rinne CEPOL agus EASO tuilleadh forbartha ar a gcomhoibriú maidir le malartú modheolaíochtaí traenála. In 2013 thosaigh EASO agus eu LISA ag iniúchadh ar fhéidearthachtaí maidir lena gcomhoibriú déthaobhach, go háirithe maidir le Eurodac i gcomhthéacs na nionstraimí tearmann athmhúnlaithe.

## 4.6. Fóram Comhchomhairleach agus comhoibriú le páirtithe leasmhara eile

### Fóram Comhchomhairleach agus comhoibriú EASO le páirtithe leasmhara eile i bhfigiúirí in 2013

4 fhéilire chomhairliúcháin ráithiúil .

24 gníomhaíocht chomhairliúcháin.

4 chruinniú (lánchruinniú an Fhórait Comhchomhairligh agus 3 chruinniú an Ghrúpa Comhairligh)

Lasmuigh den chomhoibriú le hinstiúidí, le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí AE agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus idir-rialtais, coimeádann EASO dlúthchaidreamh le páirtithe leasmhara ábhartha eile, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an lucht acadúil agus cumainn chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí. Maidir leis an gceann deiridh, sonraíonn Roinn 3.6.3 den tuarascáil seo na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2013 maidir le comhoibriú le cúirteanna agus binsí ar thearmann.

Anuas air sin, is ionann Fóram Comhchomhairleach agus meicníocht chun faisnéis a mhalartú agus feacht a chomhchruinniú idir EASO agus na páirtithe leasmhara ábhartha. Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh óna

<sup>(8)</sup> Tá an socrú oibre idir EASO agus FRA ar líne ag: <http://easo.europa.eu/wp-content/uploads/20130606-EASO-FRA-working-arrangement-FINAL.pdf>

cuid taithí in 2011 agus 2012, thug EASO an Fóram Comhchomhairleach céim chun tosaigh in 2013. Ar aon dul le plean oibríochtúil EASO an Fhórait Chomhchomhairligh ar ghlacadh leis in 2012, d'fhoilsigh EASO a féilire chomhairliúcháin ar bhonn ráithiúil agus d'eagraigh sí 24 gníomhaíocht chomhairliúcháin, lena náirítear ar an *gClár oibre EASO 2014*, ar *Thuarascáil bhliantúil maidir le staid tearmainn san Aontas Eorpach 2012* agus ar *EASO: tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil 2012*. In 2013 thug EASO cuireadh freisin do chomhaltaí an Fhórait Chomhchomhairligh faisnéis a thabhairt ar phríomhghnéithe maidir le feidhmiú CEAS agus d'fhoilsigh sí gairm oscailte d'ionchur, ag tabhairt cuireadh dóibh faisnéis a thabhairt ar a gcuid gníomhartha agus tionscadal le tionchar faoi leith ar chur chun feidhme CEAS ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach.

Tugadh aird faoi leith in 2013 ar obair maidir le mionaoisigh neamhthionlactha, ina raibh comhaltaí den Fhóram Comhchomhairleach páirteach i bhforbairt forbheathnaithe ar an staid maidir le measúnú aoise agus rianú teaghlaigh.



Tríú Fóram Comhchomhairleach, Málta, 27 agus 28 Samhain 2013.

Maidir le gníomhaíochtaí traenála tugadh cuireadh do chomhaltaí roghnaithe den Fhóram Comhchomhairleach páirt a ghlacadh sa ghrúpa tagartha traenála ag brath ar ábhar. I rith na bliana 2013 chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta uair amháin ar a laghad ar mhaithe le forbairt mhodúil áirithe traenála EASO maidir le “CEAS”, “Bainisteoirí”, “Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh”, “Treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn”, “Rialachán Bhaile Átha Cliath”, “Agallóireacht leanaí”, “Agallóireacht daoine leochaileacha”, agus “Dlí idirnáisiúnta um dhéanaithe agus cearta an duine”.

Thairis sin, in 2013 rinne EASO gairm oscailte do léirithe spéise ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith páirteach i dtrí phríomh-réimse spriocdhírthe d'obair EASO: mionaoisigh neamhthionlactha (measúnú aoise agus rianú teaghlaigh), curaclam traenála EASO (trí mheán an ghrúpa tagartha) agus EPS EASO.

I rith 2013 d'fhorbair EASO ardán comhairliúcháin trí láithreán gréasáin EASO.


In 2013 lean EASO leis an gcomhoibriú atá aige leis an lucht acadúil, a bhí páirteach in obair EASO trí fhórait éagsúla, e.g. trí gníomhaíochtaí forbartha traenála agus tríd an bhFóram Comhchomhairleach féin. Ghlac EASO páirt i dtrí chomhdháil agus léacht a d'eagraigh an lucht acadúil i réimse tearmainn agus CEAS.

I mí na Samhna 2013 reáchtáil EASO an tríú lánchruinniú EASO den Fhóram Comhchomhairleach. Pléadh réimse leathan ábhar, lena náirítear EPS EASO, obair EASO sa Ghréig, próisis cháilíochta EASO, cás-staidéar EASO faoi na Balcáin Thiar, ról EASO ar an ngné sheachtrach de CEAS, COI coiteann ar tháirgí déanta ag EASO agus ról EASO i staideanna éigeandála. Cuireadh críoch leis an gcruinniú le plé painéil ar chur chun feidhme CEAS agus ar dhearcaí do chlár iar-Stócólm. D'fhonn taithíocht a dhéanamh ar obair EASO agus a foireann, thug comhaltaí an Fhórait Chomhchomhairligh cuairt ar cheanncheathrú EASO freisin agus d'fhreastail siad ar shraith léirithe a rinne foireann EASO faoi réimsí éagsúla d'obair EASO.

Bhuail an Grúpa Comhairleach, a cuireadh ar bun chun tacaíocht a thabhairt di i mbunú agus i gcéimeanna tosaigh an Fhórait Chomhchomhairligh, le chéile trí huair in 2013. I rith na bliana chuimsigh sé cúigear saineolaí sinsearach a d'ainmnigh an Coimisiún Eorpach, UNHCR, ECRE, Lónra Odysseus agus IARLJ.

## 4.7. Eagraíocht EASO

| Eagraíocht EASO i bhfigiúirí in 2013   |
|--|
| <p>71 ball foirne (15 nós imeachta earcaíochta nua curtha i gcrích).<br/>           EUR 12 milliún i leithreasaí gealltanais agus EUR 10.5 milliún i leithreasaí íocaíochta.<br/>           156 conradh agus 9 gconradh réime ilbhliantúil curtha ar bun.<br/>           600 suibscríobhaí nua don nuachtlitr, 14 preaseisiúint, 9 neagrán den nuachtlitr, 15 agallamh le baill an phreasa agus 4 chomhdháil nuachta reáchtáilte.<br/>           Measúinuithe inmheánacha agus seachtracha EASO.</p> |



In 2013 bhí a stiúrthóir feidhmiúcháin mar cheann ar struchtúr eagraíochta inmheánaí EASO, a chomhlíon a chuid dualgas mar ionadaí dlíthiúil EASO, agus i measc na bhfreagrachtaí a bhí air bhí bainistiú riaracháin EASO agus cur chun feidhme an chláir oibre agus cinntí an Bhoird Bhainistíochta.

In 2013 fuair an stiúrthóir feidhmiúcháin tacaíocht dhíreach ó oifig feidhmiúcháin agus ón gceathrar ceannairí de na haonaid/lárionaid seo a leanas agus ón oifigeach cuntasaíochta:

- Aonad Riaracháin agus Gnóthaí Ginearálta (GAAU),
- Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse (CIDA),
- Lárionad um Thacaíocht Oibríochtúil (COS),
- Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais (CTQE).

I rith 2013 thionóil an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an ceathrar ceannairí aonaid/lárionaid cruinniú seachtainiúil den fhoireann bhainistíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun cinn ghníomhaíochtaí agus eagraíocht EASO agus chun gníomhaíochtaí le teacht a phlé.

Gan dochar don fhaisnéis mionsonraithe atá tugtha i gCuid II den tuarascáil bhliantúil seo, is é seo a leanas mar a bhí an fhoireann, an buiséad agus forbhreathnú soláthair in 2013.

Bhí 71 ball foirne ag EASO ag deireadh 2013, lena náirítear 31 Riarthóir, 13 cúntóir, 15 gníomhaí conartha agus 12 saineolaí náisiúnta ar iasacht. Bhí ionadaíocht cheana féin ag fiche náisiúntacht de Bhallstáit AE in EASO ag deireadh 2013. Chríochnaigh EASO 15 nós imeachta earcaíochta, le go leor comórtas ar phlean bunaíochta 2013 nár cuireadh i gcrích go dtí tús na bliana dár gcionn. Mar thoradh ar an gcothromaíocht inscne i measc EASO bhí 41 ball foirne baineann (58%) agus 30 ball foirne fireann (42%). Anuas air sin, toghadh céad Choiste Foirne EASO

i Meán Fómhair 2013. I rith na bliana seo ghlac EASO lena leabhar ar shonraí poist agus chomhdhlúthaigh sí clár ionduchtúcháin do dhaoine nua freisin.

Maidir leis an mbuiséad agus a chur chun feidhme, b'ionann buiséad EASO in 2013 ar dtús agus EUR 12 milliún i leithreasáí gealltanais agus EUR 9 milliún i leithreasáí íocaíochta. Mhéadaigh leasú buiséid na leithreasáí íocaíochta go EUR 10.5 milliún. I mí na Nollag 2013 ghlac EASO lena rialachán airgeadais nua.

Maidir le soláthar, in 2013 rinne EASO breis comhdhlúthaithe ar phleanáil, ar mhonatóireacht agus ar thuairisciú maidir le próisis chonraitheoireachta agus soláthair. D'éirigh léi an plean soláthair do 2013 a chur chun feidhme, ag tacú le láimhseáil naoi nós imeachta earcaíochta oscailte agus 43 nós imeachta earcaíochta idirbheartaíochta. Bhí naoi gconradh réime ilbhliantúil mar thoradh agus cuireadh 156 conradh ar bun.

Maidir leis an bpreas agus le cumarsáid, rinne EASO uasghrádú ar a láithreán gréasáin chun é a dhéanamh níos idirghníomhaí, níos trédhearcaí agus níos fusa le húsáid. Anuas air sin, d'fhorbair EASO dlúthchaidreamh le baill straitéiseacha d'eagraíochtaí ábhartha na meán. In 2013 d'eisigh EASO 14 preaseisiúint agus naoi neagrán dá nuachtlitir. Chláraigh EASO 600 suibscríobhaí nua dá nuachtlitir. Rinne an ghníomhaireacht 15 gallamh le baill an phreasa agus réachtáil sí ceithre phreasócáid. Rinneadh sleachta preasa laethúla agus monatóireacht laethúil ar an bpreas. In 2013 ghlac EASO lena amharc-aithne. Rinne EASO bainistiú éifeachtach ar bhosca ríomhphoist eolais EASO, ag fáil breis is 500 iarratas rphoist, agus chuir sí feabhas ar a gníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha. Tá liosta foilseachán EASO ar fáil i Roinn 5 de Chuid II den tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil seo.

I réimse na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), d'fhorbair EASO ar an infreastruchtúr TFC a forbraíodh in 2012. Cuireadh feabhas ar an infreastruchtúr TFC chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochta, go háirithe i réimse EPS agus an tairseach coiteann COI. Bhí fócas EASO in 2013 ar fhothaí a leagan síos do chur chun feidhme *active directory* [eolaire gníomhach] agus d'infreastruchtúr córas rphoist laistigh de thimpeallacht fhíorúil. Rinneadh simpliú ar bhainistiú córas agus seirbhísí, rud a chumasaíonn solúbthacht maidir le pleanáil agus le cur chun feidhme de straitéis thubaiste agus athshlánaithe. Chuir EASO infreastruchtúr braislithe ard-infhaighteachta ar bun d'óstáil na gcóras bainistíochta bunachar sonraí atá aige. Shuiteáil infreastruchtúr físchomhdhála agus forbraíodh seirbhísí teirminéil chun freastal ar chianrochtain ar chórais EASO. Tugadh isteach beartas TFC maidir le húsáid inghlactha acmhainní.

Maidir le lóistíocht, thug EASO aird faoi leith ar chomhdhlúthú ar bhunú agus feistiú a foirgnimh nua tar éis comhlíonadh an aistrithe in 2012. Rinne EASO breis forbartha ar a fardalach sócmhainní fisiceacha.

Maidir le bainistiú doiciméad agus cosaint sonraí, in 2013 chomhdhlúthaigh EASO "Clár na noibríochtaí próiseála" agus d'fhorbair sí fardalach oibríochtaí próiseála a úsáideann sonraí pearsanta. Cuireadh seiceálacha roimhe sin faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (EDPS) ar bhainistiú laethanta saoire, ar sholáthar agus ar an Díorma um Idirghabháil Tearmainn. Dréachtaíodh ráitis phríobháideachais d'oibríochtaí éagsúla EASO. Dréachtaíodh chomh maith cairt an oifigigh um chosaint sonraí agus forbraíodh leabhar de bheartais agus nósanna imeachta in 2013.

Ar aon dul leis na moltaí ó IAS agus ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa, chuir EASO rialuithe inmheánacha i bhfeidhm, agus rinneadh forbairt bhreise orthu, de réir na gcaighdeán rialuithe inmheánacha ar glacadh leo i mí na Samhna 2012. Tá tagairtí do ghníomhaíochtaí ina leith seo i Roinn 1 de Chuid II den tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil seo.

#### 4.7.1. Measúnú inmheánach agus seachtrach EASO

I rith na bliana 2013, rinne an Coimisiún Eorpach measúnú ar thionchar EASO ar an gcomhoibriú praiticiúil ar thearmann agus ar an CEAS mar chuid de na gníomhaíochtaí ina chumarsáid faoi dhlúthpháirtíocht fheabhsaithe laistigh den AE maidir le tearmann. Cuireadh críoch leis an measúnú inmheánach i mí na Nollag 2013 agus glacadh lena chonclúidí in 2014.

Ar an lámh eile, ghlac an Bord Bainistíochta leis na téarmaí tagartha don chéad mheasúnú neamhspleách ar EASO. Déanfaidh an measúnú seachtrach seo atá le cur i gcrích in 2014 measúnú ar thionchar na Gníomhaireachta ar an gcomhoibriú praiticiúil i réimse an tearmainn agus ar an CEAS i gcoitinne. Tabharfaidh an measúnú

aird chuí ar an dul chun cinn atá déanta, laistigh de shainordú EASO, lena náirítear measúnú ar cibé an bhfuil gá le bearta breise d'fhonn dlúthpháirtíocht éifeachtach a áirithiú agus d'fhonn a áirithiú go ndéanfar freagrachtaí a roinnt leis na Ballstáit a mbeidh brú ar leith orthu. Dhírigh an measúnú ach go háirithe ar aon riachtanas a bheadh ann sainordú EASO a mhionathrú, lena náirítear na himpleachtaí airgeadais a bheadh mar thoradh ar an saghas mhionathraithe sin, agus déanfaidh sé iniúchadh freisin ar cibé an iomchuí é an struchtúr bainistíochta d'fhonn dualgais EASO a chomhlíonadh.

Déanfar measúnú ar ghníomhaíochtaí EASO ag cur san áireamh na sainchuspóirí seo a leanas, atá ar na príomh-chritéir mheasúnaithe freisin: breisluach AE, tionchar, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus cleachtais oibre EASO. Clúdóidh an measúnú neamhspleách an tréimhse Meitheamh 2011-Meitheamh 2014 agus cuirfidh conraitheoir seachtrach i bhfeidhm é tar éis nós imeachta tairisceana.



# CUID II

## 1. Bloic thógála ionsar dhearbhu ráthaíochta

### 1.1. Bloc tógála 1: Measúnú ag an mbainistíocht

Ag féachaint do thacú le dlíthiúlacht agus rialtacht, glacadh na caighdeáin rialaithe inmheánaigh (ICS) le haghaidh bainistíocht éifeachtach in 2012 agus tá siad seo curtha i bhfeidhm i gcaitheamh 2013 trí ghlacadh le nósanna imeachta le haghaidh beagnach gach próiseas airgeadais. An fhoireann reachtúil go léir atá sannta chun dualgais gníomhaithe airgeadais a chomhlíonadh, fuair sí an oiliúint is gá ar na nósanna imeachta sin agus ar na rialacha gaolmhara.

De bhrí go gcuirtear bainistíocht fhóna airgeadais chun cinn mar threoirphrionsabal i dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid, tá an leibhéal barainneachta, éifeachtachta agus éifeachtúlachta a bhaintear amach, i ndáil le hidirbhearta airgeadais, i gcomhréir le hinfhaighteacht na foirne a shanntar chuig na tascanna sin sa chomhthéacs tionscanta eagraíochta ó baineadh amach neamhspleáchas airgeadais an 20 Meán Fómhair 2012 i leith.

Rinne an Ghníomhaireacht tuilleadh forbartha ar a cultúr bainistíochta airgeadais trí chur chun feidhme an ICS agus mholtaí na neintiteas iniúchóireachta. Sholáthair sí oiliúint ábhartha dá cuid foirne freisin agus tá sí á soláthar sin go fóill.

I mí an Mhárta 2013 rinne EASO féinmheasúnú maidir le stádas chur chun feidhme an ICS, inar léiríodh diongbháilteacht i ndáil le timpeallacht rialaithe inmheánaigh bhailí a thuiscint agus a bhunú.

### 1.2. Bloc tógála 2: Torthaí ó iniúchtaí 2013

#### 1.2.1. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh inmheánach

Thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) cuairt ar EASO an 11-19 Aibreán 2013 chun measúnú riosca iomlán a dhéanamh, mar aon le hathbhreithniú teoranta ar an ICS.

I gcaitheamh an mheasúnaithe riosca iomláin in 2013, rinne an IAS anailís ar mhórpheáras EASO, idir phróisís oibríochtúla (a bhaineann lena misean) agus phróisís riaracháin (lena dtacaítear leis na cúraimí oibríochtúla). Ar bhonn an mheasúnaithe riosca sin, d'fhorbair an IAS plean straitéiseach um iniúchadh inmheánach (SIAP) don tréimhse 2014-16, inar sainithníodh na réimsí inar ceart do EASO gníomhartha spriocdhírith a ghlacadh, chomh maith leis na trí hábhar seo a leanas i gcomhair iniúchtaí amach anseo: cur chun feidhme pleananna oibriúcháin faoi chuimsiú chreat tacaíochta éigeandála EASO; bainistíocht oiliúna; fhorghníomhú an bhuiséid agus cur chun feidhme an phlean soláthair.

Maidir leis an athbhreithniú teoranta, bhí an IAS dírithe ar mheasúnú neamhspleách ar leordhóthanacht dheardh agus éifeachtacht chur chun feidhme an ICS a sholáthar don stiúthóir feidhmeannach agus don Bhord Bainistíochta. Chlúdaigh raon feidhme an athbhreithnithe na 16 ICS arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta i mí na Samhna 2012, atá coibhéiseach leis na cinn arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach i leith a chuid ranna agus seirbhísí féin.

Ar bhonn thorthaí an athbhreithnithe theoranta, d'éisigh an IAS 18 moladh, sé mholadh a tugadh rátáil “an-tábhachtach” dóibh agus 12 moladh a bhí “tábhachtach”. Níor eisíodh aon mholtaí criticiúla.

Thug an IAS ar aird gurb amhlaidh, go ginearálta, gur léiríodh san athbhreithniú go ndearna EASO iarrachtaí i gcur chun feidhme an ICS, mar ba léir i bhfianaise na samplaí cleachtas agus nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm cheana féin agus i bhfianaise na bpleananna chun feabhas breise a chur ar an timpeallacht rialaithe. Mhol an IAS go gcuirfí na cleachtais agus na nósanna imeachta sin ar bhonn foirmiúil.

Thairis sin, dhírigh an IAS aird mar dhea-chleachtas ar fhéinmheasúnú a bheith déanta ag EASO cheana féin maidir le stádas chur chun feidhme ICS i Márta 2013. Leag an IAS béim ar an gcaoi ar léirigh an méid sin diongbháilteacht EASO i ndáil le timpeallacht rialaithe inmheánaigh bhailí a thuiscint agus a bhunú. Mheas an IAS gur thuill na hiarrachtaí sin meas dearfach, i gcomhthéacs an Ghníomhaireacht a bheith ina céim tionscanta agus i bhfianaise na fírice nach ndearnadh EASO neamhspleách ó thaobh airgid go dtí mí Mheán Fómhair 2012.

Tar éis an iniúchta in Aibreán 2013, d'ullmhaigh EASO an plean gníomhaíochta seo a leanas le bearta a bhí le cur chun feidhme in 2013 agus 2014.

| TOSAÍOCHT        | PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA   |
|------------------|---|
| Tábhachtach      | Ráitis mhisin na n-aonad a ghlacadh ag teacht le misean EASO agus iad a chur in iúl don fhoireann.  |
| Fíorthábhachtach | A chinntiú go mbeidh gach ball foirne de chuid EASO rannpháirteach i seisiún oiliúna/faisnéise ar eitic agus go mbeidh sé ar fáil go rialta.  |
| Fíorthábhachtach | Nós imeachta a ghlacadh chun tuairisciú córasach ar dhéanamh ar neamhrialtachtaí nó éagóir, lena náirítear nós imeachta sceithreacht.   |
| Fíorthábhachtach | Treoracha/rialacha inmheánacha a eisiúint maidir le cosc a chur ar chalaouis, ar éilliú agus ar aon ghníomhaíocht dhleathach a dhéanann dochar do leasanna an Aontais. Rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cinneadh an Bhoird Bainistíochta ar OLAF.   |
| Fíorthábhachtach | Rialacha a eisiúint maidir le bainistiú coinbhleachtaí leasa do chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.   |
| Fíorthábhachtach | Admháil fhoirmiúil fála agus aitheantais ar an gcreat eiteiciúil in EASO a thabhairt isteach, d'fhoireann agus do bhaill foirne nua EASO, tráth an tseisiúin oiliúna faoi seach.  |
| Inmhianaithe     | Gnéithe bunúsacha a bhaineann le pleanáil bunaithe ar ghníomhaíocht agus le buiséadú a thabhairt isteach chun tacú leis an bpróiseas pleanála bliantúla agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iarbhir na n-acmhainní daonna.  |
| Tábhachtach      | Go síneodh gach ball den choiste roghnúcháin dearbhuithe easpa coinbhleachta leasa agus dearbhuithe rúndachta roimh thosú ar an bpróiseas roghnúcháin.  |
| Tábhachtach      | Doiciméadú leordhóthanach a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, lena náirítear céimeanna maidir le maoirseacht agus rialú bainistíochta — baineann sé sin go háirithe le hobair agus cinntí an choiste roghnúcháin, a gcaithfear a dhoiciméadú ar shlí a bheidh mionsonraithe go leor. |
| Tábhachtach      | Fianaise ar cheadú roimh ré an fhógra folúntais a choinneáil, chomh maith leis na doiciméid ar fad a bhaineann leis an earcaíocht, i gcomhad lárnach amháin earcaíochta.  |
| Tábhachtach      | Cur síos agus cuspóirí poist a chur i gcrích agus a chur ar bhonn foirmiúil do gach ball foirne. Ba cheart doiciméid a bheith dátaithe agus sínithe ag an sealbhóir poist faoi seach.   |
| Tábhachtach      | Rialacha cur chun feidhme atá in easnamh ón na rialacháin foirne a chur i gcrích agus a ghlacadh, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 110.  |
| Fíorthábhachtach | Cuspóirí aonair bliantúla (SMART), a bheidh ailínithe le cuspóirí EASO, a bhunú do gach ball foirne, rud a bheidh ina bhonn le haghaidh an mheasúnaithe feidhmíochta bhliantúil.  |
| Fíorthábhachtach | Rialacha inmheánacha ar ardú céime agus athaicmiú na mball foirne a ghlacadh.   |
| Fíorthábhachtach | Beartas oiliúna agus forbartha foirne a ghlacadh, lena náirítear treoirlínte maidir le cur chun feidhme.  |
| Fíorthábhachtach | Plean bainistíochta bliantúil do chur chun feidhme an chláir oibre a shainiú.   |
| Fíorthábhachtach | Táscairí feidhmíochta a ghlacadh chun tacú le pleanáil bhliantúil, chomh maith le monatóireacht agus obair leantach ar chur chun feidhme na bpleananna. Ba cheart go gcomhlíonfadh na táscairí na critéir RACER, a mhéid is féidir  |
| Fíorthábhachtach | Cuspóirí aonaid/roinne a ghlacadh.  |



| TOSAÍOCHT        | PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA  |
|------------------|--|
| Fíorthábhachtach | Córais tuairiscithe inmheánacha agus nósanna imeachta bainteacha a chur ar bhonn foirmiúil chun tacú le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhaintear amach i bhfeidhmiú an chláir oibre.   |
| Fíorthábhachtach | Cleachtadh bliantúil um measúnú riosca a dhéanamh agus na torthaí a áireamh sa timthriall pleanála bliantúla.  |
| Fíorthábhachtach | Pleananna gníomhaíochta bainistíochta riosca a bhunú, ag cur san áireamh gnéithe costais agus tairbhe, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu d'fhonn a chinntiú go mbeidh na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm ábhartha amach anseo.  |
| Fíorthábhachtach | Clár riosca a bhunú, lena náirítear rioscaí, gníomhaíochtaí agus freagrachtaí sainaitheanta.   |
| Tábhachtach      | Nós imeachta a ghlacadh chun athbhreithniú rialta/tréimhsiúil a dhéanamh ar chearta rochtana ABAC i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligin agus na hainmniúcháin.   |
| Tábhachtach      | Beartas ar fheidhmeanna íogaire a fhorbairt, lena náirítear sainaitheint na bpost sin ar fad ar chóir iad a bheith sonraithe amhlaidh sa chur síos ar an bpost. Ba cheart don Ghníomhaireacht rialuithe maoluithe a fhorbairt freisin (treoir ón gCoimisiún faoi fheidhmeanna íogaire (SEC(2008 77))). |
| Tábhachtach      | Pleanáil soláthair a chur chun feidhme arna neartú trí dháileadh soiléir ar ról agus ar fhreagrachtaí (lena náirítear dréachtú sonraíochtaí teicniúla — ról, freagrachtaí, amlínte) agus lena náirítear maoirseacht shainiúil.   |
| Fíorthábhachtach | Struchtúr rialachais TF comhréireach (e.g. coiste stiúrtha TF nó bord rialachais TF) a bhunú chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail thábhachtacha TF de chuid EASO.  |
| Fíorthábhachtach | Straitéis agus beartais TF a ghlacadh ar leordhóthanach iad chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhíonn ag brath ar TF.  |
| Fíorthábhachtach | Acmhainní TF agus cumas na foirne TF a atreisiú.   |
| Fíorthábhachtach | Creat bainistíochta tionscadal TF a ghlacadh.  |
| Tábhachtach      | Mapáil a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna imeachta, d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad iomlán, cothrom le dáta agus nach bhfuil aon bhearnaí iontu ná aon fhorluí i gceist leo.   |
| Tábhachtach      | Formhuiniú foirmiúil a dhéanamh ar na nósanna imeachta ar fad atá curtha ar bun.   |
| Tábhachtach      | Leas a bhaint as clár na heisceachtaí mar ionstraim <i>ex ante</i> (agus go heisceachtúil mar thaifead <i>ex post</i> ar earráidí) chun dhlísteanú, formheas agus tuairisciú a dhéanamh ar aon imeacht ó phróisis bhunaithe nó nósanna imeachta bunaithe, i ngach réimse gníomhaíochta.                |
| Tábhachtach      | Na nósanna imeachta um chosaint sonraí (fardal na bpróiseas) a thabhairt chun críche agus oiliúint a chur ar bhail foirne sa réimse sin.   |
| Tábhachtach      | Beartais agus nósanna imeachta TF iomchuí a chur ar bhonn foirmiúil i réimse na slándála, na diúscair, an aicmithe sonraí agus na húnireachta sonraí.  |
| Fíorthábhachtach | Creat um leanúnachas gnó a ghlacadh, lena náirítear creat TF, d'fhonn cur isteach ar ghníomhaíochtaí lárnacha a sheachaint.  |
| Fíorthábhachtach | Socruithe a chur ar bun lena gcumasófar cóipeanna cúltaca TF a choinneáil lasmuigh d'áitreabh EASO.  |
| Tábhachtach      | Rialacha agus treoirlínte a chur i gcrích lena gclúdfar gach réimse den bhainistíocht doiciméad i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm (scéim rangaithe i gcomhair doiciméad agus plean maidir lena gcoinneáil, láimhseáil faisnéise íogaire, etc.).  |
| Tábhachtach      | Straitéis chumarsáide ghéarchéime a ghlacadh.  |
| Tábhachtach      | Bealaí soiléire cumarsáide a bhunú chun laig rialaithe inmheánaigh a chur in iúl.  |
| Tábhachtach      | Nós imeachta a ghlacadh chun déileáil le cearta maoinleachtúla (cóipcheart).   |
| Tábhachtach      | Nós imeachta a ghlacadh i ndáil le hábhar an tsuímh gréasáin a bhainistiú (ceadú, uaslódáil agus nuashonrú) agus i ndáil le seiceálacha/athbhreithnithe rialta ar an suíomh gréasáin.  |
| Tábhachtach      | An córas cuntasáíochta a bhailíochtú i gcomhlíonadh Airteagal 43.1(e) de rialachán airgeadais EASO.  |
| Tábhachtach      | Nósanna imeachta airgeadais EASO a chur ar bhonn foirmiúil agus a chur chun feidhme.   |

| TOSAÍOCHT   | PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA   |
|-------------|---|
| Tábhachtach | A chinntiú go ndéantar sannadh soiléir ar ról agus freagrachtaí i réimse an bhuiséid, an airgeadais agus na gconarthaí ag teacht leis an struchtúr eagraíochtúil.   |
| Tábhachtach | Clár oibre EASO a chur i gcrích le hachóimre ghearr ar ghníomhaíochtaí atá beartaithe maidir le rialú inmheánach, go háirithe pleananna atá dírithe ar rialuithe atá ann cheana féin a fheabhsú.  |
| Tábhachtach | An méid seo a leanas a chur san áireamh i dtuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO: cur síos ar conas a oibríonn an córas um rialú inmheánach, na huirlisí monatóireachta atá ar fáil don bhainistíocht (e.g. tuairisciú bainistíochta rialta, amhail an tuarascáil stádais riaracháin agus oibríochta, cruinnithe beartas bainistíochta, rialuithe tábhachtacha ar chur chun feidhme an bhuiséid ( <i>ex ante</i> agus <i>ex post</i> araon), bainistíocht riosca agus torthaí na niniúchtaí (ECA agus IAS araon). |

Amhail an 31 Nollaig 2013 ní raibh aon mholtaí criticiúla oscailte. Bhí gach ceann de na moltaí curtha i bhfeidhm nó bhíodar ag teacht leis an sceideal a bhí leagtha amach ina leith. Thug an IAS le fios go raibh moill ní ba lú ná 6 mhí ar dhá mholadh fíorthábhachtach (maidir le measúnú agus forbairt foirne agus maidir leis an bplean bainistíochta bliantúil) os coinne na spriocdháta a bhí sainithe i bplean gníomhaíochta EASO.

## 1.2.2. Conclúidí agus obair leantach maidir le hiniúchadh seachtrach

Gach bliain, tugann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa tuairim maidir le hiontaofacht ráiteas airgeadais (cuntais bhliantúla) na Gníomhaireachta agus tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na nidirbheart atá ina mbonn ag na cuntais sin.

Le linn 2013, thug an Chúirt Iniúcháirí cuairt ar EASO ón 20 go 24 Bealtaine 2013 chun an tiniúchadh bliantúil a dhéanamh don bhliain airgeadais 2012.

Tá na príomhráitis a rinneadh i ndiaidh an iniúchta sin thíos, mar aon leis an trácht leantach a thug EASO.

| NÓTAÍ TRÁCHTA   | STÁDAS   |
|---|--|
| Níl córas cuntasáiochta na hOifige bailíochtaithe go fóill ag an oifigeach cuntasáiochta.   | Dréachtaíodh tuarascáil ar an mbailíochtú ar chóras cuntasáiochta EASO i mí na Bealtaine 2013. Síníodh an tuarascáil deiridh an 29 Bealtaine 2013 (bunaithe ar na chéad mhíonna tar éis neamhspleáchas airgeadais EASO).   |
| Rinneadh rómheastachán nach beag ar na riachtanais bhuiséadacha do 2012: níor gealladh ach EUR 4.8 milliún as an EUR 7 milliún a aistríodh nuair a fuarthas neamhspleáchas airgeadais. Tugadh leithreasáí geallta dar luach EUR 3.2 milliún ar aghaidh, arb ionann iad agus 65.13 % de na leithreasáí iomlána a gealladh don tréimhse neamhspleáchas airgeadais. [...] Baineann siad den chuid is mó le sonraisc nach bhfuil faighte agus/nó íochta go fóill ag deireadh na bliana agus le haisíocaíochtaí costas ar feitheamh a bhaineann le saíneolaithe. | Faoi láthair, déanann EASO monatóireacht leanúnach ar thomhaltas na ngealltanais buiséadach. Eisítear tuarascáil mhíosúil ar fhorghníomhú an bhuiséid, déantar anailís uirthi, agus déantar obair leantach ina leith. Tá cleachtadh athbhreithnithe buiséid i lár na bliana curtha ar bun chun measúnú a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le leasuithe ar an mbuiséad agus/nó aistrithe a dhéanamh laistigh den bhuiséad. In 2013, gheall EASO 87 % dá bhuiséad. B'ionann na leithreasáí a tugadh anonn agus 24 % de na leithreasáí geallta iomlána, agus bhain an chuid ba mhó díobh le sonraisc nach raibh faighte agus/nó íochta go fóill ag deireadh na bliana nó le cásanna nuair nach raibh na seirbhísí a bhí i gceist seachadta go fóill. |
| Ina theannta sin, baineann thart ar EUR 0.8 milliún le hobair athchóirithe a rinneadh ag áitreabh na hOifige in 2012, a mbeidh na híocaíochtaí ina leith á ndéanamh tar éis glacadh deiridh. Tá leibhéal chomh hard de chistí tugtha anonn ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta, áfach.  |  |

| NÓTAÍ TRÁCHTA   | STÁDAS   |
|---|--|
| Níl aon fhardal fisiceach déanta chun a chinntiú go bhfuil an trealamh ar fad a cheannaíodh chun an Oifig a chur ar bun san áireamh sa chlár.   | Rinne EASO fardal cuimsitheach fisiceach ag deireadh na bliana 2013.   |
| Rinneadh caoga íocaíocht, arb ionann iad agus thart ar 20 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí, tar éis na spriocdhátaí a bhí leagtha síos sa rialachán airgeadais.   | Tá an ráta bliantúil íocaíochtaí déanacha cothrom le 18 % agus déanfar é a laghdú a thuilleadh in 2014.  |
| Tá deich gcinn den 16 caighdeán rialaithe inmheánaigh nach bhfuil curtha i bhfeidhm go hiomlán go fóill.  | I rith 2013, rinne an IAS athbhreithniú teoranta ar chur chun feidhme an ICS ag EASO. Thug an IAS le fios go bhfuil na moltaí ar fad curtha chun feidhme nó á bhfeidhmiú de réir an sceidil, agus shonraigh sé an méid seo a leanas: cuireadh moill ní ba lú ná 6 mhí ar dhá mholadh fíorthábhachtach (breithmheas agus forbairt foirne; cuspóirí agus táscairí); tá ceithre mholadh fíorthábhachtach á bhfeidhmiú de réir an sceidil (creatlach eiticíúil, bainistiú riosca, rialachas/struchtúr TF; creat um leanúnachas gnó). |
| D'fhéadfaí feabhas a chur ar thrédhearcacht na nósanna imeachta earcaíochta: ní raibh aon fhianaise ann gur socraíodh ualaithe agus scóir thairsí maidir le cuirí chun agallaimh agus maidir le bheith curtha ar an bpainéal roimh scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais, ná go raibh ceisteanna le haghaidh agallamh agus scrúduithe scríofa leagtha síos roimh scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais. | Tá feabhas curtha ar an thrédhearcacht sna nósanna imeachta earcaíochta. Nuair a tugadh neamhspleáchas riaracháin agus airgeadais do EASO, tugadh isteach cleachtais nua roghnóireachta/earcaíochta. Sonraítear na cleachtais sin freisin i mbearta earcaíochta EASO.  |

Thug an Chúirt Iniúcháirí cuairt ar EASO freisin ón 21 go 25 Deireadh Fómhair 2013, mar mhisean 1 den iniúchadh bliantúil don bhliain airgeadais 2013. Bhí misean 2 (an misean deiridh) ar siúl ón 12 go 16 Bealtaine 2014 agus cuireadh na réamhbhreithnithe ar fáil i mí an Mheithimh 2014.

Ina cuid réamhbhreithnithe, mheas an Chúirt go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuarthas leordhóthanach agus iomchuí mar bhonn dá ráiteas ráthaíochta. Tá an tuairim curtha in iúl aici go dtaispeántar go cóir i gcuntais bhliantúla EASO, i ngach slí ábhartha, a staid airgeadais amhail 31 Nollaig 2013, agus torthaí a chuid oibríochtaí agus sreafaí airgid le haghaidh na bliana dár chríoch ar an dáta sin, i gcomhréir le forálacha a rialachán airgeadais agus na rialacha cuntasáíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin. Thairis sin, tugann sí an tuairim sna réamhbhreithnithe go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 dlíthiúil agus rialta i ngach slí ábhartha.

### 1.3. Bloc tógála 3: Obair leantach maidir le háirithintí agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh iniúchtaí ó bhlianta roimhe sin

Ní raibh aon áirithintí liostaithe i dtuarascálacha gníomhaíochta bliantúla na mblianta roimhe seo.

### 1.4. Bloc tógála 4: Ráthaíocht faighte ó oifigh údarúcháin eile i gcásanna fhotharmligeán crosáilte

Ní bhaineann le hábhar.

## 2. Dearbhú ráthaíochta ón stiúrthóir feidhmiúcháin

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos,

Stiúrthóir Feidhmiúcháin na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn,

I mo cháil mar oifigeach údarúcháin,

Maidir le gníomhartha agus gealltanais EASO in 2013,

A dhearbhu go dtugann an teolas atá sa tuarascáil seo léargas fíor agus cothrom.

A lua go bhfuil dearbhú réasúnta agam go ndearnadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí a thuairiscítear sa tuarascáil seo a úsáid chun na críche a beartaíodh dóibh agus i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais, agus go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na nidirbheart bunúsach.

Tá an dearbhú réasúnta seo bunaithe ar mo bhreithiúnas féin agus ar an bhfaisnéis atá idir lámh agam, ar nós torthaí an fhéinmheasúnaithe, rialuithe *ex post*, breithniúcháin na Seirbhíse Iniúchta Inmheánaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó thuarascálacha na Cúirte Iniúcháirí do bhlianta roimh bhliain an dearbhaithe seo.

A dheimhniú nach bhfuil mé ar an eolas faoi rud ar bith nach bhfuil tuairiscithe anseo a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna EASO agus na ninstiúidí i gcoitinne.

Ag Cuan Vaileite ar 10 Meitheamh 2014

*SÍNITHE 10.6.2014*

An Dr. Robert K. Visser  
Stiúrthóir Feidhmiúcháin

## 3. Cuntais chríochnaitheacha agus tuarascálacha buiséadacha agus tuarascálacha bainistíochta airgeadais 2013

### 3.1. Réamhrá

#### 3.1.1. Réamhrá gearr

Bunaíodh an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (dá ngairtear “EASO”) de bhun Rialachán (AE) Uimh. 439/2012 <sup>(9)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (dá ngairtear “rialachán EASO”).

Cuireann EASO le Comhchóras Eorpach Tearmainn (CEAS) a chruthú. Is í aidhm EASO comhoibriú praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc na mBallstát ar an iliomad gnéithe den tearmann, amhail: tacaíocht phraiticiúil agus oibriúcháin a sholáthar do na Ballstáit; tacaíocht oibriúcháin a sholáthar do na Ballstáit a bhfuil brú faoi leith ar a gcórais tearmainn, lena náirítear comhordú na bhfoirne tacaíochta tearmainn atá comhdhéanta de shaineolaithe tearmainn náisiúnta; agus cúnadh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar i ndáil le ceapadh beartais agus reachtaíocht AE sna réimsí uile a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar thearmann.

<sup>(9)</sup> IO L 132, 29.5.2010, lch.11.

Seo a leanas tascanna EASO.

- Tacaíocht bhuan: tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do cháilíocht choiteann an phróisis tearmainn trí oiliúint choiteann, curaclam coiteann tearmainn, cáilíocht choiteann agus faisnéis choiteann na tíre tionscnaimh (COI).
- Tacaíocht speisialta: cúnamh saincheaptha, tógáil acmhainne, athlonnú, tacaíocht shainiúil agus próisis speisialta um rialú cáilíochta.
- Tacaíocht éigeandála: dlúthpháirtíocht a eagrú do Bhallstáit a bhfuil brú faoi leith orthu trí thacaíocht shealadach agus cúnamh sealadach a sholáthar chun an córas tearmainn a dheisiú nó a atógáil.
- Faisnéis agus anailís tacaíochta: comhroinnt agus cumasc faisnéise agus sonraí, anailíse agus measúnaithe — ní hamháin faisnéis a chur i gcomparáid agus a chomhroinnt, ach anailís treochtaí coiteann agus measúnú coiteann freisin.
- Tacaíocht tríú tíre: tacú leis an ngné sheachtrach, tacú le comhpháirtíochtaí le tríú tíortha d'fhonn teacht ar réitigh choiteanna, trí fhorbairt inniúlachtaí agus trí chlár cosanta réigiúnacha mar shampla, mar aon le comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí athshocraithe na mBallstát.

Tar éis iarratais ó rialtas Phoblacht Mhálda ar shuíomh EASO a óstáil, an 25 Feabhra 2010 ghlac ionadaithe rialtais Bhallstáit AE an cinneadh EASO a lonnú i gCuan Valletta <sup>(10)</sup>.

Tá EASO comhdhéanta de Bhord Bainistíochta agus stiúrthóir feidhmiúcháin a fhaigheann cúnamh ó bhaill foirne.

Tá Bord Bainistíochta EASO comhdhéanta de chomhalta amháin ó gach Ballstát, seachas an Danmhairg, beirt chomhaltaí ón gCoimisiún Eorpach agus comhalta amháin, gan cead vótála, thar ceann an UNHCR. Tugtar cuireadh don Danmhairg freastal mar bhreathnadóir ar chruinnithe uile an Bhoird Bhainistíochta agus ar chruinnithe ábhartha eile.

Tugtar achoimre ar fheidhmeanna tábhachtacha an Bhoird Bainistíochta, ina cháil mar chomhlacht rialachais agus pleanála EASO, in Airteagal 29 de rialachán EASO agus áirítear leo ceapachán an stiúrthóra feidhmiúcháin agus glacadh na gclár oibre, na dtuarascálacha bliantúla agus an bhuiséid, agus tá freagracht fhoriomlán air freisin a chinntiú go gcomhlíonann EASO a cuid dualgas go héifeachtach.

Is é an stiúrthóir feidhmiúcháin, a bheidh neamhspleách maidir le feidhmiú a chuid tascanna, ionadaí dlíthiúil EASO agus tá sé freagrach, inter alia, as bainistiú riaracháin agus as cur chun feidhme an chláir oibre agus chinntí an Bhoird Bhainistíochta. Ghabh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Dr Robert K Visser, i mbun oifige an 1 Feabhra 2011. Fónfaidh sé ar feadh téarma 5 bliana in oifig, in-athnuaite aon uair amháin ar feadh 3 bliana.

Ceapann an Bord Bainistíochta an toifigeach cuntasáochta. Chuaigh an tUasal Isaac Jiménez Carvajal i mbun na feidhme sin an 16 Lúnasa 2012.

Is í an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a chomhlíonann feidhm an iniúchta inmheánaigh.

Is í Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a chomhlíonann feidhm an iniúchta sheachtraigh.

Feidhmíonn Parlaimint na hEorpa mar an údarás urscaoilte, ag gníomhú di ar mholadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Gach bliain, foilseoidh EASO tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil ar a cuid gníomhaíochtaí, mar aon lena cuid ráiteas airgeadais (cuntais bhliantúla agus cur chun feidhme an bhuiséid).

### 3.1.2. Creatlach dlíthiúil

Ullmhaíodh an tuarascáil seo i gcomhréir le rialachán airgeadais EASO arna ghlacadh ag a Bord Bainistíochta.

<sup>(10)</sup> IO L 324, 9.12.2012, lch.47

Tar éis don oifigeach cuntasáochta na réamhbhreithnithe a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ullmhaítear na cuntais chríochnaitheacha.

Cuirtear na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha sin chuig an mBord Bainistíochta, a thabharfaidh tuairim ina leith.

Seolfar na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha, mar aon le tuairim an Bhoird Bainistíochta, chuig oifigeach cuntasáochta an Choimisiúin, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle roimh 1 Iúil 2014.

Foilseofar na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha ar láithreán gréasáin EASO (<http://www.easo.europa.eu>) agus in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is iad cuspóirí na ráiteas airgeadais faisnéis a sholáthar i dtaobh staid airgeadais, feidhmíocht agus sreabhadh airgid EASO.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na rialacha cuntasáochta a ghlacfaidh oifigeach cuntasáochta an Choimisiúin Eorpaigh, de réir phrionsabail na cuntasáochta ar bhonn fabhráithe ó thaobh na táirgeachta geilleagraí, an iarmhéid agus an tsreafa airgid.

Is ionann na cuntais ghinearálta agus cuntais fabhráithe, rud a fhágann go ndéantar éifeachtaí na nidirbheart agus imeachtaí eile a shainnithint nuair a tharlaíonn na hidirbhearta nó na himeachtaí sin (agus ní díreach nuair a fhaightear nó a íoctar airgead tirim nó a chomhionann). Tá siad bunaithe ar an IPSAS (Caighdeán Chuntasáochta Idirnáisiúnta san Earnáil Phoiblí). Cumasaítear leis na cuntais ghinearálta ullmhú na ráiteas airgeadais toisc go léirítear iontu gach ioncam agus caiteachas don bhliain airgeadais agus tá siad ceaptha chun an staid airgeadais a bhunú i bhfoirm clár comhardaithe amhail an 31 Nollaig.

Ullmhaítear an forghníomhú buiséid ar bhonn cuntasáochta airgid modhnaithe. I gcórais chuntasáochta airgid, déantar taifead ar íocaíochtaí arna ndéanamh agus ioncam arna fháil. Leis an gcuntasáocht airgid mhodhnaithe, féadfar freisin taifead a dhéanamh ar leithreasaí íocaíochta arna dtabhairt anonn. Baintear leas astu chun an cuntas táirgeachta buiséid agus tuarascálacha maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a ullmhú.

Mar thoradh ar na forálacha sin, bíonn neamhréireachtaí idir na cuntais ghinearálta agus na cuntais bhuiséid.

Cuireadh na beartais chuntasáochta i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na tréimhse

### 3.1.3. Prionsabail chuntasáochta

Bunaithe ar an rialachán airgeadais EASO, déantar na ráitis airgeadais a dhréachtú i gcomhréir leis na prionsabail chuntasáochta a nglactar go ginearálta leo agus a shonraítear sna rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an rialacháin airgeadais ghinearálta, is é sin an méid seo a leanas.

#### (a) Prionsabal an ghnóthais leantaigh

Ciallaíonn prionsabal an ghnóthais leantaigh, chun críocha na ráitis airgeadais a ullmhú, go meastar EASO a bheith bunaithe ar feadh tréimhse éiginnte.

#### (b) Prionsabal na stuamachta

Ciallaíonn prionsabal na stuamachta nach bhfuil áibhéil déanta maidir le sócmhainní agus ioncam agus nach bhfuil ganniontráil déantar ar dhliteanais agus ar mhuirir. Níl cúlchistí neamhluaithe ná forálacha míchuí ar bith cruthaithe.

**(c) Prionsabal na modhanna cuntasáíochta comhsheasmhacha**

Ciallaíonn prionsabal na modhanna cuntasáíochta comhsheasmhacha nár athraíodh comhpháirteanna na ráiteas airgeadais agus na modhanna cuntasáíochta agus na rialacha luachála ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile.

**(d) Prionsabal na comparáideachta faisnéise.**

Ciallaíonn prionsabal na comparáideachta faisnéise gurb amhlaidh, i gcás gach míre, go léirítear sna ráitis airgeadais freisin méid na míre comhfhreagraí an bhliain roimhe sin.

I gcás, de bhun an ailt roimhe seo, go bhfuil athrú déanta ar chur i láthair nó ar aicmiú cheann de chomhpháirteanna na ráiteas airgeadais, go bhfuil na méideanna comhfhreagracha don bhliain roimhe sin déanta inchomparáide agus athaicmiú déanta orthu. I gcás ina raibh sé dodhéanta míreanna a athaicmiú, déanfar é sin a mhíniú san iarscríbhinn.

**(e) Prionsabal ábharthachta**

Ciallaíonn an prionsabal ábharthachta go bhfuil na hoibríochtaí go léir a mbaineann tábhacht leo i leith na faisnéise arna lorg curtha san áireamh sna ráitis airgeadais. Rinneadh ábharthacht a mheasúnú go háirithe trí thagairt do chineál an idirbhirt nó an mhéid.

Is féidir idirbhearta a chomhiomlánú sna cásanna seo a leanas:

- má tá na hidirbhearta den chineál céanna, fiú má tá suimeanna móra i gceist;
- más díomaibhseach iad na méideanna;
- má fhágann an comhiomlánú go mbeidh na ráitis airgeadais soiléir.

**(f) Prionsabal an neamhghlanta**

Ciallaíonn prionsabal an neamhghlanta nach bhféadfar cistí infhaighte agus fiacha a fhritháireamh i gcoinne a chéile, ná nach bhféadfar amhail a dhéanamh le muirir agus ioncam, ach amháin i gcás ina ndíorthaítear na muirir agus an tioncam as an idirbheart céanna, as idirbhearta den chineál céanna nó as oibríochtaí fálaíthe, agus ar choinníoll nach bhfuil siad ábhartha ar bhonn aonair.

**(g) Prionsabal na fírinne de rogha ar dhealramh**

Ciallaíonn prionsabal na fírinne de rogha ar dhealramh go bhfuil imeachtaí cuntasáíochta a taifeadadh sna ráitis airgeadais curtha i láthair trí thagairt dá gcineál geilleagrach.

**(h) Prionsabal na cuntasáíochta atá bunaithe ar fhabhruithe**

Ciallaíonn prionsabal na cuntasáíochta atá bunaithe ar fhabhruithe gur cuireadh idirbhearta agus imeachtaí isteach sna cuntais nuair a tharla siad agus ní nuair a rinneadh íocaíocht nó aisghabháil iarbhrí ar mhéideanna. Cuirfear san áireamh sna cuntais iad do na blianta airgeadais lena mbaineann siad.

**(i) Airgeadra**

Cuirtear ráitis airgeadais EASO i láthair i euro.

**(j) Idirbhearta in airgeadra eachtrach**

Rinneadh idirbhearta geilleagracha in airgeadraí seachas euro a chomhshó ina euro ar bhonn ráta oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh.

Rinneadh líon an-teoranta idirbheart i rith na tréimhse tuairiscithe in airgeadraí eachtracha.

**(k) Neamhspleáchas airgeadais**

Ghnóthaigh EASO neamhspleáchas airgeadais an 20 Meán Fómhair 2012.

Dá réir sin, tagraíonn na ráitis airgeadais reatha don bhliain 2013, don chéad bhliain ghníomhaíochta iomlán agus ní chlúdaíonn sonraí na bliana 2012 ach an tréimhse ó 20 Meán Fómhair go 31 Nollaig.

**3.1.4. Deimhniú an oifigh chuntasaíochta**

Tá na cuntais bhliantúla chríochnaitheacha seo de chuid EASO don bhliain airgeadais 2013 ullmhaithe i gcomhréir le Teideal IX den rialachán airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, rialachán airgeadais EASO agus na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, de réir mar atá le cur i bhfeidhm ag na hinstiúidí, na gníomhaireachtaí agus na comhghnóthais ar fad.

Admhaím an fhreagracht atá orm cuntais bhliantúla EASO a ullmhú agus a chur i láthair i gcomhréir le rialachán airgeadais EASO.

Tá faighte agam ón oifigeach údarúcháin, a ráthaigh a hiontaofacht, an fhaisnéis go léir is gá le haghaidh táirgeadh na guntas ina léirítear sócmhainní agus dliteanas EASO agus cur chun feidhme an bhuiséid.

Deimhním leis seo gurb amhlaidh, bunaithe ar an bhfaisnéis sin, agus ar na seiceálacha a mheas mé a bheith riachtanach chun m'ainm a chur leis na cuntais, go bhfuil dearbhú réasúnach agam go gcuirtear i láthair go cóir sna cuntais, i ngach gné ábhartha, staid airgeadais EASO, torthaí a cuid oibríochtaí agus a sreabhadh airgid.

SÍNITHE 10.6.2014

Isaac Jimenez Carvajal

Oifigeach Cuntasaíochta

**3.2. Ráitis airgeadais 2013****3.2.1. Clár comhardaithe**

| Clár comhardaithe — Sócmhainní | Nóta       | 2013              | 2012             | Éagsúlachtaí      |
|--------------------------------|------------|-------------------|------------------|-------------------|
| <b>SÓCMHAINNÍ</b>              |            |                   |                  |                   |
| SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA         | 3.3.1.1    |                   |                  |                   |
| SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE        | 3.3.1.1.1  | <b>107 353.00</b> | <b>4 800.00</b>  | <b>102 553.00</b> |
| <i>Bogearraí ríomhaire</i>     |            | <i>107 353.00</i> | <i>4 800.00</i>  | <i>102 553.00</i> |
| SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE        | 3.3. 1.1.2 | <b>377 053.83</b> | <b>50 523.97</b> | <b>326 529.86</b> |
| <i>Gléasra agus trealamh</i>   |            | <i>0 00</i>       | <i>2 011.97</i>  | <i>- 2 011.97</i> |



| Clár comhardaithe — Sócmhainní                        | Nóta      | 2013                | 2012                | Éagsúlachtaí          |
|---|-----------|---------------------|---------------------|-----------------------|
| <i>Crua-earraí ríomhaire</i>                          |           | 294 643.27          | 5 216.00            | 289 427.27            |
| <i>Troscán agus feithiclí</i>                         |           | 12 626.56           | 0.00                | 12 626.56             |
| <i>Daingneáin agus feistis eile</i>                   |           | 69 784.00           | 43 296.00           | 26 488.00             |
| <b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA</b>               |           | <b>484 406.83</b>   | <b>55 323.97</b>    | <b>429 082.86</b>     |
| SÓCMHAINNÍ REATHA                                     | 3.3.1.2   |                     |                     |                       |
| RÉAMH-MHAOINIÚ GEARRTHÉARMA                           | 3.3.1.2.1 | <b>0.00</b>         | <b>324 965.40</b>   | <b>- 324 965.40</b>   |
| <i>PF — Soláthar agus deontais</i>                    |           | 0.00                | 324 965.40          | - 324 965.40          |
| INFHÁLTAIS GHEARRTHÉARMA                              | 3.3.1.2.2 | <b>288 598.67</b>   | <b>16 427.53</b>    | <b>272 171.14</b>     |
| <i>Infháltais reatha</i>                              |           | 91 502.10           | 15 025.40           | 76 476.70             |
| <i>Infháltais reatha le heintitis AE chomhdhlúite</i> |           | 0.00                | 1 384.94            | - 1 384.94            |
| <i>Infháltais ghearrthéarma eile</i>                  |           | 7 803.84            | 17.19               | 7 786.65              |
| <i>Muirir iarchurtha</i>                              |           | 189 292.73          |                     | 189 292.73            |
| AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM            | 3.3.1.2.3 | <b>553 156.87</b>   | <b>1 754 013.02</b> | <b>- 1 200 856.15</b> |
| <b>IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ REATHA</b>                    |           | <b>841 755.54</b>   | <b>2 095 405.95</b> | <b>- 1 253 650.41</b> |
| <b>IOMLÁN</b>   |           | <b>1 326 162.37</b> | <b>2 150 729.92</b> | <b>- 824 567.55</b>   |

| Clár comhardaithe — Dliteanais                                  | Nóta      | 2013                | 2012                | Éagsúlachtaí          |
|---|-----------|---------------------|---------------------|-----------------------|
| <b>DLITEANAIS</b>   |           |                     |                     |                       |
| CAIPITEAL   |           |                     |                     |                       |
| <b>TORADH CARNTHA I mBLIANTA ROIMHE SEO</b>                     |           | <b>- 778 448.81</b> |                     | <b>- 778 448.81</b>   |
| <b>TORADH EACNAMÁÍOCH NA BLIANA</b>                             |           | <b>1 171 666.07</b> | <b>- 778 448.81</b> | <b>1 950 114.88</b>   |
| DLITEANAIS REATHA   | 3.3.1.3   |                     |                     |                       |
| Forálacha gearrthéarma  | 3.3.1.3.1 | <b>65 313.98</b>    | <b>66 790.09</b>    | <b>- 1 476.11</b>     |
| Cuntais iníoctha  | 3.3.1.3.2 | <b>867 631.13</b>   | <b>2 862 388.64</b> | <b>- 1 994 757.51</b> |
| <i>Míreanna iníoctha reatha</i>                                 |           | 75 065.40           | 72 191.44           | 2 873.96              |
| <i>Cuntais iníoctha eile i gcoinne eintitis AE chomhdhlúite</i> |           | 0.00                | 396 513.90          | - 396 513.90          |
| <i>Míreanna iníoctha na ndliteanas fabhraithe</i>               |           | 680 635.11          | 2 220 369.81        | - 1 539 734.70        |
| <i>Muirir fhabhraithe le heintitis AE chomhdhlúite</i>          |           | 105 205.46          | 34 769.71           | 70 435.75             |
| <i>Réamh-mhaoiniú a fuarthas ó eintitis AE chomhdhlúite</i>     |           | 0.00                | 138 543.78          | - 138 543.78          |
| <i>Cuntais iníoctha eile</i>                                    |           | 6 725.16            |                     | 6 725.16              |
| <b>IOMLÁN NA nDLITEANAS REATHA</b>                              |           | <b>932 945.11</b>   | <b>2 929 178.73</b> | <b>- 1 996 233.62</b> |
| <b>IOMLÁN</b>   |           | <b>1 326 162.37</b> | <b>2 150 729.92</b> | <b>- 824 567.55</b>   |

### 3.2.2. Cuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana

|  | Nóta Uimh | 2013                  | 2012                  | Éagsúlacht          |
|--|-----------|-----------------------|-----------------------|---------------------|
| IONCAIM OIBRIÚCHÁIN - ILGHNÉITHEACH                            |           | 35 361.28             | 54 832.47             | - 19 471.19         |
| FÓIRDHEONTAS AE (AN COIMISIÚN)                                 |           | 9 500 000.00          | 7 108 936.29          | 2 391 063.71        |
| <b>IOMLÁN AN IONCAIM OIBRIÚCHÁIN</b>                           | 3.3.2.1   | <b>9 535 361.28</b>   | <b>7 163 768.76</b>   | <b>2 371 592.52</b> |
| Costais riaracháin   |           | - 6 599 167.88        | - 6 258 542.79        | - 340 625.09        |
| <i>Costais foirne uile</i>                                     |           | - 4 002 363.18        | - 989 514.88          | - 3 012 848.30      |
| <i>Costais a bhaineann le sócmhainní seasta</i>                |           | - 79 663.19           | - 1 662.02            | - 78 001.17         |
| <i>Costais riaracháin eile</i>                                 |           | - 2 517 141.51        | - 5 267 365.89        | 2 750 224.38        |
| Costais oibriúcháin  |           | - 1 764 625.05        | - 1 683 506.59        | - 81 118.46         |
| <b>IOMLÁN NA gCOSTAS OIBRIÚCHÁIN</b>                           | 3.3.2.2   | <b>- 8 363 792.93</b> | <b>- 7 942 049.38</b> | <b>- 421 743.55</b> |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>       |           | <b>1 171 568.35</b>   | <b>- 778 280.62</b>   | <b>1 949 848.97</b> |
| Ioncaim airgeadais   |           |                       |                       |                     |
| Costais airgeadais   |           | 97.72                 | -168.19               | 65.91               |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ NEAMH-OIBRIÚCHÁIN</b> |           | <b>97.72</b>          | <b>- 168.19</b>       | <b>265.91</b>       |
|  |           |                       |                       |                     |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) Ó GHNÁTH-GHNÍOMHAÍOCHTAÍ</b>            |           | <b>1 171 666.07</b>   | <b>- 778 448.81</b>   | <b>1 950 114.88</b> |
| Gnóthachain urghnácha (+)                                      |           |                       |                       |                     |
|  |           |                       |                       |                     |
| Caillteanais urghnácha (-)                                     |           |                       |                       |                     |
| <b>BARRACHAS/(EASNAMH) Ó MHÍREANNA URGHNÁCHA</b>               |           | <b>0.00</b>           | <b>0.00</b>           | <b>0.00</b>         |
|  |           |                       |                       |                     |
| <b>TORADH EACNAMAÍOCH DON BHLIAIN</b>                          |           | <b>1 171 666.07</b>   | <b>- 778 448.81</b>   | <b>1 950 114.88</b> |

### 3.2.3. Sreabhadh airgid

(Modh indíreach)

|  | 2013                | 2012                |
|--|---------------------|---------------------|
| <b>Sreabhadh airgid ó ghnáth-ghníomhaíochtaí</b>           |                     |                     |
| <b>Barrachas/(easnamh) ó ghnáth-ghníomhaíochtaí</b>        | <b>1 171 666.07</b> | <b>- 778 448.81</b> |
| <b>Gníomhaíochtaí oibriúcháin</b>                          |                     |                     |
| Coigeartuithe  |                     |                     |
| Amúchadh (sócmhainní seasta doláimhsithe) +                | 10 466.20           | 1 263.75            |
| Dímheas (sócmhainní seasta in láimhsithe) +                | 70 496.72           | 14 5 3.34           |
| (Méadú) i bhforálacha le haghaidh rioscaí agus dliteanais  | -1 476.11           | 66 790.09           |
|  |                     |                     |
| (Méadú) i réamh-mhaoiniú gearrthearma                      | 324 965.40          | -324 965.40         |
| (Méadú) in infháltais gearrthearma                         | -273 563.86         | -15 042.59          |
| (Méadú) in infháltais i dtaca le heintitis AE chomhdhlúite | 1 392.72            | -1 384 94           |
|  |                     |                     |
| Méadú i gcuntais iníoctha                                  | -1 530 135.58       | 2 327 330.96        |
| Méadú i ndlíteanais i dtaca le heintitis AE chomhdhlúite   | -464 621.93         | 535 057.68          |

|   | 2013                | 2012                |
|---|---------------------|---------------------|
| <b>Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>                | <b>- 690 810.37</b> | <b>1 825 104.08</b> |
| <b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>                  |                     |                     |
| Méadú na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe (-)             | -510 045.78         | -71 091.06          |
| <b>Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>             | <b>- 510 045.78</b> | <b>- 71 091.06</b>  |
|   |                     |                     |
| Glanmhéadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim                  | -1200 856.15        | 1 754 013.02        |
| <b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na tréimhse</b>      | <b>1 754 013.02</b> | <b>0.00</b>         |
| <b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na tréimhse</b> | <b>553 156.87</b>   | <b>1 754 013.02</b> |

### 3.2.4. Ráiteas ar athruithe i nglansócmhainní

| Glansócmhainní                                      | Cúlchistí            |                | Barra-chas (+) / easnamh (-) carntha | Toradh eacnamaíoch na bliana | Glansócmhainní (iomlán) |
|---|----------------------|----------------|--------------------------------------|------------------------------|-------------------------|
|   | Cúlchiste cóirluacha | Cúlchistí eile |                                      |                              |                         |
| <b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2012</b>              | <b>0.00</b>          | <b>0.00</b>    | <b>0.00</b>                          | <b>- 778 448.81</b>          | <b>- 778 448.81</b>     |
| Athruithe i mbeartais chuntasaíochta                | 0.00                 | 0.00           | 0.00                                 |                              | 0.00                    |
| <b>Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2013</b>                | <b>0.00</b>          | <b>0.00</b>    | <b>0.00</b>                          | <b>- 778 448.81</b>          | <b>- 778 448.81</b>     |
| Gluaiseachtaí cóirluacha                            |                      |                |                                      |                              | 0.00                    |
| Gluaiseacht i gcúlchiste an Chiste Ráthaíochta      |                      |                |                                      |                              | 0.00                    |
| Leithdháileadh Thoradh Eacnamaíoch na Bliana Roimhe |                      |                | - 778 448.81                         | 778 448.81                   | 0.00                    |
| Méideanna curtha chun sochair na mBallstát          |                      |                |                                      |                              | 0.00                    |
| Toradh eacnamaíoch na bliana                        |                      |                |                                      | 1 171 666.07                 | 1 171 666.07            |
| <b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2013</b>              | <b>0.00</b>          | <b>0.00</b>    | <b>- 778 448.81</b>                  | <b>1 171 666.07</b>          | <b>393 217.26</b>       |

### 3.2.5. Cuntas buiséid i ndeireadh bliana

|  | 2013 | 2012                |                     |
|--|------|---------------------|---------------------|
| <b>IONCAM</b>  |      |                     |                     |
| Ranníocaíocht AE (Fóirdheontas an Choimisiúin — teideal 1, 2 agus 3) | +    | 9 500 000.00        | 2 360 169.38        |
| Ranníocaíochtaí tríú tíre  | +    | 0.00                | 0.00                |
| Ranníocaíochtaí eile   | +    | 0.00                | 0.00                |
| Oibríochtaí riaracháin agus ioncam ilghnéitheach                     | +    | 29 493.36           | 0.00                |
| <b>IONCAM IOMLÁN (a)</b>   |      | <b>9 529 493.36</b> | <b>2 360 169.38</b> |
| <b>CAITEACHAS</b>  |      |                     |                     |
| <b>Teideal I: Foireann</b>   |      |                     |                     |

|  |     | 2013                | 2012                  |
|--|-----|---------------------|-----------------------|
| íocaíochtaí  | -   | 4 465 418.04        | 936 239.02            |
| Leithreasáí tugtha anonn   | -   | 150 053.63          | 244 237.16            |
| <b>Teideal II: Costais Riaracháin</b>  |     |                     |                       |
| íocaíochtaí  | -   | 1 218 746.33        | 102 535.21            |
| Leithreasáí tugtha anonn   | -   | 569 315.11          | 1 376 368.40          |
| <b>Teideal III: Caiteachas Oibriúcháin</b>   |     |                     |                       |
| Íocaíochtaí  | -   | 3 469 413.14        | 705 178.67            |
| Leithreasáí tugtha anonn   | -   | 0.00                | 0.00                  |
| <b>CAITEACHAS IOMLÁN (b)</b>   |     | <b>9 872 946.25</b> | <b>3 364 558.46</b>   |
| <b>TÁIRGEACHT DON BHLIAIN AIRGEADAIS (a – b)</b>   |     | <b>– 343 452.89</b> | <b>– 1 004 389.08</b> |
| Cealú leithreasuithe íocaíochta neamhchaite tugtha anonn ón mbliain roimhe seo                               | +   | 271 141.14          | 1 142 983.25          |
| Coigeartú do thabhairt anonn ón mbliain roimhe seo leithreasáí ar fáil ag 31.12 ag eascairt ón ioncam sannta | +   | 0.00                | 0.00                  |
| Difríochtaí malairte don bhliain (gnóthachan +/cailteanas -)   | +/- | – 81.58             | – 50.39               |
| <b>IARMHÉID AN CHUNTAIS TÁIRGEACHTA DON BHLIAIN AIRGEADAIS</b>   |     | <b>– 72 393.33</b>  | <b>138 543.78</b>     |
| Iarmhéid bliain $n-1$  | +/- | 138 543.78          |                       |
| Iarmhéid dearfach ó bhliain $n-1$ aisíochta sa bhliain $n$ leis an gCoimisiún                                | -   | – 138 543.78        |                       |
| <b>Toradh úsáidte chun méideanna sa chuntasaíocht ghinearálta a chinneadh</b>                                |     | <b>– 72 393.33</b>  | <b>138 543.78</b>     |
| <b>Fóirdheontas Coimisiúin — ioncam fabhraithe clár gníomhaireachta agus costas fabhraithe Coimisiúin</b>    |     | <b>9 500 000.00</b> |                       |
| Réamh-mhaoiniú fágtha oscailte le haisíoc ag an ngníomhaireacht leis an gCoimisiún i mbliain $n+1$           | ,   | 0.00                |                       |

Níl sé seo a leanas san áireamh sa bhuiséad i ndeireadh bliana:

|  |   |          |  |
|--|---|----------|--|
| Ús ginte faoin 31.12. $n$ ar chistí fóirdheontais comhardaithe an Choimisiúin agus atá le haisíoc leis an gCoimisiún (dliteanas) | + | 6 725.16 |  |
|--|---|----------|--|

### 3.2.6. Réiteach an chuntais tháirgeachta eacnamaíoch agus an chuntais tháirgeachta bhuiséid

|   | Comhartha +/- | Méid                |
|---|---------------|---------------------|
| <b>Toradh eacnamaíoch (+ do bharrachas agus – don easnamh)</b>  | <b>+/-</b>    | <b>1 171 666.07</b> |
| <b>Coigeartú le haghaidh míreanna fabhraithe (míreanna nach bhfuil sa toradh buiséid ach atá san áireamh sa toradh eacnamaíoch)</b> |               |                     |
| Coigeartuithe um scoithdhátaí na bhfabhraithe (aisiompú 31.12. $n-1$ )  | -             | -2 642 751.62       |
| Coigeartuithe um scoithdhátaí na bhfabhraithe (scoithdháta 31.12. $n$ )   | +             | 785 840.57          |
| Suim ón gcuntas cuibhrinn leis an gCoimisiún breactha sa chuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana                                     | -             |                     |
| Sonraisc nach bhfuil íoctha ag deireadh na bliana, ach atá breactha sna muirir (rang 6)   | +             | 62 021.70           |
| Dímheas na sócmhainní doláimhsithe agus inláimhsithe  | +             | 79 663.19           |
| Soláthairtí   | -             | 1 476.11            |

|   | Comhartha<br>+/- | Méid               |
|---|------------------|--------------------|
| Laghduithe luacha   | +                | 0.00               |
| Orduithe gnóthúcháin a eisíodh in 2013 i rang 7 agus nár íocadh fós   | -                | 7.78               |
| Réamh-mhaoiniú a tugadh sa bhliain roimhe sin agus a glanadh i rith na bliana   | +                | 324 965.40         |
| Réamh-mhaoiniú a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus a glanadh i rith na bliana   | -                | -138 543.78        |
| Íocaíochtaí a rinneadh as tabhairt ar aghaidh leithreasaí íocaíochta  | +                | 1 349 464.42       |
| Eile  | +/-              |                    |
| <b>Coigeartú le haghaidh míreanna buiséadacha (mír atá san áireamh sa toradh buiséid ach nach bhfuil sa toradh eacnamaíoch)</b>             |                  |                    |
| Éadálacha sócmhainne (lúide suimeanna neamhíochta)  | -                | -510 045.78        |
| Réamh-mhaoiniú nua a íocadh sa bhliain 2013 agus atá fós ar oscailt amhail 31.12.2013   | -                | 0.00               |
| Réamh-mhaoiniú nua a fuarthas sa bhliain 2013 agus atá fós ar oscailt amhail 31.12.2013   | +                | 0.00               |
| Orduithe gnóthúcháin buiséid a eisíodh roimh 2013 agus a íocadh i rith na bliana  | +                | 0.00               |
| Orduithe gnóthúcháin buiséid a eisíodh in 2013 maidir le cuntais an chláir chomhardaithe (ní cuntais 7 ná 6) agus a íocadh                  | +                | 1 384.94           |
| Íocaíochtaí caipitil ar léasú airgeadais (íocaíochtaí buiséid is ea iad, ach níl siad sa toradh eacnamaíoch)                                | -                | 0.00               |
| Leithreasaí íocaíochta arna dtabhairt anonn go dtí 2014   | -                | -719 368.74        |
| Cealú leithreasaí íocaíochta neamhúsáidte a tugadh anonn ón mbliain roimhe sin  | +                | 271 141.14         |
| Coigeartú do thabhairt anonn ón mbliain roimhe seo leithreasaí ar fáil ag 31.12 ag eascairt ón ioncam sannta                                | +                |                    |
| Íocaíochtaí do phinsin (íocaíochtaí buiséid is ea iad, ach tá siad breactha os coinne soláthairtí)  | -                |                    |
| Íocaíochtaí i gcomhair stoic saoire agus uaireanta forlíontacha (íocaíochtaí buiséid is ea iad, ach tá siad breactha os coinne soláthairtí) | -                |                    |
| Eile  | +/-              |                    |
| <b>Iomlán</b>   |                  | <b>33 969.18</b>   |
| <b>Toradh buiséid (+ do bharrachas)</b>   |                  | <b>- 72 393.33</b> |
| Níor míníodh an deilte  |                  | 106 444.09         |

### 3.3. Iarscríbhinn leis na ráitis airgeadais

#### 3.3.1. Nótaí leis an gclár comhardaithe

##### Sócmhainní neamhreacha

Is ionann sócmhainní agus acmhainní arna rialú ag EASO mar thoradh ar imeachtaí atá caite agus óna bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh tairbhe eacnamaíoch nó féidearthacht seirbhíse amach anseo don eintiteas.

Is ionann sócmhainní seasta agus sócmhainní a bhfuil luach praghas fála os cionn EUR 420 acu agus a bhfuiltear ag súil a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná aon bhliain amháin. Na sócmhainní nach dtagann faoi na critéir a gcuirtear síos orthu thuas, tá siad curtha de mhúirear na gcostas agus tá siad léirithe sa chuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana. Déantar deisiúcháin agus cothabháil a aithint mar chaiteachas oibriúcháin i rith na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Tá sócmhainní EASO lipéadaithe cheana féin le greamáin lipéid. Tá fardal iomlán ar fáil agus rinneadh seiceáil fardail fhisicigh ar shócmhainní EASO ag deireadh mhí na Nollag 2013/Eanáir 2014, agus beifear á déanamh ina dhiaidh sin uair sa bhliain ar a laghad.

Rinneadh luacháil ar na sócmhainní sna ráitis airgeadais ar a luach ceannaigh lúide dímheas, d'fhonn luach cóir a thabhairt ar shócmhainní EASO.

Is ionann dímheas agus an leithdháileadh córasach ar an méid is féidir a dhímheas i gcás sócmhainne thar a saolré ionchais. Is é an modh dímheasa a roghnaíodh modh an mhéid chothroim. Déantar sócmhainní seasta EASO a dhímheas ar bhonn míosúil. Is ionann na rátaí dímheasa agus na comhéifeachtaí a úsáidtear ag an gCoimisiún Eorpach. Is iad seo a leanas na rátaí céatadáin bliantúla arna gcur i bhfeidhm i leith dímheasa de réir na gcineálacha sócmhainní.

#### Sócmhainní seasta doláimhsithe

Bogearraí ríomhaire 25.0 %

#### Sócmhainní seasta inláimhsithe

Trealamh sonrath 25.0 %

Ríomhairí, freastalaithe, printéirí, etc. 25.0 %

Trealamh teileachumarsáide agus closamhairc 25.0 %

Troscán oifige 10.0 % agus 12.5 %

#### Sócmhainní seasta doláimhsithe

Is ionann sócmhainní doláimhsithe agus sócmhainní neamh-airgeadaíochta so-aitheanta gan substaint fhisiceach.

Cuimsítear bogearraí TF sna sócmhainní seasta doláimhsithe a bhí ag EASO le linn na tréimhse tuairiscithe.

| 2013   |     | Bogearraí<br>Ríomhaireachta | Iomlán            |
|--|-----|-----------------------------|-------------------|
| <b>Suimeanna glanluacha comhlán 1.1.2013</b>   | +   | <b>6,063.75</b>             | <b>6,063.75</b>   |
| Breiseanna                                     | +   | 113,019.20                  | 113,019.20        |
| Diúscairtí                                     | -   |                             | 0.00              |
| Aistriú idir theidil                           | +/- |                             | 0.00              |
| Athruithe eile                                 | +/- |                             | 0.00              |
| <b>Suimeanna glanluacha comhlán 31.12.2013</b> |     | <b>119,082.95</b>           | <b>119,082.95</b> |
| <b>Amúchadh agus bearnú carntha 1.1.2013</b>   | -   | <b>-1,263.75</b>            | <b>-1,263.75</b>  |
| Amúchadh                                       | -   | -10,466.20                  | -10,466.20        |
| Aisluacháil an amúchta                         | +   |                             | 0.00              |
| Diúscairtí                                     | +   |                             | 0.00              |
| Bearnú   | -   |                             | 0.00              |
| Aisluacháil an amúchta                         | +   |                             | 0.00              |
| Aistriú idir theidil                           | +/- |                             | 0.00              |
| Athruithe eile                                 | +/- |                             | 0.00              |
| <b>Amúchadh agus bearnú carntha 31.12.2013</b> |     | <b>-11,729.95</b>           | <b>-11,729.95</b> |
| <b>Glanmhéideanna glanluacha 31.12.2013</b>    |     | <b>107,353.00</b>           | <b>107,353.00</b> |

## Sócmhainní seasta inláimhsithe

Is ionann na sócmhainní seasta inláimhsithe agus sócmhainní atá i seilbh EASO lena núsáid i dtáirgeadh nó i soláthar earraí nó seirbhísí, lena ligean ar cíós le daoine eile nó chun críocha riaracháin, agus táthar ag súil úsáid a bhaint astu le linn níos mó ná aon tréimhse tuairiscithe amháin.

Is iad na sócmhainní seasta inláimhsithe atá ag EASO troscán oifige, trealamh priontála agus cóipeála, ríomhairí, freastalaithe agus gabhálaí, agus trealamh leictreonach oifige eile.

| 2013   |     | Gléasra agus Trealamh | Crua-earraí ríomhaire | Troscán agus feithiclí | Daingneáin agus Feistis Eile | Iomlán            |
|--|-----|-----------------------|-----------------------|------------------------|------------------------------|-------------------|
| <b>Suimeanna glanluacha comhlán 1.1.2013</b>   | +   | <b>2,194.86</b>       | <b>8,142.21</b>       | <b>0.00</b>            | <b>54,690.24</b>             | <b>65,027.31</b>  |
| Breiseanna                                     | +   |                       | 341,117.29            | 12,106.71              | 43,802.58                    | <b>397,026.58</b> |
| Diúscairtí                                     | -   |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| Aistriú idir theidil                           | +/- | -2,194.86             |                       | 2,194.86               |                              | <b>0.00</b>       |
| Athruithe eile (1)                             | +/- |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| <b>Suimeanna glanluacha comhlán 31.12.2013</b> |     | <b>0.00</b>           | <b>349,259.50</b>     | <b>14,301.57</b>       | <b>98,492.82</b>             | <b>462,053.89</b> |
|  |     |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| <b>Amúchadh agus bearnú carntha 1.1.2013</b>   | -   | <b>-182.89</b>        | <b>-2,926.21</b>      | <b>0.00</b>            | <b>-11,394.24</b>            | <b>-14,503.34</b> |
| Dímheas  | -   |                       | -51,690.02            | -1,675.01              | -17,314.58                   | <b>-70,679.61</b> |
| Aisluacháil an amúchta                         | +   |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| Diúscairtí                                     | +   |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| Bearnú (1)                                     | -   |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| Aisluacháil an amúchta                         | +   |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| Aistriú idir theidil                           | +/- | 182.89                |                       |                        |                              | <b>182.89</b>     |
| Athruithe eile (1)                             | +/- |                       |                       |                        |                              | <b>0.00</b>       |
| <b>Amúchadh agus bearnú carntha 31.12.2013</b> |     | <b>0.00</b>           | <b>-54,616.23</b>     | <b>-1,675.01</b>       | <b>-28,708.82</b>            | <b>-85,000.06</b> |
| <b>Glanmhéideanna glanluacha 31.12.2013</b>    |     | <b>0.00</b>           | <b>294,643.27</b>     | <b>12,626.56</b>       | <b>69,784.00</b>             | <b>377,053.83</b> |

## Sócmhainní reatha

### Réamh-mhaoiniú gearrthearma

Is ionann réamh-mhaoiniú agus íocaíocht trína bhfuil sé i gceist comhlúthacht, .i. airgead roimh ré, a chur ar fáil don tairbhí.

I rith 2013 ghlán EASO an réamh-mhaoiniú a soláthraíodh i gcomhair gníomhaíochtaí soláthair agus deontais araon i mblianta roimhe seo, ach ní dhearna sí foráil le haghaidh aon mhéideanna breise.

### Infháltais ghearrthearma

Déantar infháltais a iompar ag an mbunmhéid sonraisc lúide díluacháil i leith bearnaithe. Bunaítear díluacháil i leith bearnú infháltas nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh EASO in ann na méideanna go léir atá dlite a bhailiú de réir théarmaí bunaidh na ninfháltas.

Cuimsíonn infháltais EASO den chuid is mó an CBL atá le haisghabháil ó údaráis chánach Mhálta le haghaidh suim EUR 91 502.10. I gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le suíomh agus leis an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, tá EASO i dteideal aisíocaíochtaí CBL i gcás ceannachán dar luach níos mó ná EUR 240.

### Airgead tirim agus coibhéisí

Tá cuntas bainc amháin ar oscailt ag EASO le ING sa Bheilg. Bhí an tiarmhéid bainc ag deireadh na tréimhse tuairiscithe mar seo a leanas.

|                   | <b>31.12.2013</b>     | <b>31.12.2012</b>       |
|-------------------|-----------------------|-------------------------|
| <b>Cuntas EUR</b> | <b>EUR 560 234.77</b> | <b>EUR 1 754 013.02</b> |

Bhí íocaíocht EUR 7 077.90 ar feitheamh le déanamh ag an mbanc an 31.12.2013.

### Dlíteanais reatha

#### Forálacha gearrthearma

I Samhain 2013, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais a rialú ar na tograí le haghaidh luachanna saothair na bliana 2011 agus na bliana 2012 a choigeartú. Is é an toradh nach mór don Choimisiún Eorpach a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle tograí nua ina gcuirfear san áireamh an meath tromchúiseach, tobann atá tagtha ar an suíomh eacnamaíoch agus sóisialta a d'aithin an Chomhairle in 2011. Tar éis an rialaithe sin, chinn an Coimisiún i mí na Nollag 2013 tograí nua a chur isteach maidir le coigeartuithe tuarastal 2011 agus 2012, ina réamh-mheastar coigeartuithe de 0.9 % don bhliain 2011 (dáta feidhme 1 Iúil 2011) agus 0.9 % don bhliain 2012 (dáta feidhme 1 Iúil 2012). Ar bhonn an togra sin, rinneadh coigeartú ar an bhforáil maidir le coigeartú tuarastal gan íoc a bhaineann le hIúil 2011-Nollaig 2013 sna cuntais shealadacha d'fhonn togra an Choimisiúin a léiriú.

In Aibreán 2014 ceadaíodh na coigeartuithe tuarastal bliantúil mar 0 % do 2011 agus 0.8 % do 2012. Tá an fhoráil le haghaidh coigeartú tuarastal gan íoc mionathraithe do na cuntais bhliantúla deiridh ar bhonn na faisnéise sin.

#### Cuntais iníochta

Is ionann míreanna iníochta agus méideanna atá dlite do chreidiúnaí lena náirítear idirbhearta a eascraíonn as ceannach earraí agus seirbhísí.

Is iad na míreanna iníochta faoi láthair na méideanna atá dlite ó EASO ag deireadh na tréimhse tuairiscithe maidir le sonraisc, éilimh agus iarratais ar aisíocaíocht a fuarthas

|   | <b>31.12.2013</b>    |
|---|----------------------|
| <b>Iníochta — soláthraithe</b>                    | <b>EUR 68 099.00</b> |
| <b>Iníochta — Ballstáit</b>                       | <b>EUR 0.00</b>      |
| <b>Iníochta — comhlachtaí poiblí</b>              | <b>EUR 0.00</b>      |
| <b>Sócmhainní — earraí a fuarthas atá le híoc</b> | <b>EUR 6 966.40</b>  |

Is ionann na muirir fhabhráithe agus meastachán ar dhlíteanais nach bhfuil sonraisc ná éileamh ar chostas ná achoimre chostas ag tacú leis ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Tá meastachán déanta ar na muirir fhabhráithe ar bhonn faisnéis chuntasaíochta a sholáthair na hoifigigh údarúcháin. Tá saoire bhliantúil nár caitheadh san áireamh agus léirítear leis laethanta saoire bliantúla bhailt foirne EASO arna dtabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn.



Áirítear leis na cuntais iníoctha eile an tús (arna ghineadh ag an ranníocaíocht AE) atá le haisíoc leis an gCoimisiún, dár luach EUR 6 725.16

### 3.3.2. Nótaí a ghabhann leis an gcuntas eacnamaíoch i ndeireadh bliana

#### Ioncam oibriúcháin

I gcomhréir le prionsabal na cuntasáíochta ar bhonn fabhraithe, léireoidh na ráitis airgeadais an tioncam don bhliain airgeadais, i.e. nuair a aithníodh iad, beag beann ar dháta an bhliain.

Cuimsítear le hioncam EASO i rith 2013, den chuid is mó, fóirdheontas an Choimisiúin Eorpaigh (ranníocaíocht AE do leithreasáí C1).

I rith 2013 fuair EASO ceithre aistriú bainc a fhreagraíonn don fhóirdheontas (réamh-mhaoiniú do ranníocaíocht AE) ón gCoimisiún Eorpach don mhéid EUR 9 500 000.

Cuirtear san áireamh san ioncam oibriúcháin eile luach na sócmhainní seasta arna n-aistriú ag an gCoimisiún, aisíocaíochtaí ar chostais agus gnóthachain ráta malairte réadaithe/neamhréadaithe.

#### Costais oibriúcháin

I gcomhréir le prionsabal na cuntasáíochta ar bhonn fabhraithe, léireoidh na ráitis airgeadais na muirir don bhliain airgeadais, i.e. nuair a aithníodh iad, beag beann ar dháta na híocaíochta..

Baineann na costais riaracháin le gníomhaíochtaí riaracháin EASO (teideal buiséid 1: Caiteachas foirne agus teideal buiséid 2: Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin).

Áirítear leis an gcaiteachas foirne costais EASO a bhaineann leis an bhfoireann (tuarastail bhunúsacha, liúntais, gníomhairí ar conradh, liúntais teaghlaigh, árachas, ranníocaíochtaí sóisialta, etc.) atá clúdaithe faoi na rialacháin foirne agus na coinníollacha fostaíochta do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na liúntais le haghaidh saeolaithe náisiúnta ar iasacht.

Léiríonn na costais sócmhainní seasta na muirir dhímheasa don bhliain 2013.

Is ionann an caiteachas bonneagair agus oibriúcháin agus na costais riaracháin arna dtabhú ó ghníomhaíochtaí laethúla EASO, amhail fónais, soláthairtí oifige, costais maidir le cruinnithe a eagrú, etc.

Mar atá luaite sa chomhaontú maidir le suíomh, tá rialtas Phoblacht Mhálta ag íoc an chíos le haghaidh an áitribh ar feadh na chéad 3 bliana. Níor íoc EASO ach as urlár na talún ó Eanáir go Nollaig 2013 (nach bhfuil san áireamh sa togra tosaigh ó Mhálta) agus as na costais oibriúcháin (fónais phoiblí: leictreachas, uisce, teas, etc.).

Is ionann na forálacha le haghaidh rioscaí agus dliteanas (coigeartú tuarastal bliantúil nach bhfuil faofa ag an gComhairle) agus EUR 52 367.47.

Airítear leis an costais oibriúcháin iad seo a leanas.

- cailteanas ráta malairte réadaithe/neamhréadaithe EUR 234.62;
- costais oibriúcháin eile chun gníomhaíochtaí oibriúcháin EASO a chlúdach (teideal buiséid 3: Caiteachas oibriúcháin) arb ionann é agus EUR 2 045 265.45 san iomlán.

### 3.3.3. Dliteanais theagmhasacha

#### Léas oibriúcháin

Mar atá luaite sa chomhaontú maidir le suíomh idir rialtas Mhálda agus EASO, tá rialtas Mhálda ag clúdach na chéad 3 bliana de chostais chíosach/chostais léasa i leith fhoirgneamh EASO i gCuan Valeite (trí cinn de na ceithre urlár áitithe amhail 31.12.2013). Tá urlár amháin á chlúdach ag EASO ar shuim EUR 149 052.35 in 2013.

| Léas oibriúcháin                                      | Méid iomlán (EUR) |
|---|-------------------|
| Dlite laistigh de 1 bhliain amháin                    | 381 059.21        |
| Dlite sa tréimhse idir 1 bhliain amháin agus 5 bliana | 2 891 013.50      |
| Dlite tráth is déanaí ná 5 bliana                     | 266 131.65        |

#### Gealltanais maidir le cistiú amach anseo

Níorbh ann do ghealltanais chonartha nach raibh gealltanais bhuiséad déanta ina leith fós amhail 31.12.2013.

#### Cásanna dlí

Ní raibh aon chásanna dlí oscailte ag EASO ag deireadh na bliana 2013.

### 3.3.4. Páirtithe gaolmhara

Tá EASO á bainistiú ag an stiúrthóir feidhmiúcháin, a chomhlíonann dualgais an oifigigh údarúcháin freisin, faoi mhaoirsiú an Bhoird Bainistíochta. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 40 de rialachán airgeadais EASO, féadfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin a chuid/cuid cumhachtaí i leith feidhmiú buiséid a tharmligean do bhaill foirne EASO arna gclúdach ag na rialacháin foirne.

Amhail 31.12.2013 bhí aon oifigeach údarúcháin amháin agus ceathrar oifigeach údarúcháin trí tharmligean san iomlán ag EASO, ar ghníomhairí sealadacha iad sna gráid seo a leanas:

| Grád          | Líon daoine |
|---------------|-------------|
| AD 4          | 1           |
| AD 9          | 4           |
| <b>Iomlán</b> | <b>5</b>    |

### 3.3.5. Nochtuithe suntasacha eile

Idirbhearta neamh-mhalairte: cíos áitribh saor in aisce ar feadh 3 bliana á sholáthar ag rialtas Mhálda.

I gcás idirbheart neamh-mhalairte, faigheann eintiteas luach ó eintiteas eile gan luach atá beagnach cothrom leis a thabhairt mar mhalairt air, nó tugann sé luach d'eintiteas eile gan luach atá beagnach cothrom leis a fháil mar mhalairt air.

Tá nochtadh agus aitheantas na n-idirbheart neamh-mhalairte arna rialú ag riail chuntasaíochta 17 an AE, atá bunaithe ar IPSAS 23.

Dá bhrí sin, tá na seirbhísí comhchineáil seo a leanas á nochtadh ag EASO.

Mar atá luaite sa chomhaontú maidir le suíomh idir rialtas Mhálta agus EASO, tá rialtas Mhálta ag clúdach na chéad 3 bliana de chostais chíosach/chostais léasa i leith fhoirgneamh EASO i gCuan Vaileite (trí cinn de na ceithre urlár áitithe amhail 31.12.2013). Ina theannta sin, rinne rialtas Mhálta maoirseacht agus páirtmhaoiniú ar na hoibreacha foirgníochta agus na hoibreacha oiriúnaithe bonneagair atá riachtanach chun an foirgneamh oifigí i gCuan Valletta a bheith i mbun feidhme de réir pleananna a sholáthair EASO.

### **3.3.6. Imeachtaí i ndiaidh dáta an chlár chomhardaithe**

Níor tuairiscíodh aon saincheisteanna ábhartha don oifigeach cuntasáíochta a mbeadh nochtadh ar leithligh de dhíth ina leith faoin gcuid seo.

## **3.4. Tuairiscí ar chur chun feidhme an bhuiséid 2013**

### **3.4.1. Prionsabail bhuiséid**

I gcomhréir le rialachán airgeadais EASO, Teideal II, beidh bunú agus cur chun feidhme bhuiséad EASO ag cloí leis na prionsabail seo a leanas.

#### **(a) Prionsabal na haontachta agus an prionsabal um chruinneas an bhuiséid**

Ciallaíonn na prionsabail sin nach mbaileofar aon ioncam agus nach ndéanfar aon chaiteachas mura mbeidh sé sannta do líne i mbuiséad EASO.

Ní mór gan aon leithreasú a iontráil sa bhuiséad mura bhfuil sé i leith mír chaiteachais a mheastar a bhfuil gá léi.

Ní fhéadfar aon chaiteachas a ghealladh ná a údarú a sháraíonn na leithreasaí arna n-údarú faoin mbuiséad.

#### **(b) Prionsabal na bliantúlachta**

Na leithreasaí arna gcur isteach sa bhuiséad, údarófar iad do bhliain airgeadais amháin, a bheidh ón 1 Eanáir go 31 Nollaig.

#### **(c) Prionsabal na cothromaíochta**

Ciallaíonn sé seo nach mór don ioncam buiséid agus na leithreasaí íocaíochtaí a bheith i gcothromaíocht.

#### **(d) Prionsabal an aonaid chuntais**

Déanfar an buiséad a tharraingt suas agus a chur chun feidhme i euro agus cuirfear na cuntais i láthair i euro.

#### **(e) Prionsabal na huilíochta**

Cumhdófar leis an ioncam iomlán na leithreasaí íocaíochta iomlána agus déanfar gach ioncam agus caiteachas a iontráil ina niomláine gan aon choigeartú os coinne a chéile.

**(f) Prionsabal na sonraíochta**

Beidh na leithreasáí ina niomláine curtha in áirithe chun críocha sonracha de réir teidil agus caibidle; déanfar na caibidlí a fhoroinnt a thuilleadh ina n-airteagail agus ina míreanna

**(g) Prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais**

Úsáidfean na leithreasáí buiséid i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais — i gcomhréir le prionsabal na barainneachta, prionsabal na héifeachtúlachta agus prionsabal na héifeachtachta.

**(h) Prionsabal na trédhearcachta.**

Déantar an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus na cuntais a chur i láthair i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta — foilsítear an buiséad agus na buiséid leasaitheacha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**3.4.2. Buiséad 2013 — an buiséad tosaigh, an buiséad arna leasú agus aistrithe.**

I gcomhréir le hAirteagal 33 de rialachán EASO, beidh ioncam agus acmhainní EASO comhdhéanta, go háirithe, mar seo a leanas:

- ranníocaíocht ón Aontas a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh;
- aon ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit;
- muirir a bhaineann le foilseacháin agus le haon seirbhísí eile arna soláthar ag EASO;
- ranníocaíocht ó na tíortha comhlacha.

I rith 2013 ní bhfuair EASO ach fóirdheontas (lena gcumhdaítear leithreasáí C 1) ón gCoimisiún.

Cumhdófar le caiteachas EASO luach saothair foirne, bonneagar agus caiteachas riaracháin, agus caiteachas oibríochtúil, agus tá sé roinnte ina thrí theideal mar seo a leanas:

- teideal 1 — Caiteachas foirne;
- teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibriúcháin;
- teideal 3 — Caiteachas oibríochtúil.

In Aibreán 2013 moladh buiséad leasaitheach chun an buiséad a chur in oiriúint do chaiteachas iarbhír EASO le linn a chéad bliana iomlán gníomhaíochta i ndiaidh neamhspleáchas airgeadais. Ghlac an Bord Bainistíochta buiséad leasaitheach 1/2013 an 12 Aibreán 2013.

Chomh maith leis an mbuiséad leasaitheach sin, cheadaigh an t-oifigeach údarúcháin nó na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean 21 aistriú buiséid san iomlán i rith na bliana.

Cuirtear an buiséad 2013 i láthair sna táblaí thíos i dtéarmaí leithreasáí le haghaidh ioncaim, gealltanais agus íocaíochta.

Tá dáileadh na leithreasáí i measc na dteideal agus na nairteagal de chuid bhuiséad 2013 mar seo a leanas.

**Ioncam**

|                     | Cur Síos   | Buiséad vótáilte<br>2013 | Buiséad<br>leasaitheach<br>1/2013 | Leithreasaí nua<br>2013 |
|---------------------|--|--------------------------|-----------------------------------|-------------------------|
| <b>Líne buiséid</b> | <b>Ioncaim an bhuiséid</b>   | <b>9 000 000.00</b>      | <b>1 500 000.00</b>               | <b>10 500 000.00</b>    |
| 2000                | Ranníocaíocht AE<br>(Fóirdheontas an Choimisiúin<br>— teideal 1, 2 agus 3) | 9 000 000.00             | 1 500 000.00                      | 10 500 000.00           |
| 3000                | Ranníocaíochtaí tríú tíre  |                          |                                   |                         |
| 4000                | Ranníocaíochtaí eile   |                          |                                   |                         |
| 5000                | Oibríochtaí riaracháin agus<br>ioncam ilghnéitheach                        |                          |                                   |                         |

**Caiteachais**

|           | Buiséad   | Buiséad glactha EASO 2013 |                     | Buiséad EASO 2013 i ndiaidh<br>aistrithe agus buiséad<br>leasaitheach 1/2013 |                     |
|-----------|---|---------------------------|---------------------|--|---------------------|
|           |   | Tiomantas                 | Íocaíocht           | Tiomantas  | Íocaíocht           |
| <b>1</b>  | <b>Caiteachas foirne</b>                                    | <b>5 044 000.00</b>       | <b>5 044 000.00</b> | <b>5 044 000.00</b>  | <b>5 044 000.00</b> |
| 11        | Tuarastail & liúntais                                       | 4 087 542.00              | 4 087 542.00        | 3 982 000.00   | 3 982 000.00        |
| 1101      | Bunphánna   | 2 253 780.00              | 2 253 780.00        | 2 063 450.00   | 2 063 450.00        |
| 1102      | Liúntas teaghlaigh  | 157 094.00                | 157 094.00          | 325 000.00   | 325 000.00          |
| 1103      | Liúntais easaoránachta agus<br>liúntais um chónaí eachtrach | 540 521.00                | 540 521.00          | 375 000.00   | 375 000.00          |
| 1104      | Liúntais rúnaíochta   |                           |                     |  |                     |
| 1105      | Gníomhairí Conartha   | 260 329.00                | 260 329.00          | 466 300.00   | 466 300.00          |
| 1106      | Saineolaithe Náisiúnta ar<br>lasacht                        | 638 000.00                | 638 000.00          | 525 000.00   | 525 000.00          |
| 1107      | Oiliúnaithe   |                           |                     |  |                     |
| 1108      | Árachas i gcoinne breoiteachta                              | 96 130.00                 | 96 130.00           | 86 000.00  | 86 000.00           |
| 1109      | Árachas i gcoinne tionóiscí<br>agus galair cheirde          | 14 487.00                 | 14 487.00           | 15 000.00  | 15 000.00           |
| 1110      | Árachas dífhostaíochta                                      | 36 201.00                 | 36 201.00           | 35 000.00  | 35 000.00           |
| 1111      | Bunú agus cothabháil pinsin                                 |                           |                     |  |                     |
| 1112      | Liúntais agus deontais um luí<br>seoil agus bás             | 1 000.00                  | 1 000.00            | 1 000.00   | 1 000.00            |
| 1113      | Costais taistil do shaoire<br>bhliantúil                    | 90 000.00                 | 90 000.00           | 90 250.00  | 90 250.00           |
| 1114      | Liúntais siamsaíochta sheasta                               |                           |                     |  |                     |
| 1115      | Liúntais eile   |                           |                     |  |                     |
| 1116      | Ualuithe  |                           |                     |  |                     |
| <b>12</b> | <b>Caiteachas i ndáil le hearcú<br/>Foirne</b>              | <b>194 000.00</b>         | <b>194 000.00</b>   | <b>370 000.00</b>  | <b>370 000.00</b>   |
| 1201      | Costais earcaíochta   | 45 000.00                 | 45 000.00           | 150 000.00   | 150 000.00          |
| 1202      | Taisteal, suiteáil, liúntais lae,<br>costais aistrithe      | 149 000.00                | 149 000.00          | 220 000.00   | 220 000.00          |

|          | Buiséad   | Buiséad glactha EASO 2013 |                     | Buiséad EASO 2013 i ndiaidh aistrithe agus bhuiséad leasaitheach 1/2013 |                     |
|----------|---|---------------------------|---------------------|---|---------------------|
| 1203     | Seirbhísí tacaíochta roghnúcháin  |                           |                     |   |                     |
| 13       | Speansais mhisin  | 473 375.00                | 473 375.00          | 310 509.00  | 310 509.00          |
| 1301     | Speansais mhisin  | 473 375.00                | 473 375.00          | 310 509.00  | 310 509.00          |
| 14       | Infreastruchtúr soch-mhíochaine   | 69 000.00                 | 69 000.00           | 35 000.00   | 35 000.00           |
| 1401     | Bialanna agus ceaintíní   |                           |                     |   |                     |
| 1402     | Seirbhís liachta  | 6 000.00                  | 6 000.00            | 30 000.00   | 30 000.00           |
| 1403     | Teagmhálacha sóisialta idir an fhoireann                                  | 14 000.00                 | 14 000.00           | 5 000.00  | 5 000.00            |
| 1404     | Ionaid luath-óige agus scolaíocht   | 49 000.00                 | 49 000.00           |   |                     |
| 1405     | Liúntais speisialta do dhaoine faoi mhíchumas                             |                           |                     |   |                     |
| 15       | Oiliúint agus cúrsaí do bhaill foirne                                     | 70 000.00                 | 70 000.00           | 100 000.00  | 100 000.00          |
| 1501     | Oiliúint agus cúrsaí teanga do bhaill foirne                              | 70 000.00                 | 70 000.00           | 100 000.00  | 100 000.00          |
| 16       | Seirbhísí seachtracha   | 145 083.00                | 145 083.00          | 241 491.00  | 241 491.00          |
| 1601     | Seirbhísí eatramhacha   | 145 083.00                | 145 083.00          | 241 491.00  | 241 491.00          |
| 1602     | Seirbhísí seachtracha eile  |                           |                     |   |                     |
| 17       | Fáiltithe agus imeachtaí  | 5 000.00                  | 5 000.00            | 5 000.00  | 5 000.00            |
| 1701     | Costais Siamsaíochta agus Ionadaíochta                                    | 5 000.00                  | 5 000.00            | 5 000.00  | 5 000.00            |
| <b>2</b> | <b>Caiteachais bhonneagair agus oibriúcháin</b>                           | <b>1 956 000.00</b>       | <b>1 956 000.00</b> | <b>1 956 000.00</b>   | <b>1 956 000.00</b> |
| 20       | Foirgnimh ar cíos agus costais bhainteacha                                | 380 000.00                | 380 000.00          | 398 100.00  | 398 100.00          |
